TREOIRLÍNTE DO SCOILEANNA

# OIDEACHAS DIRCHÚLTÚRTHA

## SAN IARBHUNSCOIL

Ag cuidiú le mic léinn meas a bheith acu ar ilgnéitheacht agus í a cheiliúradh, ag cothú an chomhionannais agus ag troid i gcoinne na héagóra

# OIDEACHAS IDIRCHULTÚRTHA SAN IARBHUNSCOIL

## AG CUIDIÚ LE MIC LÉINN MEAS A BHEITH ACU AR ILGHNÉITHEACHT AGUS Í A CHEILIÚRADH, AG COTHÚ AN CHOMHIONANNAIS AGUS AG TROID I gCOINNE NA hÉAGÓRA

**Is mian leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta aitheantas a thabhairt d'obair an Dr. Roland Tormey agus an Ionaid Taighde ar Mhíbhuntáiste Oideachais, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach i bhforbairt na dTreoirlínte seo.**

**Tá cead ag scoileanna agus institiúidí oideachais eile ábhar na dtreoirlínte seo a chóipeáil do chúiseanna oideachais.**

# CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| RÉAMHRÁ | | i |
| CAIBIDIL 1 | Comhthéacs an Oideachais Idirchultúrtha | 1 |
| CAIBIDIL 2 | Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil | 13 |
| CAIBIDIL 3 | Pleanáil Scoile | 21 |
| CAIBIDIL 4 | Pleanáil Seomra Ranga | 35 |
| CAIBIDIL 5 | Oideachas Idirchultúrtha ar fud an Churaclaim | 49 |
| | 5.1 Pleanáil Théamach Chomhtháite | 50 |
| | 5.2 Deiseanna Oideachais Idirchultúrtha ar fud an Churaclaim | 62 |
| CAIBIDIL 6 | Modhanna agus Modheolaíochtaí | 79 |
| CAIBIDIL 7 | Measúnú agus Ilghnéitheacht Chultúrtha | 89 |
| CAIBIDIL 8 | Teanga agus Idirchultúrachas | 103 |
| GLUAIS | | 114 |
| LEABHARLIOSTA | | 116 |
| ACMHAINNÍ SHEOMRA RANGA | | 119 |

# RÁITIS ÁBHAIR

## OIDEACHAS IDIRCHULTÚRTHA AGUS AN IARBHUNSCOIL


| | |
|---|---|
| Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh | **62** |
| Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil | **64** |
| Béarla | **64** |
| Gaeilge | **66** |
| Tíreolaíocht | **66** |
| Stair | **67** |
| Eacnamaíocht Bhaile | **68** |
| Matamaitic | **69** |
| Nuatheangacha | **69** |
| Ceol | **70** |
| Corpoideachas | **72** |
| Oideachas Reiligiúin | **73** |
| Eolaíocht | **74** |
| Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte | **75** |
| Ábhair Teicneolaíochta | **76** |


Tá acmhainní breise, agus iniúchadh curaclaim san áireamh, do gach ábhar ina dtaispeántar deiseanna chun téamaí idirchultúrtha a fhiosrú agus ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca iniata agus ag **www.ncca.ie**.

# RÉAMHRÁ

**Education is therefore an education in freedom—freedom from inherited biases and narrow feelings and sentiments, as well as freedom to explore other cultures and perspectives and make one's own choices in full awareness of available and practicable alternatives.**

**(Bhikhu Parekh, 1986)**

### CAD IS OIDEACHAS IDIRCHULTÚRTHA ANN?

Go bunúsach, tá dhá fhócas ag oideachas idirchultúrtha:

- Oideachas is ea é a bhfuil meas aige ar normáltacht na hilghnéitheachta i ngnéithe uile de shaol an duine agus a dhéanann í a cheiliúradh agus a aithint. Cruthaíonn sé íogaireacht san fhoghlaimeoir maidir leis an smaoineamh go bhfuil réimse de bhealaí éagsúla beatha, nósanna agus dearcadh forbartha go nádúrtha ag daoine agus gur saibhre sinn ar fad de bharr an réimse leathan seo de shaol daonna.
- Oideachas is ea é a chothaíonn comhionannas agus cearta daonna, a throideann i gcoinne na héagóra agus a chothaíonn na luachanna ar a dtógtar an comhionannas.

Sintéis is ea an t-oideachas idirchultúrtha ar a bhfuil foghlamtha ó chur chuige oideachais ilchultúrtha agus cur chuige oideachais frithchiníoch a bhí in úsáid go coitianta go hidirnáisiúnta ó na 1960í go dtí na 1990í. Tá taithí fhada ag Éirinn ar ilghnéitheacht eitneach, chultúrtha, teangeolaíochta agus reiligiúin. Tá sé seo le sonrú, mar shampla, sa chaoi ina raibh páirt thábhachtach ag an dátheangachas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i saol na hÉireann agus freisin sa staid bunaithe atá ag an Lucht Siúil agus mionlaigh reiligiúin. Le blianta beaga anuas cuireadh leis an ilghnéitheacht seo le hinimirce. Baineadh úsáid as focail éagsúla ar nós 'ilchultúrtha' agus 'idirchultúrtha' le blianta beaga anuas le cur síos a dhéanamh ar na hathruithe atá ag tarlú i sochaí na hÉireann. Tá tuairim an 'chultúir' i gcoiteann acu uilig. Tugann an dá théarma seo cur síos ar staid ina bhfuil níos mó ná cultúr amháin i dtír. Cé go n-úsáidtear an téarma 'ilchultúrachas' uaireanta le cur síos a dhéanamh ar shochaí ina bhfuil cultúir éagsúla ag maireachtáil

taobh lena chéile gan mórán teagmhála, léiríonn an téarma 'idirchultúrachas' an tuairim go ndéantar sinn ar fad a shaibhriú go pearsanta mar thoradh ar theagmháil le cultúir eile agus taithí orthu, agus gur féidir le daoine ó chultúir éagsúla teagmháil a dhéanamh lena chéile agus foghlaim óna chéile, agus gur chóir é sin a dhéanamh.

Ní hamháin gur scáthán ar an sochaí is ea an t-oideachas, ach tá tionchar aige ar fhorbairt na sochaí. Mar sin, tá scoileanna i measc na n-institiúidí a bhfuil ról acu i bhforbairt na sochaí idirchultúrtha. Cé nach féidir an fhreagracht iomlán a bheith ag an oideachas as troid i gcoinne an chiníochais agus cumas idirchultúrtha a chothú, tá páirt thábhachtach aige i gcothú fhorbairt scileanna, meonta, luachanna agus eolas idirchultúrtha. Tá oideachas idirchultúrtha luachmhar do mhic léinn uilig chun iad a ullmhú le páirt a ghlacadh in Éirinn, san Eoraip agus sa tsochaí domhanda atá de shíor ag athrú. Ar an gcaoi chéanna, dá mbeadh fócas teoranta cultúrtha ag oideachas, is lú an seans go bhforbrófar na cumais seo i mic léinn.

I *Treoirlínte ar Oideachas don Lucht Siúil i Scoileanna Dara Leibhéal*, (lgh.20-21) tá sé sainithe ag An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002) go bhfuil sé d'aidhm ag oideachas idirchultúrtha

- coinníollacha a chothú a chuideoidh le hiolrachas sa tsochaí
- méadú ar thuiscint dhaltaí ar a gcultúr féin agus iad a chur ar an eolas go bhfuil bealaí iompair eile agus córais eile luachanna ann
- meas a fhorbairt ar stíleanna maireachtála éagsúla sa chaoi is go mbeidh tuiscint agus meas ag daltaí ar a chéile
- tiomantas a chothú don chomhionannas
- cuidiú le daltaí roghanna oilte a dhéanamh maidir le nithe a bhaineann le claontacht agus leatrom, agus gníomhú dá réir
- meas agus tuiscint a bheith ann ar chosúlachtaí agus difríochtaí
- cuidiú leis na daltaí uilig labhairt ar a son féin agus a gcultúir agus stair a chur in iúl.

Seo a leanas cuid de shaintréithe an oideachais idirchultúrtha:

- Tá oideachas idirchultúrtha ann do mhic léinn ar fad, is cuma cén eitneachas lena mbaineann siad. Ó tharla go gcónaíonn ár mic léinn ar fad i dtír agus ar domhan atá de shíor ag fás ó thaobh na héagsúlachta de, caithfimid iad a ullmhú don domhan sin. Tá an t-oideachas idirchultúrtha ina ghné thábhachtach de thaithí oideachais gach mic léinn, bíodh an páiste ar scoil ina bhfuil ilghnéitheacht eitneach le sonrú, ar scoil atá mona-eitneach don chuid is mó, nó bíodh an páiste ag teacht ó chultúr atá ceannasach nó sa mhionlach.
- Tá oideachas idirchultúrtha ann do mhic léinn ar fad, is cuma cén aois atá acu. Tá sé tráthúil ag aois ar bith a aithint go bhfuil an ilghnéitheacht nádúrtha i ndaoine.
- Sainítear idirphlé agus scéal mar bhuneilimintí d'oideachas idirchultúrtha. Cé go bhfuil sé tábhachtach eolas cruinn a thabhairt do dhaoine óga agus agóid a dhéanamh i gcoinne steiréitíopaí agus míthuairimí, bíonn éifeacht níos mó ann ar an gcumas idirchultúrtha a thugtar dóibh má dhéantar é le plé oscailte a ligeann dóibh a gcuid smaointe, buarthaí agus tuairimí a léiriú, murab ionainn, agus a rá leo go lom cad atá 'ceart agus mícheart' le staid.
- Tarlaíonn oideachas idirchultúrtha go nádúrtha i 'gcuraclam folaithe' an domhain sóisialta agus físiúil ina fhoghlaimíonn an mac léinn. Cé gur féidir agus gur ghá tuairimí idirchultúrtha a chur san áireamh sa 'churaclam foirmeálta' a mhúintear, tá an-tábhacht leis na híomhánna,

teachtaireachtaí agus luachanna a thaispeántar tré chultúr na scoile freisin. Agus an curaclam folaithe á fhiosrú ba chóir a thuiscint gur féidir tábhacht a bheith leis an rud nach bhfuil ann chomh maith leis na nithe atá ann.
- Baineann oideachas idirchultúrtha le heitneacha agus cultúr, ní le dath an chraicinn. Bheadh oideachas idirchultúrtha ag plé mar an gcéanna le leatrom ar ghrúpaí mionlaigh bána ar nós daoine ó Oirthear na hEorpa nó an Lucht Siúil, nó ar ghrúpaí mionlaigh cultúrtha eile ar nós na ndaoine a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu.

## AIDHMEANNA NA dTREOIRLÍNTE

Tugann na treoirlínte seo cur síos ar na bealaí inar féidir oideachas idirchultúrtha a shníomh isteach sa churaclam in iarbhunscoileanna. Cé go ndíríonn na samplaí sna treoirlínte seo don chuid is mó ar ábhair don Teastas Sóisearach, baineann oideachas idirchultúrtha le hoideachas sa tsraith shinsearach oideachais freisin agus tá neart deiseanna ann le dearcadh idirchultúrtha a chur san áireamh laistigh de chláracha agus ábhair ar an tsraith shinsearach.

Tá sé d'aidhm ag na treoirlínte seo cuidiú le forbairt na hÉireann mar shochaí idirchultúrtha tré thuairim roinnte go bhfuil ilghnéitheacht teanga, chultúir agus eitneach luachmhar.

Tá sé d'aidhm acu cur le forbairt ar chumas coitianta agus ar fhreagracht atá ann cosaint a dhéanamh ar an gceart a bheith éagsúil agus maireachtáil saor ó leatrom.

Is iad seo a leanas sainaidhmeanna na dtreoirlínte

- tacú le haidhmeanna na gcuraclam iarbhunscoile i gcomhthéacs na hilghnéitheachta cultúrtha agus eitní atá ag fás, ar bhealach a mhéadóidh agus a shaibhreoidh an fhoghlaim do mhic léinn uilig agus an curaclam a dhéanamh a inrochtana agus is féidir do mhic léinn ó ghrúpaí mionlach eitneach
- freastal ar riachtanais churaclaim na mac léinn iarbhunscoile ar fad, cé acu an dtagann siad ón dtromlach nó ó ghrúpa mionlaigh eitnigh, a tharlaíonn i gcomhthéacs na hilghnéitheachta cultúrtha agus eitní atá ag fás
- cuidiú le scoileanna agus múinteoirí cultúr agus timpeallacht uileghabhálach a chruthú
- tuiscint a mhéadú laistigh de phobal an oideachais ar nithe a tharlaíonn mar thoradh ar ilghnéitheacht theangeolaíoch, chultúrtha agus eitneach in Éirinn
- forbhreathnú a thabhairt ar mheasúnú i gcomhthéacs idirchultúrtha.

## ÚSÁID A BHAINT AS NA TREOIRLÍNTE

Is é an pobal ar a bhfuil na treoirlínte dírithe ná iad siúd atá freagrach as oideachas iarbhunscoile agus a bhfuil suim acu ann. Baineann sé go díreach le múinteoirí, bainisteoirí scoile, foireann tacaíochta scoile agus lucht deartha polasaí. Táthar ag súil go dtabharfaidh na treoirlínte seo tacaíocht do mhúinteoirí, mar dhaoine aonair agus mar bhaill fhoirne, le timpeallacht níos cuimsithí a fhorbairt sa seomra ranga. Cuideoidh siad freisin le pleanáil scoile agus le forbairt ar pholasaí laistigh de scoileanna agus ar an gcaoi sin cuirfidh siad le forbairt ar chultúr scoile a chuireann fáilte roimh mhic léinn uilig agus a bhfuil meas agus tuiscint aige ar a gcuid riachtanas.

Scríobhtar na treoirlínte sa chaoi is gur féidir iad a úsáid ar bhealaí éagsúla. Léifidh roinnt daoine na treoirlínte ó chlúdach go clúdach. Do dhaoine eile, beidh sé níos úsáidí díriú ar dtús ar an gcaibidil ar leith a phléann an riachtanas is práinní dóibh siúd agus ina dhiaidh sin na caibidlí eile a léamh. Chun an dá bhealach seo a éascú, déantar athrá ar bhunsmaointe ar ócáidí ar fud na dtreoirlínte.

Tugann **caibidil a haon** faisnéis chúlra a chuireann an chuid eile de na treoirlínte i gcomhthéacs. Tugann sé cur síos ar raon agus nádúr na hilghnéitheachta cultúrtha, teangeolaíochta agus eitní in Éirinn na linne seo agus freisin tugann sé sainmhíniú ar théarmaí ar nós 'ciníochas' agus 'ciníochas institiúide'.

Tugann **caibidil a dó** cur síos ar phríomheilimintí an chur chuige idirchultúrtha ar oideachas.

Léiríonn **caibidil a trí** na bealaí inar chóir oideachas idirchultúrtha a chur san áireamh i bpleanáil scoile, forbairt pholasaí agus i múnlú thimpeallacht na scoile ina hiomláine. Aithníonn sé go bhfuil ról tábhachtach ag na baill ar fad i bpobal na scoile lena chinntiú go bhfuil éiteas idirchultúrtha laistigh den scoil.

Díríonn **caibidil a ceathair** aire ar an seomra ranga agus pleanáil seomra ranga. Fiosraíonn sé na bealaí inar féidir le timpeallacht shóisialta, fhisiciúil agus oideachais an tseomra ranga taithí idirchultúrtha a threisiú dos na mic léinn ar fad i scoil. Féachann sé freisin ar roghnú acmhainní agus ar an dóigh le fáilte a chur roimh mhac léinn ó chultúr eile.

Fiosraíonn **caibidil a cúig** comhtháthú na dtéamaí idirchultúrtha—féiniúlacht agus muintearas, cosúlacht agus difríocht, cearta agus freagrachtaí daonna, idirdhealú agus comhionannas, coimhlint agus réiteach coimhlinte thar raon d'ábhair don Teastas Sóisearach. Cé go mbaineanna na samplaí sna treoirlínte le hábhair sa Teastas Sóisearach, tá oideachas idirchultúrtha chomh tábhachtach agus chomh hoiriúnach le mic léinn sa **tsraith shinsearach**. Féach ar

an dlúthdhiosca iniata leis na Treoirlínte agus ar láithreán gréasáin na CNCM **www.ncca.ie** do shamplaí d'obair ranga ina bhfuil na téamaí idirchultúrtha san áireamh.

I **gcaibidil a sé** aithnítear agus tugtar cur síos ar na modhanna agus modheolaíochtaí atá feiliúnach don oideachas idirchultúrtha. Tugann sé leideanna praiticiúla freisin ar dhéileáil le hábhair conspóideacha sa seomra ranga.

Pléann **caibidil a seacht** le measúnú agus le hilghnéitheacht chultúrtha. Léiríonn sé na bealaí inar féidir le claontacht nó neamhiontaofacht a theacht ar bhealaí éagsúla measúnaithe i gcomhthéacs ilghnéitheach cultúrtha agus tugann sé treoir ar an mbealach inar féidir le múinteoirí réimse na n-uirlisí a úsáidtear do mheasúnú a leathnú.

Scrúdaíonn **caibidil a hocht** cruthú timpeallachta tacaíochta teanga d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus Béarla, agus tagairt ar leith do mhic léinn atá ag foghlaim teanga an oidis mar dhara teanga.

Cruthaíodh na treoirlínte seo le tacaíocht a thabhairt do bhaill uilig de phobal na scoile, lena n-áirítear múinteoirí, bainisteoirí scoileanna, foireann tacaíochta agus tuismitheoirí. Dá bhrí sin, pléann siad le réimse leathan d'ábhair, lena n-áirítear pleanáil scoile, pleanáil seomra ranga, measúnú agus an timpeallacht teanga.

Cé go ndíríonn na treoirlínte seo ar leatrom ar bhunús an eitneachais, is féidir cuid mhór de na buntuairimí a chur i bhfeidhm ar fhoirmeacha eile leatroim ar nós an ghnéasachais, an aoiseachais nó leatrom ar dhaoine ar mhíchumas.

In éineacht leis na *Treoirlínte ar Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil* seo tá *Treoirlínte ar Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil*. Tá an dá chnuasach de threoirlínte bunaithe ar na bunphrionsabail agus na téamaí céanna. Le chéile, cuireann siad comhthéacs ar fáil ina leanfaidh daoine óga ag forbairt chumais idirchultúrtha ar bhealach comhtháite de réir mar a aistríonn siad ón mbunoideachas go dtí iarbhunoideachas.

**" Tá tábhacht le hoideachas idirchultúrtha dos na mic léinn uilig le cuidiú leo páirt a ghlacadh in Éirinn, san Eoraip agus sa tsochaí domhanda..."**

# Comhthéacs an Oideachais Idirchultúrtha

# 1

# 1

# COMHTHÉACS AN OIDEACHAIS IDIRCHULTÚRTHA

**Dá mhéad daoine a bhíonn ar an imeall, is amhlaidh is laige an lár...is é ár leas uile meas a chothú ar an éagsúlacht agus í a cheiliúradh, anois agus feasta—Éire ina nglacfar go fial flaithiúil le traidisiúin agus le cultúir nua agus ina mbeidh a háit féin ag gach duine.**

**(An tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa, 24 Feabhra 2000.)**

Mar thoradh ar bhorradh san inimirce in Éirinn ó lár na 1990í, tá ábhar na hilghnéitheachta eitní agus cultúrtha tagtha chun tosaigh agus tá plé cothaithe air. Mar sin féin, ní féidir a mhaíomh gur le déanaí amháin atá ilghnéitheacht in Éirinn. Le fada anuas tá iliomad grúpaí eitneacha, teangeolaíochta agus creidimh ina gcuid de shochaí na hÉireann. Tá stair fhada d'ilghnéitheacht chultúrtha ag Éirinn a chruthaigh an tír atá ann anois. I gciall níos leithne, tá ról suntasach ag ballraíocht i bpobal Eorpach agus domhanda sa taithí atá ann de bheith id' Éireannach.

I gcomhthéacs na hilghnéitheachta, agus eolas ar ilghnéitheacht atá ag méadú, tá aird dírithe ar an idirdhealú, ach go háirithe an tidirdhealú ciníoch. Tá reachtaíocht agus polasaí oideachais i gcoinne an idirdhealaithe ann. Is toiscí iad seo ar fad sa chúlra ina bhfuil na treoirlínte seo ag feidhmiú.

## ILGHNÉITHEACHT EITNEACH AGUS CHULTÚRTHA IN ÉIRINN

Tá roinnt cúiseanna leis an bhfás in ilghnéitheacht eitneach agus chultúrtha in Éirinn le blianta beaga anuas, agus gluaiseacht mhéadaithe ó thíortha eile AE san áireamh (Tábla 2) maraon le méadú i líon na ndaoine atá ag lorg tearmainn (Tábla 4) agus i líon na ndaoine ar tugadh ceadúnais saothair dóibh (Tábla 3). Ní rud nua í seo, áfach: tá stair fhada d'ilghnéitheacht chultúrtha in Éirinn.

**Tábla 1: Áit ar rugadh daoine a chónaíonn de ghnáth in Éirinn i bhfigiúirí an Daonáirimh, 1991 agus 2002**

| Áit Bhreithe | 1991 | 2002 |
|---|---|---|
| Éire | 93.9 % | 89.6 % |
| Tuaisceart Éireann | 1.0 % | 1.3 % |
| An Bhreatain Mhór | 3.8 % | 5.1 % |
| Áit Eile san AE | 0.4 % | 0.9 % |
| SAM | 0.4 % | 0.6 % |
| Tíortha Eile | 0.6 % | 2.5 % |
| **Iomlán** | **100 %** | **100 %** |

**Tábla 2: Meastachán ar inimirce go hÉirinn de dhaoine ón AE**

| | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RA | 8,300 | 8,200 | 8,300 | 7,900 | 7,100 | 7,000 | 5,100 |
| Áit eile san AE | 5,000 | 5,500 | 5,800 | 6,800 | 7,100 | 5,800 | 6,100 |

Nóta: Tá líon suntasach sna staitisticí thuas nach inimircigh i gceart iad ach imircigh Éireannacha ag filleadh ón iasacht. B'é céatadán d'imircigh Éireannacha ag filleadh sa bhliain 1999 ná 55 faoin gcéad d'imircigh ar fad. Faoi láthair tá sé faoi bhun 40 faoin gcéad.

Mar shaoránaigh AE, tá cead ag Éireannaigh gluaiseacht go stáit eile san AE. Tá an cead céanna ag saoránaigh eile an AE, agus na deich dtír a tháinig isteach san AE i mí Bealtaine 2004 san áireamh, agus roghnaigh cuid mhór díobh cónaí agus obair in Éirinn. Ó Bealtaine 2004 go hAibreán 2005 tugadh Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PPS) do 85,114 daoine ó na ballstáit nua in Éirinn. Ní féidir linn a bheith cinnte go bhfuil na daoine seo ar fad ag obair in Éirinn ach bheadh sé i gceist ag tromlach na ndaoine a chuir isteach ar uimhreacha PPS dul ag obair. Chuidigh an ghluaiseacht seo thar teorainneacha na hEorpa le malartú cultúrtha idir thíortha na hEorpa agus thug sí deis do dhaoine na cosúlachtaí a bhaineann lenár bhféiniúlacht Eorpach a aithint.

Agus rath eacnamaíochta ann ag deireadh na 1990í agus tús na 2000í, bhí easnamh mór ann i margadh an tsaothair a raibh tionchar diúltach aige ar fhás eacnamaíochta. Ní raibh a dhóthain oibrithe ann ó thíortha AE chun riachtanais saothair na heacnamaíochta a shásamh. Mar thoradh air sin, eisíodh ceadúnais saothair do shaoránaigh ó thíortha lasmuigh den AE le poist ar leith a líonadh. Taobh amuigh de shaoránaigh AE ina gcónaí in Éirinn, tá líon suntasach d'oibrithe tagtha go hÉirinn ó thíortha ar nós na Rúise, na Rúmáine, na Filipíne, na hAfraice Theas agus na hÚcráine.

**Tábla 3: Imirce fostaíochta go gÉirinn ó thíortha lasmuigh den AE**

| | |
|---|---|
| **2000** | 18,000 ceadúnas saothair eisithe |
| **2001** | 36,000 ceadúnas saothair eisithe |
| **2002** | 40,000 ceadúnas saothair eisithe |
| **2003** | 47,551 ceadúnas saothair eisithe |
| **2004** | 34,067 ceadúnas saothair eisithe |

Grúpa eile d'inimircigh a tháinig go hÉirinn le déanaí is ea daoine atá ag lorg tearmainn. Tá an próiseas tearmainn ann le daoine a chosaint atá i gcontúirt na géarleanúna ina dtíortha féin. Chun daoine dá leithéid a chosaint, cuireadh an ceart chun tearmann a lorg isteach sa Dearbhú Domhanda ar Chearta Daonna. Tugtar teifigh orthu siúd a dtugtar tearmann dóibh. Tháinig méadú ar líon na ndaoine ag lorg tearmainn agus ar líon na dteifeach le linn na 1980í agus go luath sna 1990í. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, d'fhás líon na ndaoine ag lorg tearmainn ó 2,905 i 1984 go 22,005 i 1990 agus 44,845 i 1991. In Éirinn, ag an am céanna, is annamh a chuaigh líon na ndaoine ag lorg tearmainn thar 50. Sa bhliain 1991 bhí 31 díobh ann.

**Tábla 4: Iarratais ar Thearmann in Éirinn**

| Bliain | Iarratais |
|---|---|
| 1992 | 40 |
| 1993 | 90 |
| 1994 | 360 |
| 1995 | 420 |
| 1996 | 1,180 |
| 1997 | 3,880 |
| 1998 | 4,630 |
| 1999 | 7,720 |
| 2000 | 10,938 |
| 2001 | 10,325 |
| 2002 | 11,634 |
| 2003 | 7,900 |
| 2004 | 4,766 |

Le linn na 1990í déanacha tháinig sciar níos mó de na daoine ag lorg tearmainn go hÉirinn (Tábla 4). Tháinig na daoine seo ó thíortha ar nós na Nígéire, na Rúmáine, Phoblacht Moldova, na Polainne, Phoblacht Dhaonlathach Congo, Chónaidhm na Rúise, na hAilgéire agus na hÚcráine. Chomh maith leis na daoine a lorg tearmann in Éirinn, ag amanna éagsúla, tá fáilte curtha ag rialtas na hÉireann roimh ghrúpaí de dhaoine a bhí ag teitheadh ó ghéarleanúint, ar nós na ndaoine ó iarstáit na hIúgslaive ar nós Bosnia-Herzegovina nuair a bhí cinedhíothú ann sa tír sin nó, níos déanaí, iad siúd a bhí ag teitheadh ó ghéarleanúint i Kosovo. Tugadh na Teifigh Chláir orthu seo agus ní raibh orthu dul tríd an córas tearmainn. Le blianta beaga anuas tá laghdú ag teacht ar líon na ndaoine ag lorg tearmainn in Éirinn.

Ní leor liosta de na daoine seo agus na tíortha óna dtagann siad mar léiriú ar fhírinne na hilghnéitheachta cultúrtha, a bhfuil na hinimircigh seo mar ionadaithe uirthi. I dtír ar nós na Nígéire, mar shampla, tá trí phríomhghrúpa eitneach ann agus, b'fhéidir, níos mó ná 240 mionteangacha agus grúpaí eitneacha. Is féidir éagsúlacht mar seo a bheith ann i dtíortha eile freisin.

Cé go bhfuil níos mó eolais anois ann ar ilghnéitheacht chultúrtha mar thoradh ar an imirce seo, d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil éagsúlacht chultúrtha ann in Éirinn le fada an lá. Ceann de na grúpaí mionlach eitneach is mó in Éirinn is ea Lucht Siúil na hÉireann. Tá thart ar 25,000 den Lucht Siúil in Éirinn, 15,000 eile de Lucht Siúil na hÉireann ina gcónaí sa RA agus 10,000 ina gcónaí sna Stáit Aontaithe. Aithníonn tuairisc Rialtas na hÉireann i 1995, *Report of the Task Force on the Travelling Community*, gur grúpa eitneach ar leith in Éirinn iad an Lucht Siúil, ach admhaíonn sé freisin nár tugadh aitheantas iomlán don fhírinne seo go minic.

It is clear that the Traveller community's culture is distinct and different. 'Settled' people generally recognise the difference but fail to understand it as cultural difference. This is a phenomenon, characteristic of many societies, where the majority cultúr sees itself as holding a universal validity or norm in relation to values, meanings and identity.

Tá ilghnéitheacht teanga in Éirinn le fada freisin agus dhá theanga oifigiúil ann, Gaeilge agus Béarla. Tá teangacha dúchais eile ann ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear Ultais, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Gammon nó Cant (teanga stairiúil in aithne agus in úsáid ag Lucht Siúil na hÉireann). Le fírinne, mar atá in an-chuid sochaí ar fud an domhain, tá tréithe an dátheangachais le sonrú in Éirinn. Thaispeáin Daonáireamh na bliana 1996 go raibh Gaeilge ag 43 faoin gcéad de phobal na hÉireann, chomh maith le Béarla. Sa Ghaeltacht, ardaíonn an figiúr seo go 76 faoin gcéad. Ar bhonn náisiúnta, baineann ceathrú díobh sin a labhraíonn Gaeilge úsáid aisti ar bhonn laethúil. Ardaíonn an figiúr seo go 60 faoin gcéad sa Ghaeltacht. Do dhaoine áirithe, is í an Ghaeilge an chéad teanga (agus Béarla mar dhara teanga de ghnáth). Do dhaoine eile, is í an dara theanga í, a fhoghlaimítear chomh maith leis

an dteanga dhúchais. Léiríonn sé seo castacht agus ilghnéitheacht na timpeallachta teangeolaíochta in Éirinn, agus in oideachas na hÉireann freisin. Tá ról tábhachtach ag Gaeilge agus Béarla araon i bhféiniúlacht agus i sochaí na hÉireann, agus caithfidh mic léinn staidéar a dhéanamh ar an dá theanga agus an sraith shinsearach á leanúint acu.

Gné eile de shochaí na hÉireann is ea ilghnéitheacht reiligiúnda. Léiríonn Daonáireamh 2002 go mbaineann breis agus 11% den daonra le mionlaigh reiligiúin. In éineacht le 3.4 milliún Caitliceach sa stát, bhí breis agus 200,000 duine a dúirt nach raibh reiligiún acu nó nár luaigh reiligiún, agus breis agus 115,600 duine a thug cur síos ar a reiligiún mar Eaglais na hÉireann nó Protastúnach. Tá thart ar 20,000 ina bPreisbitéirigh agus an líon céanna ina Moslamaigh agus breis agus 10,000 san Eaglais Cheartchreidmheach. Grúpaí reiligiúin suntasacha eile in Éirinn is ea Giúdaigh agus Finnéithe Iáivé. Cé gur athraigh cruth reiligiúin na hÉireann thar na blianta, tá ilghnéitheacht shuntasach reiligiúin in Éirinn le fada. Le fírinne, san am atá thart bheadh líon níos mó ann de dhaonra Protastúnach agus Giúdach in Éirinn ná mar atá le déanaí.

Laistigh den tromlach eitneach, fiú (cé go dtugtar an téarma 'eitneach' go minic ar mhionlaigh, tá eitneachas ag gach aon duine) tá ilghnéitheacht shuntasach i slí maireachtála, luachanna agus creidimh. Léiríonn staidéar a deineadh ar thuairimí agus luachanna Éireannacha go bhfuil difríochtaí suntasacha idir lucht na cathrach agus lucht na tuaithe, chomh maith le difríochtaí thar aoiseanna, leibhéal oideachais agus aicmí sóisialta. Léiríonn sé seo, fiú muna gcuirtear mionlaigh eitneacha san áireamh, go bhfuil ilghnéitheacht an-mhór ann sa ghinearálú ar a dtugtar cultúr na hÉireann. Cuid lárnach de shaol na hÉireann is ea ilghnéitheacht sa bhia, sa cheol, creideamh, teanga, luachanna, eitneachas agus, níos mó agus níos mó, dath an chraicinn. Bíonn ról acu uilig sa mheascán saibhir atá ann sa Ghaelachas.

Ar an gcaoi seo, is íomhá í Éire ar an tír a bhí ann ag amanna éagsúla sna blianta a chuaigh romhainn. Is ón ilghnéitheacht a cruthaíodh an tír, ó sruthanna inimirce lena n-áirítear na Ceilt, na Lochlannaigh, na Normannaigh, na Sasanaigh, na hAlbanaigh agus na Huguenots, rud a fheictear in ilghnéitheacht fhoinsí na sloinnte atá coitianta in Éirinn. Léirigh an drámadóir Éireannach a bhuaigh Duais Nobel, George Bernard Shaw, é seo nuair a scríobh sé, "I am a genuine typical Irishman of the Danish, Norman, Cromwellian and (of course) Scotch invasions".

## CINÍOCHAS IN ÉIRINN

Tugann taighdeoirí áirithe le fios go bhfuil tuairim traidisiúnta de Ghaelachas—ceann nach n-aithníonn an ilghnéitheacht chultúrtha agus eitneach atá ann le fada in Éirinn—ina chúis go measann an-chuid daoine Éireannacha ó mhionlaigh go bhfuil siad á gcoinneáil amach. Ar an mbealach céanna, mar thoradh ar an dtuairim gurb ionainn 'Éireannach' agus 'socraithe', is beag freastal a deineadh ar na tréithe suntasacha de chultúr an Lucht Siúil i sochaí na hÉireann. Is féidir breathnú orthu seo mar léiriú ar chiníochas i sochaí na hÉireann.

### UNESCO Declaration on Race and Racial Prejudice

**Article 2:2**—Racism includes racist ideologies, prejudiced attitudes, discriminatory behaviour, structural arrangements and institutionalised practices resulting in racial inequality as well as the fallacious notion that discriminatory relations between groups are morally justifiable; it is reflected in discriminatory provisions in legislation or regulations and discriminatory practices as well as in anti-social beliefs and acts...

**UN International Convention on the Elimination of All Forms of Racial Discrimination**

**Article 1**—"racial discrimination" shall mean any distinction, exclusion, restriction or preference based on race, colour, descent, or national or ethnic origin which has the purpose or effect of nullifying or impairing the recognition, enjoyment or exercise, on an equal footing, of human rights and fundamental freedoms in the political, economic, social, cultural or any other field of public life.

Cuirtear uaschamóga ar an dtéarma 'cine' gach uair a bhaintear úsáid as anseo (ach amháin in athfhriotail) toisc go bhfuil sé soiléir anois, mar thoradh ar thaighde eolaíochta, nach bhfuil aon bhunús géiniteach nó eolaíoch leis an dtéarma, cé go mbaintear úsáid go coitianta as an dtéarma le cur síos a dhéanamh ar ghrúpaí de dhaoine a mheastar a bheith scartha ó thaobh na bitheolaíochta de.

Tá an ciníochas ar cheann d'fhoirmeacha idirdhealaithe atá ann i sochaithe an lae inniu. Tá cinn eile ann: gnéasachas, aoiseachas agus idirdhealú ar bhunús mhíchumais san áireamh. Tá rialacha, cleachtais, meonta agus creidimh i gceist iontu ar fad a bhfuil sé de thionchar acu cearta agus saoirse bhunúsach a cheilt ar dhaoine. In ainneoin na cosúlachtaí mar leaganacha idirdhealaithe, uaireanta breathnaítear go mícheart ar chiníochas mar leagan níos measa den idirdhealú, b'fhéidir toisc go mbaineann sé le foréigean, cinedhíothú nó "coir fuath". Nuair a úsáidtear an téarma ciníochas i gceart tá impleachtaí i bhfad níos leithne aige ná an fócas caol a shamhlaítear le fuath nó foréigean 'ciníoch'. Clúdaíonn sé réimse de *mheonta nó creidimh* ar an dtaobh amháin agus *cleachtais nó rialacha* ar an dtaobh eile. Ciallaíonn sé seo go bhfuil nithe san áireamh sa téarma 'ciníochas' nach samhlófaí do an-chuid daoine ag an gcéad-amharc.

- Tá *meon nó creideamh* chiníoch má chuireann sé in iúl go bhfuil grúpaí áirithe níos fearr nó níos measa ná grúpaí eile bunaithe ar 'chine', dath, ginealach nó bunús náisiúnta nó eitneach. D'fhéadfadh a bheith san áireamh anseo an creideamh go bhfuil grúpaí áirithe (mar shampla, cultúir an Lucht Siúil, na hÁise nó an Mheán-Oirthir) níos bunúsaí nó go bhfuil bunluach níos ísle ach ná cinn eile.
- Séard is *cleachtas nó riail chiníoch* ann ná ceann a scarann, a fhágann amach, a choscann nó is cúis le tosaíocht bunaithe ar 'chine', dath, ginealach nó bunús náisiúnta nó eitneach. Mar thoradh ar chleachtais agus rialacha ciníocha tá sé níos deacra do bhaill de ghrúpaí áirithe cearta daonna, deiseanna agus seansanna saoil a bhfuil siad i dteideal a fháil a bhaint amach. Is féidir go mbeadh cleachtais agus rialacha ciníocha ag *daoine aonair* (mar shampla le masla, graffiti ciníoch, daoine a eisiamh nó foréigean a úsáid ina gcoinne), nó ag *institiúidí* (mar shampla, le cur i bhfeidhm rialacha nó rialacháin nach gcuireann éagsúlacht chultúrtha san áireamh).

Léirítear na tréithe seo de chiníochas i bhFigiúir 1.

## MEONTA NÓ CREIDIMH CHINÍOCHA

Fuair staidéir a deineadh in Éirinn ó na 1980í ar aghaidh go bhfuil mionlach suntasach ann a raibh meonta naimhdeacha acu. Ina staidéar *Prejudice and Tolerance in Ireland* fuair Micheál Mac Gréil amach ag deireadh na 1980í go raibh mionlach suntasach de mhuintir na hÉireann a léirigh tuairimí ciníocha:

- dúirt 16.7 % dá shampla náisiúnta nach bhféadfadh daoine dubha riamh a bheith chomh maith le muintir na hÉireann de bharr a mbunús.

- chreid 10.8% nach raibh daoine dubha chomh maith le daoine geala.
- ní chuirfeadh ach 13.5% fáilte roimh duine den Lucht Siúil sa chlann trí phósadh agus ní cuirfeadh 59% fáilte roimh an Lucht Siúil mar chomharsana béal dorais.
- nuair a fiafraíodh díobh an mbeadh fáilte isteach sa chlann roimh duine Meiriceánach, dúirt 78.6% go bhfáilteoidís roimh Mheiriceánach geal cé nach bhfáilteodh ach 26.2% roimh Mheiriceánach dubh.
- dúirt 95.6% go mbeadh Meiriceánaigh gheala acu mar chomharsana béal dorais, ach ní dúirt ach 59% go gcuirfidís fáilte roimh Mheiriceánaigh dhubha ar an mbealach céanna.

Fuair staidéar *Eurobarometer* sa bhliain 2000 na nithe seo amach faoi Éirinn:

- bhí dearcadh an-diúltach ag 13% den sampla ionadaíoch náisiúnta maidir le mionlaigh
- tacaíonn 24% le dlí i gcoinne idirdhealú mionlach (an figiúr is ísle san Aontas Eorpach)
- tacaíonn 31% le comhionannas a chothú ag gach leibhéal den saol sóisialta (arís, an figiúr is ísle san Aontas Eorpach)
- tá muintir na hÉireann níos sásta fáilte a chur roimh Mhuslamaigh agus daoine ó oirthear agus lár na hEorpa ná mar atá saoránaigh eile de chuid an AE, ach cuireann siad níos lú fáilte roimh dhaoine atá ag teitheadh ó mhíúsáid cearta daonna nó ó chomhrac
- ní mheasann ach 32% de dhaoine Éireannacha go saibhríonn mionlaigh ár saol cultúrtha i gcomparáid le 50% de shaoránaigh AE ar deineadh suirbhé orthu.

Fuair staidéir a deineadh le déanaí go nascann roinnt daltaí scoile daoine dubha le híomhánna de bhochtanas, cogadh agus laige a bhfuil taithí acu orthú ó phictiúir agus scéalta ón Afraic a úsáidtear go coitianta in Éirinn. Cé gur féidir meonta mar seo a léiriú le smaointe ar charthanacht agus cúnamh, is féidir iad a thuiscint mar mheonta ciníocha, má tá siad bunaithe ar thuairim nach bhfuil cultúir na hAfraice chomh maith le cultúir an Iarthair.

**FIGIÚR 1**

**Cad atá i gceist againn le ciníochas?**

**Creideamh**

> go bhfuil cultúr amháin níos fearr nó níos measa ná ceann eile
> go bhfuil cultúr amháin tútach nó gan luach.

**Cleachtais lena n-áirítear**

> daoine a sheachaint
> maslú
> graffiti
> foréigean.




**Is féidir leatrom indíreach a bheith ann, mar shampla, ar na bealaí seo**

> critéir iontrála nach ndéanann soláthar do shlí beatha fáin
> úsáid neamhidirdhealaitheach de thrialacha caighdeánaithe ar mhionlaigh eitneacha nach bhfuil caighdeánaithe don ghrúpa eitneach sin
> soláthar seirbhíse a fhorbairt ar bhealach nach léiríonn ach cultúr agus féiniúlacht an tromlaigh
> easpa gnímh dearfach chun comhionannas a chothú
> easpa scileanna nó oiliúna i bplé leis an ilghnéitheacht san eagras
> easpa ar bhailiú faisnéise ar thionchar pholasaithe ar mhionlaigh
> easpa áiseanna do chomhairle agus éisteacht le mionlaigh.

## CLEACHTAIS CHINÍOCHA AG DAOINE AONAIR

Ta fianaise ar chleachtais ciníocha ag daoine aonair i staidéir ar thaithí mionlach eitneach in Éirinn. I suirbhé a rinne Amnesty International sa bhliain 2001 ar mhionlaigh eitneacha Éirinn, luaigh 78 faoin gcéad de bhreis agus 600 a d'fhreagair go raibh siad thíos le ciníochas, níos minice in áiteanna poiblí ar nós na sráide, nó i siopaí nó tithe tábhairne, agus d'aontaigh breis agus 80 faoin gcéad den sampla gur fadhb thromchúiseach é an ciníochas in Éirinn na linne seo.

Sa bhliain 1995, dúirt Tascfhórsa an Rialtais ar an Lucht Siúil:

Discrimination at the individual level is most common when a Traveller seeks access to any of a range of goods, services and facilities, to which access is denied purely on the basis of their identity as Travellers. Examples abound of public houses refusing to serve Travellers, hotels refusing to book Traveller weddings, bingo halls barring Traveller women, leisure facilities barring access to Travellers, and insurance companies refusing to provide motor insurance cover. This experience can also include physical and verbal attacks and intimidation. (pp 70-80).

### CLEACHTAIS CHINÍOCHA AG INSTITIÚIDÍ

Cé gur minic gurb iad cleachtais agus meonta ciníocha aonair an fhoirm is soiléire de chiníochas, tá foirmeacha eile ann. Baintear úsáid as an dtéarma ciníochas institiúide le cur síos ar chiníochas i bhfoirm forálacha idirdhealaitheacha i reachtaíocht, rialacháin nó cleachtais fhoirmeálta eile. Tá na nithe seo a leanas san áireamh:

- idirdhealú indíreach
- easpa gnímh dearfach chun comhionannas a chothú
- easpa scileanna nó oiliúna i bplé leis an ilghnéitheacht san eagras
- easpa ar bhailiú faisnéise ar thionchar pholasaithe ar mhionlaigh
- easpa áiseanna do chomhairle agus éisteacht le mionlaigh.

Tarlaíonn ciníochas indíreach agus cineálacha eile idirdhealaithe indírigh nuair a bhíonn tionchar idirdhealaitheach ag cleachtais nó polasaithe, ainneoin nach bhfuil an cuma sin orthu. Is féidir go dtarlódh sé freisin nuair atá droch-thionchar ar ghrúpa nó aicme de dhaoine ag riachtanas a bhfuil cuma neamhidirdhealaitheach air. Mar shampla, má tá scoil ann a bhfuil ró-éileamh uirthi, a thugann tús áite do pháistí a bhfuil deartháireacha nó deirfiúracha acu sa scoil cheana, is dócha go mbeidh clanna taistil a bhogann isteach agus amach as an gceantar thíos leis. Cé nach raibh sé i gceist líon na bpáistí Lucht Siúil a laghdú, beidh an tionchar seo ag an gcleachtas seo. Laghdódh cleachtas den sórt seo líon na bpáistí inimirceacha sa scoil freisin. Sainítear cleachtais den sórt seo mar chiníochas indíreach.

Is féidir ciníochas indíreach a fháil nuair a chuirtear critéir nach bhfuil cuí go cultúrtha i bhfeidhm i rialacha nó rialacháin. Mar shampla, má éilíonn critéir iontrála do chumann, club nó scoil go mbeadh daoine ina gcónaí i gceantar, d'fhéadfadh idirdhealú a bheith ann ar chlann taistil. Mar shampla, má chuirtear eolas nó seirbhísí ar fáil ar bhealach a ghlacann leis go mbeidh líofacht ag gach duine i dteanga an tromlaigh, is féidir idirdhealú a bheith ann orthu siúd a bhfuil deacracht acu leis an dteanga sin. Mura ndéantar trialú clinice nó agallamh ach i dteanga an tromlaigh nó ar bhealach a léiríonn cultúr an tromlaigh, nó ag baint úsáide as critéirí a bhaineann leis an dtromlach, is féidir cinntí bréagacha a dhéanamh maidir le baill de mhionlaigh.

### IDIRDHEALÚ AGUS IDIRCHULTÚRACHAS SA DLÍ AGUS I bPOLASAÍ

Le blianta beaga anuas d'oibrigh Rialtas na hÉireann le ciníochas a throid agus le cleachtais idirchultúrtha a chothú in Éirinn. Chuige sin, tá reachtaíocht agus tionscnaimh tugtha isteach aige. Rinne siad seo

- creatlach a sholáthar do dhaoine le troid i gcoinne an chiníochais agus an idirdhealaithe in Éirinn thar réimse de chúinsí
- comhionannas agus idirchultúrachas a chothú trí oideachas agus feasacht an phobail.

Tá Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (NAPR) forbartha ag an Rialtas. Gealltanas tábhachtach a bhí anseo, a d'eascair as an gComhdháil Domhanda i gcoinne an Chiníochais, a reachtaíodh i Durban, san Afraic Theas, sa bhliain 2001. Beidh plean gníomhaíochta oideachais i gcoinne an chiníochais san áireamh ann.

Tá creatlach do dhaoine le troid i gcoinne an idirdhealaithe ar fáil sa reachtaíocht ar nós an Achta um Chomhionannas Fostaíochta (1998) agus an tAcht um Stádas Comhionann (2000). Faoi réir na reachtaíochta seo tá cosc dlí ar idirdhealú i bhfostaíocht, oiliúint gairme, fógraíocht,

comhaontuithe comhchoitianta, soláthar earraí agus seirbhísí agus deiseanna eile a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu go ginearálta, má tharlaíonn an t-idirdhealú ar aon cheann de naoi gcúinsí. Is iad seo na cúinsí: gnéas, stádas pósta, stádas clainne (páistí a bheith agat nó a bheith i do chúramóir), aois (idir 18 agus 65), míchumas, cine, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnda, ballraíocht den Lucht Siúil.

Tá iarracht déanta ag cuid mhór de chreatlach polasaí na hÉireann ar oideachas comhionannas agus idirchultúrthacht a chothú trí oideachas. Dearbhaíonn an *Páipéar Bán ar Oideachas—Charting our Education Future* a foilsíodh sa bhliain 1995 go bhfuil comhionannas agus iolrachas mar bhunchlocha ar pholasaí an oideachais. Deir sé freisin 'Éilíonn carachtar daonlathach na sochaí seo go gcuimseodh an t-oideachas éagsúlacht thraidisiún, creideamh agus luachanna a dhaoine'. Dearbhaítear na prionsabail seo freisin i gcuraclaim scoile. Aithníonn Curaclam na Bunscoile ilghnéitheacht chreidimh, luachanna agus aidhmeanna na ngrúpaí reiligiúin agus cultúrtha uilig i sochaí na hEireann agus admhaíonn sé go bhfuil dualgas aige 'ceadú agus meas don ilghnéitheacht a chothú sa scoil agus sa phobal araon'. Déantar é seo a athrá in aidhmeanna agus prionsabail an oideachais don Teastas Sóisearach a deir

Tá sé d'aidhm ag an Teastas Sóisearach

- cuidiú le forbairt mhórálta agus spioradálta an duine óig agus meas agus fulaingt a fhorbairt do luachanna agus creideamh dhaoine eile
- an duine óg a ullmhú do fhreagrachtaí na saorántachta sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs an phobail Eorpaigh agus domhanda.

# COMHTHÉACS AN OIDEACHAIS IDIRCHULTÚRTHA

Sna *Treoirlínte ar Oideachas don Lucht Siúil i Scoileanna Dara Leibhéal*, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain 2002, tá béim freisin ar thábhacht an idirchultúrachais laistigh den scoil. Leagann siad béim ar an dá eilimint **d'oideachas idirchultúrtha**, tuiscint ar ilghnéitheacht agus troid i gcoinne an neamhcomhionannais.

> An intercultural approach is important within the curriculum in order to help students to develop the ability to recognise inequality, injustice, racism, prejudice and bias and to equip them to challenge and to try to change these manifestations when they encounter them. Young people should be enabled to appreciate the richness of a diversity of cultures and be supported in practical ways to recognise and to challenge prejudice and discrimination where they exist. (p. 20).

Ta páistí ar fad i dteideal oideachas bunscoile agus iarbhunscoile a fháil saor in aisce, is cuma cén tír inar rugadh iad nó na cúiseanna a bhfuil siad in Éirinn. Tá ar gach páiste freastal ar scoil ón aois 6 go 16, nó go dtí go mbíonn trí bliana d'oideachas iarbhunscoile críochnaithe, cibé is déanaí. Ní dhéanann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta **idirdhealú** idir pháistí 'náisiúnta' agus 'eachtrannach'.

Tá an t-oideachas idirchultúrtha ar cheann de phríomhfhreagraí don chruth ar shochaí na hÉireann atá de shíor ag athrú agus do chiníochas agus meonta idirdhealaithe in Éirinn. Mar chur chuige, eascraíonn sé go nádúrtha as polasaí oideachais atá ann cheana agus tá sé ag teacht le reachtaíocht agus tionscnaimh eile comhionannais.

# Oideachas Idirchultúrtha san Iarbhunscoil

# 2

2

# OIDEACHAS IDIRCHULTÚRTHA SAN IARBHUNSCOIL

**Tá sé mar aidhm ghinearálta ag an oideachas cuidiú le forbairt ar ghnéithe uilig an duine aonair, lena n-áirítear forbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, critice, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhórálta, fhisiciúil, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, do shaol pearsanta agus clainne, do shaol oibre, do chónaí sa phobal agus d'fhóillíocht.**

**(Aidhmeanna an Teastais Sóisearaigh mar atá ráite ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta).**

Más í príomhaidhm an oideachais daoine a ullmhú do chónaí i ndomhan an lae inniu tá oideachas idirchultúrtha riachtanach don phróiseas sin. Ní ábhar eile é an t-oideachas idirchultúrtha le cur leis an gcuraclam, ná níl ábhar eile ann le clúdach. Is cur chuige é don oideachas ar féidir a chomhtháthú sna réimsí uilig d'ábhair. Léiríonn Caibidil 5 conas cur chuige mar sin a ghlacadh i réimse d'ábhair. Mar sin féin tá sé tábhachtach a rá go bhfuil deiseanna ann do mhúinteoirí uilig an t-eolas, na luachanna agus na scileanna a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha a chothú de bharr a gcuid idirghníomhaíochtaí le mic léinn laistigh d'am foirmeálta ranga agus go neamhfhoirmeálta araon.

Tá sé d'aidhm ag an Teastas Sóisearach

- cuidiú le forbairt mhórálta agus spioradálta an duine óig agus meas agus fulaingt a fhorbairt do luachanna agus creideamh dhaoine eile
- an duine óg a ullmhú do fhreagrachtaí na saorántachta sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs an phobail Eorpaigh agus domhanda.

Tá macalla de seo sa ráiteas ar aidhmeanna an oideachais sa tsraith shinsearach:

> Is í aidhm bhunúsach an oideachais sa tSraith Shinsearach ná daoine a cheadú agus a ullmhú chun an saol a chaitheamh don chumas is airde laistigh de shochaí daonlathach.
> **(Oideachas sa tSraith Shinsearach a Fhorbairt, CNCM, 2003, p.37).**

Ceann de shainaidhmeanna an oideachais sa timthriall tsraith shinsearach is ea

- oideachas a sholáthar do shaoránacht rannpháirtíoch ag leibhéil áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda.

Bealach amháin is ea an t-oideachas idirchultúrtha inar féidir le scoil soláthar a dhéanamh chun na haidhmeanna seo a bhaint amach.

Is féidir leis freisin cuidiú agus tacú le pleanáil forbartha scoile agus is féidir leis cuidiú le forbairt chultúr scoile atá oscailte, dearfach, uileghabhálach agus mothálach do mhianta na mac léinn uilig.

Caithfear na treoirlínte seo d'iarbhunscoileanna a fheiceáil i gcomhthéacs phróisis níos faide. Tá treoirlínte cruthaithe freisin do bhunscoileanna agus táthar ag súil go dtacóidh an dá chnuasach de threoirlínte lena chéile chun clár uileghabhálach de smaointe a sholáthar do mhúinteoirí chun dearcadh idirchultúrtha a thabhairt do thaithí iomlán foghlama an mhic léinn. Tugann an caibidil seo cuid de na tréithe a bhaineann le deachleachtas an lae inniu san oideachas idirchultúrtha.

## TRÉITHE AN OIDEACHAIS IDIRCHULTÚRTHA

Pléitear na seacht dtréithe seo a leanas d'oideachas idirchultúrtha sa chaibidil seo:

- Tá oideachas idirchultúrtha ann do pháistí uilig
- Tá oideachas idirchultúrtha neadaithe in eolas agus tuiscint, scileanna agus cumais, agus meonta agus luachanna
- Tá oideachas idirchultúrtha comhtháite leis na hábhair uilig agus le saol ginearálta na scoile
- Tá fócas saol-nithiúil de dhíth ar oideachas idirchultúrtha
- Tá teanga lárnach chun cumais agus acmhainní a fhorbairt
- Tógann oideachas idirchultúrtha am
- An scoil mar shamhail ar dheachleachtas.

## TÁ OIDEACHAS IDIRCHULTÚRTHA ANN DO CHÁCH

Tá oideachas idirchultúrtha bunaithe ar an aidhm ghinearálta cuidiú leis an mac léinn forbairt mar dhuine sóisialta tré mheas agus chomhoibriú le daoine eile, agus cuidiú le maitheas na sochaí dá bharr. Cabhraíonn oideachas idirchultúrtha leis na mic léinn uilig inár scoileanna, is cuma cén dath nó eitneachas atá acu, toisc go bhfuil gá le mic léinn ar fad foghlaim conas cónaí laistigh den tsochaí agus cuidiú le héabhlóid na sochaí ilchultúrtha.

Már atá ráite ag Tuairisc Rampton sa RA:

> A 'good' education cannot be based on one culture only, and … where ethnic minorities form a permanent and integral part of the population, we do not believe that education should seek to iron out the differences between cultures, nor attempt to draw everyone into the dominant culture.

Tá cultúr agus eitneachas ag gach mac léinn. Is gá go bhfoghlaimeoidís luach a gcultúr agus eitneachas féin chun féin-mheas agus féiniúlacht a chothú. Cuidíonn oideachas idirchultúrtha leis na mic léinn ar fad luach a chur ar a n-oidhreacht féin agus oidhreacht dhaoine eile.

Tá na nithe seo a leanas i measc na mbuntáistí a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha:

- Spreagann sé fiosracht faoi éagsúlacht chultúrtha agus shóisialta.
- Cuidíonn sé le samhlaíocht na ndaoine óga a fhorbairt tré éagsúlacht a normalú.
- Cuidíonn sé le smaoineamh criticiúil a

fhorbairt tré chuidiú le daoine dearcadh ar a gcleachtais chultúrtha féin agus iad a cheistiú.
- Cuidíonn sé le híogaireacht a fhorbairt sa mhac léinn.
- Cuidíonn sé le ciníochas a chosaint.

**Tá oideachas idirchultúrtha neadaithe in eolas agus tuiscint, scileanna agus cumais, agus meonta agus luachanna**

Tá sé mar aidhm ghinearálta ag an oideachas cuidiú le forbairt ar ghnéithe uilig an duine aonair, lena n-áirítear forbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, critice, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhórálta, fhisiciúil, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta. Tá oideachas idirchultúrtha bunaithe ar an bhfís seo, agus déantar cur síos air sna treoirlínte seo faoi theidil eolais agus tuisceana, scileanna agus cumais, agus meonta agus luachanna.

Níl ciníochas ná idirchultúrachas bunaithe ar eolas amháin. Tá siad araon á dtreorú agus á dtreisiú ag freagairtí mothúchánacha, mothúcháin agus meonta chomh maith le heolas. Ní leor fíricí agus eolas a sholáthar nó díriú ar fhorbairt chognaíoch chun troid i gcoinne an chiníochais, ó tharla gur féidir go mbeidh cur in éadan ann i gcoinne aigne a athrú nuair a chuirtear fianaise, fíricí nó bealaí smaointe nua ar fáil. Má chuireann scoil luach ard ar fholláine phearsanta na mac léinn agus na foirne ar fad cothófar an cineál timpeallachta inar féidir le dearcadh dearfach i leith na hilghnéitheachta fás.

Mar sin féin, is féidir go mbeidh oideachas idirchultúrtha ina chúis comhraice agus réimse de mhothúcháin láidre. Nuair a dhéanann daoine (mic léinn, múinteoirí, tuismitheoirí agus daoine eile i bpobal na scoile) scrúdú ar a gcuid meonta agus luachanna agus nuair a fhéachann siad ar a gcuid freagairtí roimhe sin ar ócáidí áirithe tá seans go n-éireoidh siad cosantach, feargach nó corraithe.

**Tá oideachas idirchultúrtha comhtháite leis na hábhair uilig agus le saol ginearálta na scoile**

Nuair a chomhtháitear eolas agus tuiscint, scileanna agus cumais, agus luachanna agus meonta leis na réimsí ábhair ar fad tagann taithí níos cuimsithí agus níos saibhre don fhoghlaimeoir. Tá dóchúlacht níos mó ann freisin go bhforbróidh daoine óga luachanna agus meonta cuí má tá siad comhtháite leis na hábhair uilig agus le saol ginearálta na scoile, murab ionainn agus plé leo ar bhealach scaipthe nó "aon uaire". Mar sin, ba chóir go mbeadh oideachas idirchultúrtha lárnach do ghnéithe uilig de shaol na scoile. Ba chóir go mbeadh a rian i gcuraclam folaithe na scoile, i bpolasaithe agus cleachtais scoile agus i múinteoireacht na réimsí ábhair.

**Tá fócas saol-nithiúil de dhíth ar oideachas idirchultúrtha**

Bunphrionsabal na foghlama is ea é go mbeadh eolas agus taithí an mhic léinn féin mar phointe tosaigh chun tuiscint nua a fháil. Maidir leis seo, is é an bunús foghlamtha is éifeachtaí ná taithí phearsanta a cheanglaíonn mic léinn leis an domhan ina gcónaíonn siad agus le daoine le dearcadh agus taithí éagsúil.

Tabharfaidh saol na mac léinn neart deiseanna don mhúinteoir téamaí idirchultúrtha a úsáid agus cumas idirchultúrtha a fhorbairt. Is féidir go dtiocfaidh daoine óga ar shamplaí d'éagothroime, idirdhealú nó coimhlint ina saol féin a cheadóidh dóibh dul i ngleic leis na nithe a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha. Ar an gcaoi chéanna, muna moltar do dhaoine óga athmhachnamh criticiúil a dhéanamh ar a saol féin, b'fhéidir go n-aontóidh siad le smaointe idirchultúrtha go teibí ach nach mbeadh cleachtais idirchultúrtha acu.

Is féidir le staidéar ar ócáidí réalaíocha ról a bheith aige i gcothú an ionbhá dóibh siúd a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu. Aithneoidh an-chuid daoine óga gur caitheadh go héagórach leo ag am éigin, bíodh an éagóir sin i bhfoirm tosaíochta a tugadh do dhuine eile go héagórach, nó gur glacadh leis go raibh tréithe áirithe ag baint leo mar thoradh ar an gcuma atá orthu, nó an áit ina bhfuil cónaí orthu, nó gur dhiúltaigh duine éigin údarásach éisteacht leo. Mar thoradh ar a leithéid is minic gur féidir le mic léinn ionbhá a bheith acu go héasca le daoine eile atá thíos le hidirdhealú.

**Tá teanga lárnach chun cumais agus acmhainní a fhorbairt**

Cibé an mbreathnaítear ar éagsúlachta mar rud gnáthach nó neamhghnáthach, cibé an mbreathnaítear ar chomhionannas mar rud maith nó mar fhadhb, braithfidh sé sin ar an teanga a fhoghlaimíonn mic léinn le húsáid ag ócáidí. Ní hamháin go léiríonn teanga smaointe, tuairimí agus luachanna—múnlaíonn sí freisin iad. Ligeann idirphlé dúinn luach éagsúlachtaí a aithint. Trí idirphlé is féidir a thuiscint gur féidir le beirt an rud céanna a fheiceáil agus léirmhínithe éagsúla a bheith acu. Muna bhfuil meas againn ar na héagsúlachtaí inár dtuairimí, creidimh agus aireachtáil, mura bhfuil meas againn ar a chéile agus creidiúint a thabhairt don féidirtheacht go bhfuil an saol níos saibhre de bharr na hilghnéitheachta uilig, beidh deacrachtaí againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i saol atá níos casta agus níos ilghnéithí.

Éascaíonn idirphlé an staidéar ar thaithí, tuairimí, agus mothúcháin tré theanga chasta. Leis an idirphlé is féidir áiteamh ar mhic léinn machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina úsáidtear teanga agus cumhacht na teanga i rannú dhaoine. Is í an aidhm atá ag an idirphlé i gcomhthéacs an

oideachais idirchultúrtha ná éisteacht ionbhách a fhorbairt. Séard is éisteacht ionbhách ann ná éisteacht chun tuiscint a fháil. Is ionann é agus dul isteach i bhfráma tagartha an duine eile, féachaint ar an domhan ar an mbealach céanna leo agus iarracht a dhéanamh na mothúcháin atá acu a thuiscint. Ní hionann ionbhá agus comhbhá.

> The essence of empathetic listening is not that you agree with someone; it's that you fully, deeply, understand that person, emotionally as well as intellectually.
> **(Covey, 1998, p. 240.)**

Tá ról tábhachtach ag Gaeilge agus Béarla araon i bhféiniúlacht agus sochaí na hÉireann, agus tá sé de cheart ag gach páiste taithí a fháil sa dá theanga. Meastar go dtugann taithí ar dhara theanga roinnt áirithe buntáistí breise do dhaltaí lena n-áirítear forbairt choigníoch agus méadú ar an gcumas chun teangacha eile a fhoghlaim ina dhiaidh sin.

**Tógann oideachas idirchultúrtha am**

Beidh tuairimí ag páistí faoin ilghnéitheacht cheana féin sula dtéann siad isteach sa bhunscoil. Faoin am a théann siad isteach san iarbhunscoil bíonn cuid mhór dá dtuairimí agus claontachtaí bunaithe go daingean. Déantar na tuairimí agus meonta seo a fhorbairt thar am le linn taithí bhlianta tosaigh an pháiste. Is féidir iad a threisiú nó a throid de réir mar a théann mic léinn trí oideachas iarbhunscoile. D'ógánaigh agus déagóirí tá sé an-tábhachtach cloí le tuairim agus iompraíocht an tromlaigh. Thug Kohlberg an chéim ghnásúil ar an gcéim seo i bhforbairt mórálta nuair atá daoine óga gafa le rudaí a dhéanamh a mbeidh meas ag daoine eile orthu. Admhaítear nach dtéann an-chuid daoine fásta ar aghaidh ó chéim

ghnásúil na forbartha morálta go dtí an leibhéal iarghnásúil nuair a bhíonn gníomhaíochtaí an duine bunaithe ar phrionsabail agus luachanna mórálta agus ar fhíorshuim i leas dhaoine eile. Mar sin is próiseas saoil é íogaireacht idirchultúrtha a thógáil agus troid i gcoinne creidimh, meonta agus gníomhartha claontacha.

**An scoil mar shamhail ar dheachleachtas**

Tá tionchar láidir ag an gcomhthéacs sóisialta ina dtarlaíonn foghlaim ar nádúr agus éifeachtúlacht an phróisis foghlama. Agus eolas, scileanna agus meonta an chumais idirchultúrtha á mhúineadh aige, is féidir leis an gcóras oideachais samhail de dheachleachtas a sholáthar dos na mic léinn. Agus daoine óga á mhúineadh againn le smaoineamh go criticiúil ar an domhan ina bhfuil cónaí orthu, tá sé tráthúil dúinn samhail a dhéanamh tré samoineamh go criticiúil ar ár ngníomhartha féin agus na hinstitiúidí ina bhfuilimid ag obair agus, más gá, polasaithe scoile a sheiceáil maidir le cumas idirdhealaithe. Ar an gcaoi seo, beidh buntáistí ag oideachas idirchultúrtha don scoil agus don chóras oideachais go ginearálta, in éineacht na mbuntáistí do mhic léinn aonair.

Cuidíonn coincheapa 'ciníochas indíreach' agus 'ciníochas institiúideach' linn tuiscint conas is féidir le hinstitiúidí ar nós scoileanna a bheith ciníoch ina n-oibríochtaí i ngan fhios dóibh féin. Nuair a thugann scoil tús áite do chultúr ghrúpa eitneach chun dochar dhaoine eile is féidir gur ciníochas institiúideach a bheidh ann. Ba chóir go mbeadh na daoine sin i bpobal na scoile atá freagrach as polasaithe, cleachtais agus cothú an éitis scoile a bheith aireach lena chinntiú go mbíonn meas ar chultúr, creidimh agus slí maireachtála na bpáistí ar fad sa scoil.

# Pleanáil Scoile

# 3

3

# PLEANÁIL SCOILE

**Tá tionchar nach beag ag polasaithe foirmeálta agus neamhfhoirmeálta agus cleachtais maidir leis na gnéithe ar fad de shaol na scoile ar thaithí na mac léinn agus baill eile de phobal na scoile. Forbraíonn pobal na scoile taithí dhearfach ar ilghnéitheacht chultúrtha tré na polasaithe agus cleachtais a mhúnlaíonn taithí iomlán an mhic léinn ar an saol scoile.**

Dá bhrí sin, leathnaíonn oideachas idirchultúrtha níos faide amach ná fócas cúng ar ábhar na múinteoireachta sa seomra ranga. Tá sé riachtanach dearcadh idirchultúrtha a úsáid nuair atá an plean scoile á phlé chun go mbeadh forbairt éifeachtach ann ar scoil atá uileghabhálach agus idirchultúrtha.

## RÓL BHAILL UILIG AN PHOBAIL SCOILE

Tá sé tábhachtach go mbeadh baill uilig de phobal scoile, mic léinn, tuismitheoirí, múinteoirí, foireann tacaíochta agus bainistíocht páirteach sa fhreagracht chomhchoiteann le scoil uileghabhálach agus idirchultúrtha a fhorbairt agus a chothú. Bunphrionsabal is ea é go mbeadh deachumarsáid idir bhaill uilig de phobal na scoile. Cé go mbeidh cuid de na gníomhartha a éiríonn sna próisis pleanála éigeantach, mar shampla, athruithe i gcód iompraíochta na scoile nó taifid a choinneáil d'eachtraí ciníocha, beidh an chuid is mó den fhíorathrú ag brath ar ghníomhartha deonacha agus deathoil bhaill uilig den phobal scoile. Beidh sé tábhachtach, mar sin, go bhfuil deis ag gach duine a dtuairimí a nochtadh agus a mhothú go bhfuil siad páirteach i bpróiseas an athraithe.

Is féidir le daoine páirt a ghlacadh sa phróiseas le leibhéil éagsúla díograise agus beidh drogall ar dhaoine roimh thionscnaimh áirithe. Is minic go mbíonn iontas ar dhaoine faoina gcuid meonta agus creidimh féin de réir mar a phléitear ábhair áirithe. Má láimhseáltar drogall go híogair, tá deis luachmhar ann cur le heolas dhaoine agus a gcuid cumais idirchultúrtha a fheabhsú.

## COMHAIRLÍ MAC LÉINN

Mar struchtúr ionadaíoch dos na mic léinn ina scoil, is féidir le Comhairle na Mac Léinn ról an-tábhachtach a bheith aici i bhforbairt timpeallachta idirchultúrtha scoile. Mar thoradh ar obair i gcomhpháirt le bainistíocht, foireann agus tuismitheoirí na scoile ar phleanáil do scoil idirchultúrtha is féidir fócas a bheith ag Comhairle na Mac Léinn a mheallfadh isteach in imeachtaí eile atá ceangailte. Mar shampla:

- caidreamh leis an bPríomhoide agus an Bord Bainistíochta ar chúrsaí idirchultúrtha atá ag déanamh imní do mhic léinn
- rannpháirtíocht i bpróiseas pleanála na scoile
- a dtuairimí a nochtadh maidir le polasaithe atá á bhforbairt nó á leasú chun dearcadh idirchultúrtha a léiriú, mar shampla fáiltiú agus ionduchtú mac léinn nua
- moltaí a dhéanamh chun timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na scoile a fheabhsú
- cuidiú le forbairt chairt na scoile a cheiliúrann ilghnéitheacht agus a chothaíonn comhionannas
- cothromas idirchultúrtha a chinntiú i nuachtlitir/iris na scoile
- cláracha oiliúna do mhic léinn nua.

Ba chóir do Chomhairle na Mac Léinn éisteacht le tuairimí na mac léinn sa scoil agus clár imeachtaí á chruthú acu don scoil. Tá tuilleadh eolais ar obair agus ar bhunú Chomhairlí Mac Léinn ar fáil ag **www.studentcouncil.ie.**

## RANNPHÁIRTÍOCHT THUISMITHEOIRÍ AGUS AN PHOBAIL NÍOS LEITHNE

Tá rannpháirtíocht thuismitheoirí riachtanach do rath mhic léinn ar scoil. Tugann rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas foirmeálta a bpáistí tacaíocht agus aitheantas dá ról lárnach i bhforbairt an pháiste. Uaireanta bíonn leisce ar thuismitheoirí dul i dteagmháil le scoil a bpáiste. Go minic tarlaíonn sé seo le tuismitheoirí ó mhionlaigh eitneacha nó dóibh siúd nach í teanga na scoile an chéad teanga acu féin. Chun teagmháil scoile a fheabhsú le tuismitheoirí uilig agus leis an bpobal níos leithne, d'fhéadfadh scoileanna machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- tacú le hobair chumann na dtuismitheoirí agus an cumann a ghríosadh le bheith páirteach i bhforbairt polasaithe agus pleananna na scoile
- eolas a sholáthar do thuismitheoirí ar bhealach a chuireann san áireamh ilghnéitheacht na leibhéal litearthachta maraon le hilghnéitheacht chultúrtha

agus teangeolaíochta. Mar shampla, cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí, lámhleabhair scoile, cuirí do thuismitheoirí teacht chuig an scoil d'ócáidí speisialta.
- deiseanna a chur ar fáil do chruinnithe neamhfhoirmeálta idir fhoireann agus tuismitheoirí agus teagmháil tuismitheoirí-múinteoirí a bhunú a thugann deiseanna tuairimí a phlé agus a thuiscint
- aghaidh a thabhairt ar imní agus buairteanna thuismitheoirí
- cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí seach-churaclaim nó idirchultúrtha
- deiseanna a aithint nuair is féidir le tuismitheoirí agus baill eile den phobal tacú leis an scoil, mar shampla, tacaíocht teanga, aistriúchán, clubanna obair bhaile.
- straitéisí a fhorbairt chun an pobal níos leithne a bheith páirteach i gcur chuige idirchultúrtha, mar shampla, cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair nó grúpaí pobail a mbeadh saineolas ar leith acu.

## PLEANÁIL SCOILE DO SCOIL IDIRCHULTÚRTHA

Is féidir pleanáil scoile do scoil idirchultúrtha a shuíomh in obair pleanála scoile atá á thosú i scoileanna nó ar siúl cheana féin. Beidh gach pobal scoile ag céim éagsúil i bpróiseas pleanála na scoile agus beidh tuairimí éagsúla ann faoin mbealach is fearr le scoil uileghabhálach agus idirchultúrtha a fhorbairt. Beidh tioncahr ag na héagsúlachtaí seo ar an mbealach ina bpléann gach scoil leis an bpróiseas pleanála.

I bhfoilseachán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta *Pleanáil Scoile: Plean Scoile a Fhorbairt—Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal*, moltar ceithre chéim a ndéanfadh scoileanna machnamh orthu: athbhreithniú ar chleachtas agus soláthar faoi láthair, plean a dhearadh, cur i bhfeidhm agus measúnú. Cruthaíonn na céimeanna seo próiseas timthriallach, atá mar bhunús reatha le hobair na scoile. Tá tuilleadh eolais ar athbhreithniú, dearadh, forfheidhmniú agus measúnú sna hábhair tacaíochta a sholáthraíonn an Tionscnamh Pleanála Forbartha Scoile (**www.sdpi.ie**).

Tá iliomad bealaí ann do pleanáil forbartha scoile agus tá sé tábhachtach go nglacann an pobal scoile le cur chuige atá in oiriúint dó. Tugann na treoirlínte seo a leanas roinnt tuairimí ar an gcaoi ina bhféadfadh scoil léiriú idirchultúrtha a chur san áireamh i bpleanáil scoile.

Ba chóir go gcuideodh an próiseas pleanála le baill uilig de phobal scoile scoil uileghabhálach agus idirchultúrtha a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais na mac léinn ar fad. Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas sa phróiseas pleanála:

- athbhreithniú scoile idirchultúrtha
- feasacht ar idirchultúrachas a chur san áireamh i misean, polasaí agus plean gníomhaíochta na scoile
- an plean scoile a chur i bhfeidhm
- monatóireacht agus measúnú ar an bplean gníomhaíochta.

### An t-athbhreithniú scoile

Mar chéim tosaigh sa phróiseas pleanála tá sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar staid na scoile faoi láthair maidir le huileghabhálacht agus idirchultúrachas. Chuige sin, d'fhéadfadh an pobal scoile athbhreithniú scoile idirchultúrtha a dhéanamh. D'fhéadfaí an Seicliosta d'Athbhreithniú Scoile (Figiúr 2) a úsáid mar shamhail agus an t-athbhreithniú seo á phleanáil.

**FIGIÚR 2:** SEICLIOSTA D'ATHBHREITHNIÚ SCOILE

**Do gach cheist cuir tic sa bhosca cuí.** Dá mhéid freagraí dearfacha atá ann is ea is idirchultúrtha comhthéacs na scoile. Léiríonn freagraí diúltacha deiseanna d'fhorbairt níos mó. Bain úsáid astu le liosta a dhéanamh de rudaí atá le déanamh, agus déan iarracht spriocanna inrochtana a leagadh síos chun na nithe seo a réiteach.

| | TÁ | AR BHEALACH | NÍL GO FÓILL |
|---|---|---|---|
| **Misean nó fís scoile** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil an ráiteas misin scríofa ar bhealach atá intuigthe don phobal scoile uilig? | | | |
| An bhfuil tiomantas sa mhisean nó san fhís cuidiú le gach mac léinn a c(h)umas iomlán a bhaint amach? | | | |
| An bhfuil prionsabal an chomhionannais agus na hilghnéitheachta éirithe ann? | | | |
| An bhfuil féinchoincheap dearfach á gcothú aige dos na mic léinn ar fad? | | | |
| **Cleachtas reatha** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil dearcadh idirchultúrtha ag gnéithe uile an phlean scoile? | | | |
| An bhfuil nósanna imeacht eagraíochta agus riaracháin na scoile cothrom agus tuisceanach ar riachtanais na mac léinn ar fad? | | | |
| An bhfuil teanga na scoile, idir scríobh agus labhairt, uileghabhálach ar gach chultúr? | | | |
| An bhfuil timpeallacht na scoile, idir fisiciúil agus sóisialta, uileghabhálach ar gach chultúr? | | | |
| An bhfuil an scoil ag comhlíonadh na reachtaíochta cuí sa réimse seo? | | | |

| Nithe eile le machnamh a dhéanamh orthu |
|---|
| Cén chaoi ar athraigh ár gcleachtais mar thoradh ar ilghnéitheacht chultúrtha le blianta beaga anuas? |
| Cad iad na nithe idirchultúrtha is mó a bhfuil an fhoireann tógtha leo faoi láthair? |
| Cé ba chóir a bheith páirteach in ullmhú plean do scoil idirchultúrtha? |
| Cén ghnéithe de pholasaí agus cleachtas scoile a gcaithfear díriú orthu? |
| Cén cáipéisí acmhainne ba chóir tagairt a dhéanamh dóibh sa phróiseas pleanála? |
| Cén acmhainní, daonna agus caipitil, a úsáidtear chun oideachas idirchultúrtha a éascú? |

## Misean, polasaí agus plean scoile a fhorbairt

Nuair atá an t-athbhreithniú déanta is féidir cinntí a dhéanamh ar a bhfuil le déanamh ansin. Tá sé tábhachtach go righnófar na hábhair is mó a bhaineann leis an scoil ag an am seo agus nithe a chur san áireamh ar féidir iad a réiteach go tapa sa chaoi is go bhfeicfidh pobal na scoile go bhfuil rud éigin ag tarlúint sa ghearrthéarma. Ní bhaineann sé seo ó thábhacht na nithe móra atá le réiteach go fadtéarmach: cuirfidh siad seo na hathruithe fadtéarmacha i gcultúr scoile i bhfeidhm a mbeidh an tionchar is mó acu.

### Misean na scoile

Is í bunaidhm an phlean forbartha scoile ná caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a fheabhsú dos na mic léinn ar fad sa scoil. Léireoidh an ráiteas misin éiteas phobal na scoile agus cuimseoidh sé dóchas, aidhmeanna agus traidisiúin na scoile. Agus an misean seo á chruthú agus éiteas na scoile á léiriú, tógfaidh pobal na scoile fís choiteann ar an mbealach le cuidiú le gach páiste a c(h)umas iomlán a bhaint amach. Má tá fealsúnacht scoile ann a dhéanann soláthar do phrionsabail an chomhionannais, na hilghnéitheachta agus a chothaíonn féinchoincheap dearfach agus leas phearsanta do gach aon duine is dócha go mbeidh timpeallacht chuiditheach ann inar féidir riachtanais oideachais gach aon duine a shásamh.

Tá misean nó fís ag gach scoil. I scoileanna áirithe beidh machnamh déanta air seo mar chuid den phróiseas forbartha scoile agus cuirfear in iúl go soiléir é. Beidh scoileanna eile ann nach mbeidh an chéim sroichte acu go bhfuil ráiteas misin cruthaithe acu ach go mbeidh tuairim shoiléir acu faoi nádúr na scoile. Mar sin, agus athbhreithniú á dhéanamh ar sholáthar na scoile d'oideachas na mac léinn ar fad ar bhealach uileghabhálach agus idirchultúrtha, is fiú tosú leis an ráiteas misin agus spiorad sainiúil na scoile.

### Eagrú agus bainistíocht na scoile

Cuidíonn an próiseas pleanála scoile le polasaithe bunúsacha a chruthú maidir le gnásanna agus nósanna imeachta tábhactacha in eagrú agus bainistiú laethúil na scoile. Cuidíonn comhsheasmhacht i bhforfheidhmiú pholasaithe aontaithe le feidhmiú éifeachtach na scoile. Cuireann an plean scoile cnuasach de pholasaithe ginearálta ar fáil a léiríonn an staid ar leith ina bhfuil an scoil ag feidhmiú. Is féidir polasaithe a bheith ag scoileanna maidir le

- clárú agus ligean isteach
- cód iompraíochta scoile agus polasaí i gcoinne na bulaíochta
- roghanna cláracha agus ábhar
- oideachas reiligiúin
- rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa scoil agus caidreamh baile-scoil-pobal
- dáileadh acmhainní speisialta
- measúnú
- dualgais speisialta fhoireann na scoile
- éide scoile
- bia sláintiúil
- turais agus imeachtaí seach-churaclama
- obair bhaile
- tacaíocht foghlama
- páirtnéireacht baile-scoil
- ionduchtú agus fáiltiú do mhic léinn nua.

Faoi réir an Achta Oideachais (1998) tá iachall ar gach scoil a chinntiú go dtacaíonn an plean scoile le prionsabail an chomhionannais do rochtain agus rannpháirtíocht. Ba chóir go mbeadh na prionsabail seo le sonrú i bpolasaithe ginearálta eagraíochta na scoile agus ba chóir go leagfadh an plean scoile síos go foirmeálta na bearta a bhfuil sé i gceist ag an scoil a dhéanamh chun na haidhmeanna seo a bhaint amach. Bealach amháin chun é seo a chinntiú is ea ceannteideal *Oideachas*

*Idirchultúrtha* a bheith ann do gach rannóg den Phlean Scoile, agus do gach pholasaí laistigh de. Mar chuid den phróiseas pleanála, ba chóir tagairt a dhéanamh don reachtaíocht seo a leanas

- an tAcht Oideachais (1998)
- an tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- an tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004).

**Curaclam agus measúnú**

Tá an chaoi ina bhainistíonn scoil an curaclam agus measúnú ag brath ar a haidhmeanna agus spriocanna oideachais. Ba chóir go mbeadh clár curaclaim na scoile uileghabhálach agus solúbtha go leor lena chinntiú go sásaítear riachtanais na mac léinn ar fad.

Cothaíonn oideachas idirchultúrtha teagmháil le hilghnéitheacht de chultúir do mhic léinn ó na grúpaí eitneacha agus creidimh ar fad. Caithfear a chuimhneamh, áfach, nach gceanglaíonn an tAcht Oideachais 'ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn'. Ba chóir go mbeadh ról tábhachtach ag an áit atá ag oideachas idirchultúrtha i misean na scoile, agus an luach do mhic léinn teagmháil a dhéanamh le hilghnéitheacht de chultúir, i gcinntí a dhéantar maidir le roghanna ábhar agus polasaí do mheasúnú scoile. Tá comhthéacs dá leithéid tábhachtach freisin nuair a phléitear an obair sin le tuismitheoirí.

Féach ar Chaibidil 5 do thuilleadh eolais ar phleanáil ábhar cheachta agus ar Chaibidil 7 do thuilleadh eolais ar mheasúnú agus ilghnéitheacht chultúrtha.

**Oideachas idirchultúrtha a chur san áireamh i réimsí uilig de phleanáil scoile**

Chomh maith lena chinntiú go mbíonn dearcadh idirchultúrtha ann agus eilimintí de phlean scoile á n-athbhreithniú, tá réimsí eile a gcaithfear díriú orthu lena chinntiú gur scoil uileghabhálach í an scoil, lena n-áirítear:

- cur chuige idirchultúrtha agus idirdhealaitheach a chur i bhforbairt foirne
- comhionannas rochtaine agus rannpháirtíochta a chinntiú
- oideachas idirchultúrtha a chothú sa seomra ranga
- tuairisciú agus taifeadadh ar eachtraí ciníocha
- timpeallacht uileghabhálach fhisiciúil agus shóisialta a chruthú sa scoil
- tacaíocht teanga a sholáthar
- mic léinn nua a chur i ngrúpaí ranga atá oiriúnach don aois
- acmhainní cuí a roghnú d'fhoghlaim agus múinteoireacht
- ócáidí speisialta a cheiliúradh i bhféilirí ilghnéitheachta cultúir
- polasaí cumarsáide a fhorbairt: laistigh den scoil, idir scoil agus baile, agus idir bhaile agus scoil
- cairt scoile a fhorbairt a cheiliúrann ilghnéitheacht agus a chothaíonn comhionannas.

Cuideoidh próiseas athbhreithnithe a fhéachann ar chleachtas na scoile maidir leis na nithe seo le pobal na scoile *tosaíochtaí* a bhunú agus gníomhaíochtaí ar leith a dhéanamh a fheabhsóidh soláthar an oideachais dos na mic léinn ar fad.

## Pleanáil gníomhaíochta

Is féidir leis an scoil cultúr scoile idirchultúrtha a fhorbairt ag tosú le múnla do phlean gníomhaíochta mar a úsáidtear in

ábhar do SDPI (sonraí ar fáil ag **www.sdpi.ie**). Is cáipéis oibre é an *plean gníomhaíochta* a thugann cur síos agus achoimre ar a bhfuil le déanamh chun *tosaíocht* a bhunú agus a mheas. Feidhmíonn sé mar threoraí d'fhorfheidhmiú agus cuidíonn sé le monatóireacht a dhéanamh ar rath agus dul chun cinn. Is féidir leis an scoil obair i réimsí éagsúla ag aon am amháin de réir mar a oibríonn grúpaí éagsúla ar thascanna éagsúla, agus is féidir leis an bplean díriú ar rudaí a dhéanamh go tapa. D'fhéadfadh go mbeadh pleananna gníomhaíochta dá gcuid féin ag scoileanna chean féin agus mar sin go bhfuil siad réidh do chur chuige pleanála níos leithne.

Seo thíos roinnt phríomeilimintí i bplean gníomhaíochta

- cur síos ar dhualgais agus freagrachtaí na ndaoine maidir leis na gníomhaíochtaí
- na hacmhainní atá de dhíth a ainmniú
- spriocanna agus critéir rath a bhunú
- clár ama a thabhairt
- gnásanna a bhunú do mhonatóireachta agus measúnú.

**An plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm**

Agus plean gníomhaíochta forbartha, beidh baill den phobal scoile ag plé le próiseas an fhorfheidhmithe. Nuair a ainmnítear dualgais, spriocanna, critéir agus clár ama, beidh an scoil in ann polasaithe a chur i gcleachtas. Sa chéim fhorfheidhmithe, ní tharlóidh gach gníomhaíocht ag an aon am amháin. Is féidir plé le réimsí a bhfuil tosaíocht acu, agus cultúr na scoile ag éirí níos idirchultúrtha de réir mar a théann an obair ar aghaidh agus mar a dhírítear ar réimsí eile d'obair idirchultúrtha.

Is féidir go dtarlóidh sé le linn an fhorfheidhmithe go n-éiríonn cúrsaí nua a gcaithfear díriú orthú. Mar sin, caithfidh an forfheidhmiú a bheith solúbtha go leor do chúinsí atá ag athrú ach ag cloí leis an misean agus polasaithe a chuireann dearcadh idirchultúrtha na scoile san áireamh.

**Monatóireacht agus measúnú ar phlean gníomhaíochta na scoile**

Ba chóir go mbeadh nós imeachta sa phlean do mhonatóireacht, athbhreithniú agus measúnú faoi dháta tugtha.

Má tá forfheidhmiú rathúil ann cuideoidh sé le

- heolas níos mó ar idirchultúrachas a chothú
- cuidiú leis na mic léinn uilig a gcumas a bhaint amach
- timpeallacht fhoghlama atá cuiditheach agus uileghabhálach a chothú a chuideoidh le féinmheas na mac léinn ar fad
- stéiréitíopáil a bhriseadh síos agus ilghnéitheacht a cheiliúradh.

Toisc gur próiseas timthriallach é an próiseas pleanála scoile, beidh an measúnú seo mar bhunús le céim eile d'athbhreithniú, pleanáil agus forfheidhmiú.

**Samhail do phleanáil forbartha scoile a úsáid chun timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta scoile a fhorbairt atá uileghabhálach d'fhoghlaimeoirí uilig**

Cuireann timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta na scoile rudaí tábhachtacha in iúl dóibh siúd a théann isteach sa scoil, bíodh sin mar mhúinteoir, cuairteoir, tuismitheoir nó mac léinn. Áirítear sa timpeallacht seo an taithí fhoghlama i seomraí ranga aonair (féach Caibidil 4), an timpeallacht amhairc, na hacmhainní foghlama atá ar fáil i leabharlanna, na himeachtaí seach-churaclaim a mholtar, an timpeallacht teanga, polasaithe scoile agus an bealach ina gcuirtear i bhfeidhm iad agus an bealach ina ndéantar ócáidí speisialta a cheiliúradh.

Níl oideachas idirchultúrtha teoranta d'ábhar amháin laistigh den churaclam, nó fiú don taithí fhoghlama laistigh den seomra ranga. Tá sé neadaithe sna cleachtais atá sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile, agus i ngnéithe uilig de shaol na scoile agus den churaclam folaithe.

**Timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta idirchultúrtha a phleanáil**

Tá tábhacht leis na teachtaireachtaí a thugtar trí thimpeallacht fhisiciúil na scoile. Aithnítear scoileanna uileghabhálacha ar na timpeallachtaí foghlama a léiríonn bród sa teanga, ilghnéitheacht eitneach agus cultúrtha atá in Éirinn. Mar sin, tacaíonn siad le híomhá dearfach dos na mic léinn ar fad, is cuma cén eitneachas atá acu, agus treisíonn siad an tuairim gur gnách an rud í an ilghnéitheacht do pháistí uilig. Is féidir na samplaí a luaitear i gCaibidil 4 ar phleanáil na timpeallachta fisiciúla sa seomra ranga a úsáid do phleanáil na timpeallachta scoile freisin.

*An timpeallacht fhisiciúil*

Liostáiltear thíos cuid de phríomhábhair a bhaineann le pleanáil na timpeallachta fisiciúla

- ilghnéitheacht a léiriú mar ghnáthchuid de shaol na hÉireann agus de shaol daonna
- a chinntiú nach ndíríonn léirithe de mhionlaigh ar ócáidí suntasacha, toisc gur féidir steiréitíopáil a bheith ann dá bharr agus go bhféadfaí dul i gcoinne an iarrachta ilghnéitheacht a léiriú mar rud gnáthach
- a chinntiú go mothaíonn na mic léinn ar fad sa bhaile agus ionadaithe sa scoil, is cuma cén dath, grúpa eitneach, reiligiún nó cumas atá acu.

*Machnamh ar an timpeallacht shóisialta*

Tá timpeallacht shóisialta na mac léinn tábhachtach le go mbraithfidís compordach laistigh den scoil. Do mhic léinn ó mhionlaigh eitneacha áirithe (Éireannach-Síneach nó Lucht Siúil mar shampla), is féidir an-teannas a bheith ann mar thoradh ar an difear idir timpeallachtaí sóisialta, teanga agus cultúrtha an bhaile agus na scoile.

Do mhic léinn a tháinig go hÉirinn le déanaí tá méadú ar an neamhaithne agus strus. Fiú i gcás na mac léinn níos sine, is féidir go gcuirfeadh na difríochtaí idir eagrú an oideachais in Éirinn agus ina dtíortha féin as go mór dóibh. Feictear difríochtaí idir chórais oideachais go rialta sna tréithe seo a leanas

- aois tosaithe scoile do pháistí
- na hábhair agus na téamaí a chlúdaítear
- an aois ag a gclúdaítear na hábhair
- an t-ord ina gclúdaítear iad
- an cur chuige maidir le hobair bhaile
- an méid torainn nó gníomhaíochta atá ceadaithe sa seomra ranga
- bealaí coitianta araíonachta
- bealaí coitianta múinteoireachta
- leagan amach fisiciúil agus dearadh na scoile
- fad an lá scoile.

Nuair atáthar ag cuidiú le mic léinn dul i dtaithí ar chóras nua oideachais, is cuma cén eitneachas nó cúlra atá acu, ba chóir díriú ar

- thimpeallacht a chruthú atá fáiltiúil agus dearfach
- chuidiú leis an duine íomhá dearfach a fháil dó/di féin sa seomra ranga
- chuidiú leis an mac léinn bealaí na scoile agus an córas oideachais a fhoghlaim a luaithe agus is féidir.

*Athbhreithniú ar thimpeallacht shóisialta agus fhisiciúil scoile ó thaobh an idirchultúrachais de*

**FIGIÚR 3:** SEICLIOSTA D'ATHBHREITHNIÚ AR THIMPEALLACHT SCOILE

**Do gach cheist cuir tic sa bhosca cuí.** Dá mhéid freagraí dearfacha atá ann is ea is idirchultúrtha comhthéacs na scoile. Léiríonn freagraí diúltacha deiseanna d'fhorbairt níos mó. Bain úsáid astu le liosta a dhéanamh de rudaí atá le déanamh, agus déan iarracht spriocanna inrochtana a leagadh síos chun na nithe seo a réiteach.

| | TÁ | AR BHEALACH | NÍL GO FÓILL |
|---|---|---|---|
| **Timpeallacht fhisiciúil** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil cultúir agus grúpaí eitneacha éagsúla na hÉireann agus na scoile léirithe i bpictiúir, comharthaí ilteangacha agus eilimintí eile i dtimpeallacht fhisiciúil na scoile? | | | |
| **Timpeallacht shóisialta** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil gnásanna ann chun fáilte a chur roimh mhic léinn nua, le cuidiú leo páirt a ghlacadh sa scoil agus le cinntiú go ndéantar a gcultúr a dhearbhú sa timpeallacht? | | | |
| An bhfuil gnásanna ann lena chinntiú go n-aithnítear cumais agus riachtanais mhic léinn nua? | | | |
| An bhfuil gnásanna agus dóchais scoile soiléir do chách? | | | |
| An bhfuil modhanna ann le plé le heachtraí ciníocha? An bhfuil réimse d'imeachtaí seach-churaclaim ann? | | | |
| An bhfuil ócáidí speisialta pleanálta sa chaoi is go mbeidh siad chomh huileghabhálach agus is féidir de chultúir uilig na scoile? | | | |
| An bhfuil aitheantas tugtha d'fhéilte tábhachtacha agus laethanta speisialta de chultúir uilig na scoile? | | | |
| An bhfuil gríosadh ann do mhionlaigh eitneacha féiniúlacht dearfach a fhorbairt? | | | |
| An bhfuil freagra onnghníomhach ag an scoil d'iompraíocht nó eachtraí ciníocha, a fhéachann le coimhlint a laghdú agus scileanna idirphearsanta a chothú? | | | |
| **Acmhainní a roghnú** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil modh ann seiceáil a dhéanamh ar oiriúnacht íomhánna agus teachtaireachtaí i dtéacsanna scoile agus acmhainní eile? | | | |

### NÓSANNA IMEACHTA SCOILE DO DHALTAÍ NUA

Is fiú am a ghlacadh le gnásanna scoile a mhíniú do mhic léinn nua agus a dtuismitheoirí go luath. Déan iarracht a fháil amach an méid agus is féidir faoi mhic léinn nua, a gcumais agus a riachtanais ar leith. Is féidir foirm chláraithe a fhorbairt a lorgaíonn an t-eolas céanna ar gach mhac léinn is cuma faoina gcuid eitneachais nó cúlra. Tá nithe nach mbeadh áit acu ar fhoirm dá leithéid (foghraíocht na n-ainmneacha nó focail thábhachtacha i gcéad teanga an mhic léinn, mar shampla) a thiocfadh aníos i bplé le tuismitheoirí nó caomhnóirí maidir le hoideachas a bpáistí.

**Áirítear san eolas tábhachtach**

- foghraíocht cheart an ainm (tá sé tábhachtach a bheith in ann ainm an mhic léinn a fhoghrú mar a úsáideann an clann nó na caomhnóirí é, gan é a ghiorrú nó gan leasainm a úsáid, lena dhearbhú dóibh féin agus do dhaltaí eile go nglactar lena dteanga, ainneoin í a bheith éagsúil)
- a gcumais agus riachtanais teanga (in an-chuid tíortha is gnách do dhaoine dhá nó trí theanga a bheith acu)
- roinnt bunfhocail ina gcéad teanga, más féidir (Dia dhuit, fáilte, maith thú/an-mhaith, led' thoil/go raibh maith agat, glac páirt, stop, srl.)
- a reiligiún, buntuiscint ar an mbealach ina gcleachtaíonn siad é (ní bheidh an cleachtas céanna ag baill uilig de religiún ar bith), agus cé acu an mbeidh tionchar aige sin ar phleanáil sheomra ranga (mar shampla, cé acu an mbeadh teagmháil idir dhaltaí mí-chuí i nDrámaíocht nó Corpoideachas, cé acu an mbeadh léirithe ar an gcorp daonna nó siombail reiligiúin mí-chuí sna hAmharcealaíona, cé acu an mbeadh pop-cheol mí-chuí i gCeol)
- cé acu an bhfuil aon ábhar nach mbeidh an mac léinn á dtógáil (ní cheanglaíonn an tAcht Oideachais 'ar aon mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn'. Ina theannta sin, is féidir leis an mac léinn, faoi choinníollacha áirithe, díolúine a fháil ó fhoghlaim na Gaeilge faoi Chiorclán 10/94 de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta).

**SEICLIOSTA: CÉN T-EOLAS IS CÓIR A BHAILIÚ NUAIR A THAGANN MAC LÉINN NUA ISTEACH SA SCOIL?**

- ✓ Conas a deirtear ainmneacha an mhic léinn agus a t(h)uismitheoirí i gceart?
- ✓ Cén teanga(cha) atá ag an mac léinn, agus cén líofacht atá acu?
- ✓ Conas is féidir nathanna áirithe a rá i gcéad teanga an mhic léinn, ar nós beannacht, 'led' thoil/go raibh maith agat', 'glac páirt', 'stop', 'maith thú/an-mhaith' srl?
- ✓ An bhfuil ábhair nach mbeidh á dtógáil ag an mac léinn agus cad a bheidh ar siúl acu ag na hamanna sin?
- ✓ An bhfuil aon chleachtais chultúrtha a d'fhéadfadh cur isteach ar idirghníomh sa seomra ranga? An bhfuil gníomhartha atá míbhéasach nó míchuí i gcultúr dúchais an mhic léinn ach nach mbeadh aon dímheas iontu do bhaill an tromlaigh eitnigh, nó an bealach eile thart (is féidir go mbeadh dímheas i mbos oscailte a thaispeáint nó boinn na gcos a thaispeáint i gcultúir áirithe; i roinnt cultúr Afraiceacha tá sé míbhéasach do pháiste teagmháil súile a dhéanamh le duine fásta ach go minic labhraíonn páistí Lucht Siúil go han-oscailte agus go han-díreach le daoine fásta, rud a mheastar a bheith míbhéasach i scoileanna uaireanta, srl.)?
- ✓ Conas a dhéanfar múineadh chultúr na scoile don mhac léinn a láimhseáil?
- ✓ Cén reiligiún atá ag an mac léinn, conas a chleachtaítear é, agus an bhfuil aon impleachtaí aige do phleanáil seomra ranga?
- ✓ An mbeidh nithe ar leith ann do mhic léinn maidir le bia, seoda nó éadach (mar shampla, an réimse de bhlas atá ar fáil i mbialann na scoile nó siombalachas shuaitheantas na scoile ar an éide scoile)?

## RANNPHÁIRTÍOCHT THUISMITHEOIRÍ

> Our interpretations of parents who care may simply be parents who are like us, parents who feel comfortable in the teacher's domain.
> **(Finders and Lewis, 1994)**

Gné thábhachtach is ea rannpháirtíocht thuismitheoirí nuair a chuireann scoile fáilte i gceart roimh mhic léinn ó chúlraí éagsúla. Is féidir gur dúshlán an-mhór a bheadh anseo freisin. De ghnáth bíonn rannpháirtíocht níos lú ag tuismitheoirí ar ioncam íseal, inimircigh agus mionlaigh ná mar a bhíonn ag tuismitheoirí geala meán-aicmeacha de chultúr an tromlaigh in imeachtaí foirmeálta a eagraítear chun cumarsáid a chothú idir scoil agus baile. Ní tharlaíonn seo toisc go bhfuil níos lú cúraim acu faoina bpáistí ach i gcomhthéacs an phobail atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí, beidh leisce ar an-chuid tuismitheoirí socrú isteach le múnlaí reatha de rannpháirtíocht thuismitheoirí i scoileanna. In áit a bheith ag súil go nglacfaidh tuismitheoirí páirt sa scoil ar bhealaí a chuirfeadh as dóibh, is féidir le scoileanna teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí ar dhá bhealach.

- Bealaí cuí a fháil chun cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí isteach i bhfoirgneamh na scoile, chun teagmháil dhíreach a chothú le múinteoirí, agus chun fíoridirphlé déthreo a bhunú. Is féidir le Cumann na dTuismitheoirí ról a bheith acu anseo.
- Tacú le tuismitheoirí tré chuid de na straitéis a mhíniú is féidir a úsáid sa bhaile chun rath ar scoil a chothú, mar shampla, tuismitheoirí ag léiriú suime i bhfoghlaim an mhic léinn, am agus spás a chur ar leataobh do staidéar sa bhaile, srl.

### SEICLIOSTA CHUN RANNPHÁIRTÍOCHT THUISMITHEOIRÍ A FHEABHSÚ

- ✓ Tá an scoil cruthaitheach agus solúbtha agus bealaí á fháil chun cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí teacht isteach sa scoil (ar nós tuismitheoirí a bheith páirteach i bhFéile na gCultúr, imeachtaí spóirt nó ealaíona.ceoil laistigh den scoil).
- ✓ Tá cumarsáid scríofa le tuismitheoirí i dteanga a thuigeann siad.
- ✓ Taispeántar íogaireacht do chúlra teangeolaíoch agus cultúrtha thuismitheoirí i bpleanáil chruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí.
- ✓ Bunaítear líonraí tuismitheoirí mar mhodh cumarsáide agus tacaíochta.
- ✓ Sruth déthreo atá sa chumarsáid tuismitheoirí-múinteoirí.
- ✓ Tugtar cuireadh to thuismitheoirí cuidiú leis an scoil ar bhealaí atá cuí.
- ✓ Bíonn ról ag grúpaí eagraithe pobail sa scoil.
- ✓ Tugtar comhairle do thuismitheoirí ar an gcaoi le cuidiú lena bpáistí sa bhaile.

Athchóirithe ó Elizabeth Coelho, *Teaching and Learning in Multicultural Schools*, 1998, lch.120.

# Pleanáil Seomra Ranga

# 4

# 4

## PLEANÁIL SEOMRA RANGA

**An príomhsmaoineamh...ná an rud a bhí ar bun againn cheana féin sa seomra ranga a thógáil céim níos faide trí fhéachaint ar eolas, scileanna agus ar dhearcthaí an oideachais idirchultúrtha sna ceachtanna seo. Ach na deiseanna don toise idirchultúrtha a fheiceáil, is furasta ár gceachtanna a dhéanamh idirchultúrtha... Bíonn deiseanna i ngach ceacht don toise idirchultúrtha ach is furasta neamhaird a thabhairt air de muna mbíonn na súile amuigh againn.**

**(Na múinteoirí a ghlac páirt sa tionscadal Celebrating Difference: Promoting Equality)**

Cuireann oideachas idirchultúrtha buntáistí do mhic léinn uilig, cé acu an baill den tromlach iad nó baill de mhionlach eitneach. Cé go mbeidh ceisteanna áirithe i seomraí ranga ina bhfuil mic léinn ó chúlra mhionlaigh eitneach ann, mar shampla, riachtanais teanga ar leith nó an gá le cosc a chur ar idirdhealú, beidh luach do gach mhac léinn i bhforbairt thimpeallacht idirchultúrtha sheomra ranga. Ainneoin cruth cultúrtha nó eitneach na timpeallachta scoile cuideoidh sé lena dtuiscint ar ghnáthaíocht na hilghnéitheachta agus cuideoidh sé forbairt a dhéanamh ar shamhlaíocht, ar a scileanna do smaoineamh criticiúil, a gcumas le claontacht agus idirdhealú a aithint agus a throid, agus a scileanna sóisialta.

Féachann an caibidil seo ar fhorbairt an tseomra ranga idirchultúrtha. Scrúdaíonn sé forbairt an chomhthéacs idirchultúrtha sna nithe seo a leanas

- athbhreithniú ar thimpeallacht an tseomra ranga
- timpeallacht fhoghlama chomhoibreach a thógáil
- fáiltiú roimh mhac léinn
- timpeallacht thacúil teanga a chruthú.

### ATBHREITHNIÚ AR THIMPEALLACHT AN tSEOMRA RANGA

Mar a léirigh Caibidil 2, níl oideachas idirchultúrtha teoranta do réimse curaclaim amháin, nó fiú go réimsí laistigh den 'churaclam foirmeálta'. Tá sé neadaithe i gcleachtais agus claonadh atá mar bhunús le timpeallacht an tseomra ranga agus leis an 'gcuraclam folaithe'.

Is féidir an próiseas céanna a úsáidtear do phleanáil do phobal scoile agus a léiríodh i gCaibidil 3 (an próiseas: athbhreithniú—pleanáil—forfheidhmiú—measúnú) a úsáid chun timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta an tseomra ranga a phleanáil, chomh maith le ceachtanna. Má thosaítear le hathbhreithniú ar a bhfuil ann cheana, beidh sé soiléir cad iad na deiseanna atá ann le dearcadh idirchultúrtha a chomhtháthú agus a fhorbairt.

**Bain úsáid as an gceacht seo le cleachtais reatha a athbhreithniú.**

## SEICLIOSTA D'ATHBHREITHNIÚ SHEOMRA RANGA

**Do gach cheist cuir tic sa bhosca cuí.** Dá mhéid freagraí dearfacha atá ann is ea is idirchultúrtha comhthéacs na scoile. Léiríonn freagraí diúltacha deiseanna d'fhorbairt níos mó. Bain úsáid astu le liosta a dhéanamh de rudaí atá le déanamh, agus déan iarracht spriocanna inrochtana a leagadh síos chun na nithe seo a réiteach.

| | TÁ | AR BHEALACH | NÍL GO FÓILL |
|---|---|---|---|
| **Timpeallacht fhisiciúil** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil léiriú cruinn ar chultúir agus grúpaí eitneacha éagsúla na hÉireann agus na scoile sna pictiúir, íomhánna agus taispeántais sa seomra ranga agus i dtimpeallacht fhisiciúil na scoile? | | | |
| **Timpeallacht shóisialta** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil gnásanna ann chun fáilte a chur roimh mhic léinn nua, chun cuidiú leo a bheith mar chuid den rang, chun a chinntiú go ndearbhaítear a gcultúr sa timpeallacht agus chun a chinntiú go n-aithnítear a gcumais agus a riachtanais? | | | |
| An bhfuil gnásanna an tseomra ranga soiléir dos na mic léinn uilig? | | | |
| An bhfuil mic léinn agus múinteoirí in ann ainmneacha a chéile a rá i gceart? | | | |
| An bhfuil mic léinn páirteach in imeachtaí comhoibreacha a chuidíonn leo buanna a chéile a aithint agus leas a bhaint astu? | | | |
| An bhfuil mic léinn freagrach as eagrú an tseomra ranga agus as a chinntiú go mothaíonn na daoine ar fad go bhfuil fáilte rompu? | | | |
| An bhfuil baill de mhionlaigh eitneacha dearbhaithe i mothúchán dearfach dá bhféiniúlacht? | | | |
| An bhfuil straitéisí ann chun plé le hiompraíocht idirdhealaitheach? | | | |
| An bhfuil machnamh déanta ar chinntiú go bhfuil teanga agus idirghníomh cuí idir múinteoirí agus daltaí? | | | |
| An bhfuil timpeallacht thacúil ann d'fhoghlaimeoirí dara theanga? | | | |
| **Acmhainní a roghnú** | ✓ | ✓ | ✓ |
| An bhfuil modh ann le hoiriúnacht na n-íomhánna agus na dteach-taireachtaí atá i dtéacsanna scoile agus acmhainní eile a sheiceáil? | | | |

## PLEANÁIL AR THIMPEALLACHT FHISICIÚIL AN tSEOMRA RANGA

Tá tábhacht leis na teachtaireachtaí a thugtar trí thimpeallacht fhisiciúil na scoile agus sa seomra ranga. Go minic is iad na teachtaireachtaí tosaigh a fhaigheann tuismitheoirí agus daltaí i scoil, agus fanann siad mar mheabhrúchán ar áit an duine sa scoil. I seomraí ranga idirchultúrtha bíonn timpeallachtaí foghlama a léiríonn bród sa teanga, agus san ilghnéitheacht eitneach agus cultúrtha atá mar thréithe ag Éirinn. Ba chóir go gcuirfidís tacaíocht ar fáil d'fhéiníomhá dearfach dos na mic léinn uilig, is cuma cén eitneachas atá acu, agus cuirfidh sé treise le gnáthaíocht na hilghnéitheachta do pháistí.

Seo thíos cuid de na príomhthéamaí atá i gceist i bpleanáil thimpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga

- ilghnéitheacht a léiriú mar ghnáthchuid de shaol na hÉireann agus beatha daonna
- cinntiú nach ndíríonn léirithe de mhionlaigh ar ócáidí 'iontacha' nó 'ildaite'
- cinntiú gur féidir le mic léinn uilig, is cuma cén dath, reiligiún, grúpa eitneach, nó cumas atá acu, a mhothú sa bhaile agus ionadaithe laistigh den seomra ranga.

Seo thíos roinnt réimsí ar chóir aire a thabhairt dóibh

- taispeántais sa seomra ranga
- téacsleabhair agus acmhainní eile
- iompraíocht agus struchtúir sa seomra ranga.

Ba chóir do **thaispeántais sa seomra ranga** ilghnéitheacht in Éirinn a léiriú ar bhealach dearfach.

- San híomhánna ar thaispeáint d'fhéadfaí léirithe ar dhaoine ó chúlraí éagsúla eitneacha agus cultúrtha a chur san áireamh. Ba chóir go leor íomhánna ó mhionlaigh eitneacha a úsáid lena chinntiú go bhfuil cothromas ann do cheannasacht an tromlaigh eitnigh in íomhánna d'Éirinn sa saol laethúil. Ba chóir cúram a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil léirithe cothroma ann de ghrúpaí éagsúla aoise, gnéis agus aicme sóisialta.
- Ba chóir na híomhánna a roghnú chun léiriú cruinn a thabhairt ar ghnáthshaol dhaoine in Éirinn, murab ionainn agus díriú ar ócáidí ildaite ar nós cóisir agus féilte nó brath an-iomarca ar íomhánna ó thíortha eile. Cuideoidh sé seo le steiréitíopaí a chosc.
- D'fhéadfadh taispeántais ranga samhaltaí dearfacha a léiriú ó na grúpaí éagsúla eitneacha, cultúrtha, gnéis, aicme agus cumais atá in Éirinn.
- Ba chóir go mbeadh taispeántais ealaíne agus cultúrtha, agus saothar na mac léinn féin san áireamh, ag teacht ó réimse de thraidisiúin chultúrtha.
- Tá cleachtas ann le fada i scoileanna na hÉireann fógraí agus comharthaí a scríobh as Gaeilge agus as Béarla. Bheadh sé luachmhar an cleachtas seo a leathnú in aitheantas do theangacha eile na scoile.
- Ba chóir go léireodh comharthaí agus fógraí ilghnéitheacht teanga an ranga agus go dtacóidís le riachtanais na bhfoghlaimeoirí dara teanga. Mar sin, d'fhéadfaí réimse teanga a úsáid d'fhógraí (Gaeilge, Béarla agus, mar is cuí, Cant/Gammon, Bosniais/Cróáisis/Seirbiais nó Yoruba, mar shampla).

**Téacsanna agus acmhainní eile a roghnú**

Tá bunús maith leis an tionchar atá ag téacsleabhair ar mheonta mhac léinn. Tá sé léirithe nach dtaispeánann na focail agus na pictiúir tuairimí amháin—is cuid den taithí oideachais iad a mhúnlaíonn tuairimí. Mar shampla, beidh tionchar ag an mbealach ina gcaitear le mionlaigh nó mná i dtéacsleabhair ar mheonta agus luachanna

mhac léinn. Is féidir claontacht i dtéacsleabhair a léiriú ar roinnt bhealaí, lena n-áirítear míchruinneas, steiréitíopáil, nithe ar lár nó díchumtha, agus úsáid teanga claonta. Scil bhunúsach is ea forbairt an chumais le claontacht a aithint a chuideoidh le mic léinn a bheith ina léitheoirí cricitiúla don saol. Ba chóir an scil seo a chothú freisin maidir leis an idirlíon, scannáin, físthéipeanna agus meáin eile.

Tá líon mór de phacaí oideachais idirchultúrtha ar fáil in Éirinn chomh maith le hacmhainní sna réimsí atá gaolmhar leis: cearta daonna, coimhlint agus síocháin agus oideachas forbartha. Cuireann an tAonad Oideachas Forbartha de Development Co-operation Ireland (Roinn Gnóthaí Eachtracha) treoir bhliantúil ar fáil ar acmhainní a bheadh úsáideach do mhúinteoirí. Cuireann Pavee Point liostaí ar fáil freisin d'acmhainní a chothaíonn comhionannas agus ilghnéitheacht i scoileanna. (Féach liosta na n-acmhainní do liosta cuimsitheach.)

In an-chuid cásanna ní gá do mhúinteoirí ach na téacsanna féin agus cáipéisí churaclaim a úsáid d'acmhainní cuí. Trí cheistiú ar na meonta atá ar iarraidh agus cén chaoi is féidir an t-ábhar a chur ar fáil nó a léamh ar bhealach eile, nó trí chomparáid a dhéanamh le hacmhainní eile, is féidir le múinteoirí acmhainní teoranta a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar chumas na ndaltaí smaoineamh ar an mbealach ina dtugtar eolas dóibh.

Beidh an seicliosta seo thíos úsáideach i roghnú agus úsáid théacsanna nó acmhainní sa rang. Baineann na hábhair seo le hacmhainní fíor agus ficseanúil araon. Mar shampla, baineann ceisteanna maidir le léiriú ar ilghnéitheacht de ghrúpaí eitneacha chomh mór le leabhar Béarla agus le téacsleabhar Tíreolaíochta.

**Ba chóir don acmhainn a bheith réalaíoch maidir le heolas cúlra na bhfoghlaimeoirí.**

- An roghnaíonn sé samplaí, scéalta nó léaráidí a thagann as aon chultúr amháin nó an mbaineann sé leas as samplaí, scéalta nó léaráidí a bheadh ar eolas ag grúpaí éagsúla de pháistí óna saol baile?
- Má tá an t-ábhar claonta, conas is féidir leis an múinteoir é seo leasú chun an bearna a dhúnadh idir pointe tosaigh an dalta agus pointe tosaigh na hacmhainne?

**Ba chóir don acmhainn ilghnéitheacht ghrúpaí eitneacha a léiriú go réalaíoch agus go dearfach i dtéacsanna, léaráidí agus ceachtanna.**

- An n-úsáidtear go leor léirithe ar bhaill de mhionlaigh eitneacha lena chinntiú go gcothromófar ceannasacht an mhórghrúpa eitneach in íomhánna d'Éirinn?
- An roghnaítear na híomhánna le saol laethúil na ndaoine a léiriú go cruinn?
- An léirítear mionlaigh eitneacha nó daoine ó thíortha eile ar bhealaigh steiréitíopacha (mar shampla, an dtaispeántar Afraicigh go mór mór mar bhochtáin a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, an dtaispeántar Meiriceánaigh Dúchais go mór mór i dtéarmaí na gcogaí, an léirítear baill de mhionlaigh i dtéarmaí a gcuid féilte)?.
- An bhfuil léiriú ar ghrúpaí áirithe i dtéarmaí ballraíochta den ghrúpa sin amháin (mar shampla, an bhfuil an Lucht Siúil léirithe i 'ngnáthcheisteanna' matamaitice nó scéalta, nó an ea nach léirítear iad ach nuair atá nithe an mhionlaigh á bplé)?
- An n-úsáidtear téarmaí measúnacha nó claonta (ar nós fiáin/primitíveach/aisteach/glic/sleamhain/somhúínte) le cur síos ar dhaoine ó thíortha eile nó baill de mhionlaigh eitneacha?

- An dtaispeántar baill de ghrúpaí eitneacha éagsúla (chomh maith le fir agus mná) gafa le gníomhartha éagsúla (jabanna éagsúla, ag obair sa bhaile, ag glacadh páirte in imeachtaí fóillíochta)?
- Má tá na hacmhainní claonta, conas is féidir leis an múinteoir iad a úsáid leis na páistí a mhúineadh faoi chlaontacht in íomhánna agus téacsanna?

**Ba chóir go mbeadh an chlaontacht san acmhainn inaitheanta agus trédhearcach.**

- An dtaispeántar an slí beatha nó cultúr geal nó meánaicmeach mar 'ghnáthcheann'? (mar shampla, d'fhéadfadh nach n-aithneoidh téacs tíreolaíochta ag plé le tíortha Eorpacha go bhfuil cuid mhór de phobal na hEorpa ann nach Críostaithe iad nó atá ina mbaill de mhionlaigh eitneacha).
- An bhfuil téarmaí measúnacha nó claonta in úsáid amhail is dá mba cur síos neamhchlaonta iad (mar shampla, d'fhéadfaí cur síos ar George Washington agus Michael Collins araon mar 'tírghráthóirí' nó 'sceimhlitheoirí', ag brath ar dhearcadh. Ar an gcaoi chéanna, nuair a luaitear téarmaí ar nós 'dul chun cinn' nó 'forbartha' le cultúir, braitheann siad ar dhearcadh an scríbhneora).
- Mura léirítear dearcadh go soiléir mar dhearcadh, conas is féidir leis an múinteoir na hacmhainní sin a úsáid leis na páistí a mhúineadh faoi chlaontacht in íomhánna agus téacsanna?

**Ba chóir go gcuideodh an acmhainn le cúrsaí a phlé maidir le comhionannas, neamhchomhionannas, cearta daonna, idirdhealú, coimhlint agus réiteach coimhlinte agus luach na hilghnéitheachta.**

- An bhfuil eolas nó scéalta san acmhainn a chuireann cúrsaí idirchultúrtha chun tosaigh?
- An bhfuil samhailtí dearfacha ann de dhaoine a ghlac páirt i gcoinbhliochtaí comhionannais, idir chinnirí polaitiúla (ar nós Gandhi nó Nelson Mandela nó Nan Joyce) chomh maith le 'gnáth'-mhná, fir agus páistí?

**Chomh maith le coinbhliochtaí comhionannais, ba chóir don acmhainn tagairt do shaineolaithe agus daoine in údarás ó réimse de ghrúpaí eitneacha agus tíortha dúchais, nuair is cuí.**

- An dtaispeántar eolaithe, stairithe, polaiteoirí nó daoine eile a rinne maitheas don domhan ó réimse de ghrúpaí eitneacha?
- An léirítear baill de mhionlaigh eitneacha i dtéarmaí ballraíocht den ghrúpa sin amháin (mar shampla, an léirítear daoine ón Ind nó Afrai-Meiriceánaigh mar thoradh ar an méid a rinne said don sochaí nó mar dhaoine a throid do chearta Indiacha nó Afrai-Meiriceánacha amháin)?

**Ba chóir go mbeadh léirithe cothroma san acmhainn ar fhir agus mná, daoine ar aoiseanna éagsúla agus daoine faoi mhíchumas.**

- An léirítear fir agus mná ag taispeáint an réimse iomlán de mhothúcháin agus iompraíochtaí daonna?
- An dtaispeántar baill de mhionlaigh eitneacha nó daoine faoi mhíchumas i réimse de shuímh?

## IOMPRAÍOCHT AGUS STRUCHTÚIR SA SEOMRA RANGA

Many of the more interesting intercultural moments are those that are unplanned-moments arising from incidents in the school or issues raised by children themselves. These incidentals or unplanned moments offer a great chance for dialogue and often provide some of the best opportunities for intercultural education.
**(Athfhriotal ó mhúinteoir a bhí páirteach sa tionscnamh Celebrating Difference: Promoting Equality.)**

Beidh na hidirghníomartha a tharlaíonn laistigh den seomra ranga á struchtúrú ag cnuasach de rialacha aontaithe maidir le hiompraíocht sa seomra ranga, a leagann béim ar mheas dá chéile. Leagfar béim ar an meas seo trína bheith neadaithe sna hidirghníomhartha beaga de shaol an tseomra ranga.

Uaireanta freagraíonn mic léinn d'ilghnéitheacht (mar shampla, dath craicinn, tréithe coirp, teanga nó ainmneacha) le míchompord agus measfaidh siad go bhfuil ilghnéitheacht mínormálta. Is féidir leo freagairt freisin le claontacht, ar nós gáire, masla, séanadh nó foréigean. Tá deiseanna ansin chun obair idirchultúrtha a dhéanamh.

Ag plé le heachtraí mar seo tá sé úsáideach don mhúinteoir

- gníomhú láithreach, in áit neamhní nó fanacht le féachaint an n-athróidh an iompraíocht
- troid i gcoinne na dtuairimí—ní an duine
- go séimh abair go soiléir go bhfuil iompraíocht nó freagraí áirithe míchuí le tagairt a dhéanamh do rialacha iompraíochta an tseomra ranga, á dhéanamh ar bhealach nach meallfadh an mac léinn a bhí páirteach san idirdhealú le tarraingt siar ó chomhrá leis an múinteoir

- tabhair tacaíocht don mhac léinn a bhí thíos leis an iompraíocht, agus le meas cuí ar mhothúcháin mac léinn eile, déan dearbhú dóibh le tagairt ar leith d'fhócas idirdhealú an mhic léinn eile. Mar shampla, má tá mic léinn eile ag magadh faoin ainm, dearbhaigh go bhfuil an t-ainm go hálainn agus go mbeadh áthas ar mhilliúin daoine ar fud an domhain an t-ainm sin a bheith acu
- cuidigh le mic léinn a mbíonn iompraíocht idirdhealaitheach smaoineamh ar na mothúcháin a bheadh acu dá mbeidís féin thíos leis ar an mbealach céanna
- cuidigh le mic léinn a aithint cén fáth go raibh siad míchompordach leis an éagsúlacht. Mar shampla, faigh amach an bhfuil míthuiscint nó creideamh claonta ann mar bhunús lena n-iompraíocht agus téigh i ngleic leis na cúiseanna seo láithreach agus, más cuí, in obair reatha.

(Tá na moltaí seo bunaithe ar shaothar Derman-Sparks (1989) *Anti-Bias Curriculum*.)

Tig le múinteoirí, trí idirghníomhacht le mic léinn, noda a thabhairt dóibh trí thimpiste. Mar shampla, is féidir go mbeidh deacracht acu ainmneacha anaithnid a rá nó teanga chuí a ainmniú le tagairt a dhéanamh do ghrúpaí eitneacha, ar nós gan a fhios a bheith acu ar chóir tagairt do dhuine mar dhuine atá dubh, geal nó ina bhall den Lucht Siúil. Is féidir go mbeidh tuairimí ag múinteoirí i ngan fhios dóibh féin maidir le normáltacht nithe cultúrtha (tithe 'normálta', bia 'normálta', stíl ghruaige 'normálta', srl.). Le nach mbeadh teachtaireachtaí míchuí á dtabhairt do mhic léinn, is fiú do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar a dteanga agus idirghníomhartha féin sa seomra ranga mar chuid de phróiseas athbhreithnithe ar thimpeallacht an tseomra ranga.

## TIMPEALLACHT CHOMHOIBREACH FOGHLAMA A THÓGÁIL

Leagann eagrú traidisiúnta an tseomra ranga béim ar luachanna aonaracha iomaíocha. Is féidir le cur chuige eile, bunaithe ar shamhail chomhoibritheach, torthaí dearfacha acadúla agus sóisialta a sholáthar do bheagnach gach mac léinn.

Nuair a bhíonn deiseanna foghlama comhoibritheacha ann bíonn seans ag daltaí obair le daoine ó ghrúpaí éagsúla sóisialta, eitneacha nó cumais. Ba chóir go mbeadh foghlaim chomhoibritheach ina cúis le teagmháil rialta agus dearfach ina dtugtar aitheantas d'ilghnéitheacht scileanna agus cumais na mball éagsúla sa ghrúpa. Tá sé cruthaithe go bhfeabhsaíonn gaol idir mhic léinn ó ghrúpaí éagsúla go mór má bhaintear úsáid as straitéisí foghlama comhoibritheacha grúpmheasctha, is cuma cén t-ábhar atá idir lámha. Ina theannta sin, tá torthaí acadúla níos fearr as mic léinn ó mhionlaigh eitneacha i suímh chomhoibritheacha ná mar atá i seomraí ranga traidisiúnta. Le straitéis chomhoibritheacha foghlama, is féidir le gach ábhar deis a thabhairt do pháistí cumas idirchultúrtha a fhorbairt, is cuma cén t-ábhar atá ann.

Ní hionann duine a shuíomh in áit ina bhféadfaí scil a chleachtadh agus a chinntiú go bhfoghlaimeofar í. Mar shampla, ní hionann leabhair a sholáthar agus a chinntiú go bhfoghlaimeoidh duine an léamh. Tá sé seo fíor maidir leis na scileanna agus tréithe sóisialta atá mar bhunús le cumas idirphearsanta agus idirchultúrtha. Ní leor mic léinn a chur i ngrúpaí.

Ní mór deimhin a dhéanamh de go dtugtar deiseanna do mhic léinn na tuiscintí agus cumais a fhoghlaim a chuideoidh leo obair go dearfach mar bhaill de ghrúpa anseo, na nithe seo thíos san áireamh

- iompraíochtaí comhoibritheacha ar leith ar nós ceisteanna a iarraidh, éisteacht, labhairt go soiléir agus go beacht, fáthanna a mhíniú, srl.
- na rialacha sóisialta do ghrúpa oibre, ar nós rannpháirtíocht duine ar dhuine, páirt a ghlacadh i bpleanáil, measúnú agus obair i rólanna éagsúla ar nós an chathaoirligh nó an rúnaí
- na tuiscintí agus scileanna ar leith a bhaineann le réiteach coimhlinte, ar nós luach thuairimí éagsúla a aithint, coimhlint a dhíphearsanú, leasa comónta a aithint agus deiseanna a chruthú le toradh dearfach comónta a bhaint amach.

Nuair atá grúpaí agus tascanna á n-eagrú tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil deiseanna sna tascanna a dháiltear do dhaoine rannpháirtíocht dearfach a dhéanamh sa ghrúpa agus nár chóir go gceapfaí go bhfuil ar an ngrúpa duine ar bith a 'iompar'. D'fhéadfadh go mbeadh ar an múinteoir tacú leis an bpróiseas chun comhoibriú agus uileghabhálacht a mhéadú. I gcomhthéacs timpeallacht uileghabhálach an tseomra ranga a chothú tá sé níos fearr dualgais agus freagrachtaí an tseomra ranga a roinnt idir chách ná iad a thabhairt do ghrúpa beag ar leith. Is féidir le gach mac léinn páirt a glacadh i dtascanna ar nós obair bhaile a bhailiú, tinreamh a sheiceáil, ábhair agus trealamh a dháileadh, leagan amach an tseomra, fáiltiú roimh chuairteoirí, srl.

## AG FÁILTIÚ ROIMH MHAC LÉINN NUA

Tá tábhacht na tacaíochta do mhic léinn ag dul isteach i scoil nua cruthaithe i réimse d'obair thaighde agus 'mic léinn ó ioncaim níos ísle agus mionlaigh eitneacha níos mó "i gcontúirt" agus an t-aistriú go hiarbhunscoil á dhéanamh acu' (Gutman agus Midgley, 2000,) Sa taighde a deineadh le déanaí maidir le mic léinn ag aistriú ó bhunscoileanna go scoileanna dara leibhéal in Éirinn tá sé léirithe go socraíonn mic léinn níos luaithe agus go mbíonn níos lú fadhbanna acu i scoileanna ina bhfuil cláracha chomhtháite níos forbartha agus

> students from non-national or Traveller backgrounds report more transition difficulties than other students.
> **(ESRI/NCCA, 2004. p.283)**

Tá roinnt bealaí inar féidir le múinteoir tacú le comhtháthú mhic léinn nua.

- Cuir an mac léinn i láthair go dearfach, ag díriú ar a gcumais ("Tá Cróáisís líofa ag Goran, agus roinnt Béarla freisin") murab ionann agus a riachtanais ("Ní labhraíonn Goran Béarla go ró-mhaith").
- Cuir deiseanna struchtúrtha do mhic léinn nua obair le mic léinn eile don chéad cúpla lá. Nuair a cheadaíonn an teanga é, is féidir é seo a dhéanamh in obair phéirithe nó imeachtaí ghrúpa. Nuair nach bhfuil teanga labhartha choiteann ann, tá deiseanna ar fáil san ealaín, sa cheol nó in imeachtaí drámaíochta.
- Más féidir, cuir na daoine nua ina suí in aice le duine a labhraíonn a dteanga dúchais don chéad cúpla seachtain. Muna bhfuil aon duine sa rang a labhraíonn a gcéad teanga, is féidir go mbeidh deis ann an mac léinn a chur in aithne do bhall eile den phobal scoile (dalta eile, mar shampla) a labhraíonn a dteanga dúchais le linn sosa nó ag am lóin i rith an lae scoile. Ba chóir na socruithe seo a chríochnú tar éis cúpla seachtain, lena chinntiú go bhfuil deis ag an mac léinn nua gaol a fhorbairt lena c(h)omhghleacaithe nua.
- Bunaigh gnásanna sa rang atá soiléir agus ar féidir le mic léinn nua, nach bhfuil taithí acu ar na nithe suntasacha i gcóras oideachais na hÉireann nó atá ag foghlaim teanga na hoiliúna mar dhara teanga, iad a fhoghlaim agus a thuiscint. Beidh bunús an mhuintearais ann, a chuideoidh le daltaí aithne a chur ar na bealaí ina n-oibríonn an córas scoile.
- Tacaigh leis na mic léinn ar fad le pobal uileghabhálach a fhorbairt sa seomra ranga (murab ionann agus ceann ina bhfuil an múinteoir ag maoirsiú agus ag cosc an idirdhealaithe) tré bhealaí a aithint inar féidir le mic léinn a chéile a chur ar a shuaimhneas. Tá seans go n-aontóidh na mic léinn ar straitéisí dóibh féin lena chinntiú nach ndéantar eisiamh ar dhuine ar bith sa rang.

**SEICLIOSTA: CÉN T-EOLAS A BA CHÓIR A BHEITH AG AN MÚINTEOIR ÁBHAIR NUAIR A THAGANN MAC LÉINN ISTEACH SA RANG?**

- ✓ Cén ainmneacha atá ar an mac léinn agus na tuismitheoirí agus conas a fhoghráitear i gceart iad?
- ✓ Cén teanga(cha) atá ag an mac léinn, agus cén líofacht atá acu ann/iontu?
- ✓ Conas is féidir bunphrásaí a rá i dteanga dúchais an mhic léinn, ar nós beannacht, 'led' thoil/go raibh maith agat', 'glac páirt', 'stop', 'maith thú /an-mhaith, srl?
- ✓ An bhfuil ábhair nach mbeidh á nglacadh ag an mac léinn agus cad a bheidh ar siúl acu ag na hamanna sin?
- ✓ An bhfuil gníomhartha atá míbhéasach nó míchuí i gcultúr dúchais an mhic léinn ach nach mbeadh aon dímheas iontu do bhaill an tromlaigh eitnigh, nó an bealach eile thart (is féidir go mbeadh dímheas i mbos oscailte a thaispeáint nó boinn na gcos a thaispeáint i gcultúir áirithe; i roinnt cultúir Afraiceacha tá sé míbhéasach do pháiste teagmháil súile a dhéanamh le duine fásta ahc go minic labhraíonn páistí Lucht Siúil go han-oscailte agus go han-díreach le daoine fásta, rud a mheastar a bheith míbhéasach i scoileanna uaireanta, srl.)? Conas a láimhseálfar múinteoireacht chultúr na scoile don mhac léinn?
- ✓ Cén reiligiún atá ag an mac léinn, conas a chleachtaítear é, agus an bhfuil aon impleachtaí aige do phleanáil seomra ranga?
- ✓ An mbeidh nithe ar leith ann do mhic léinn maidir le bia, seoda nó éadach (mar shampla, an réimse de bhlas atá ar fáil i mbialann na scoile nó siombalachas shuaitheantas na scoile ar an éide scoile)?

## TIMPEALLACHT TACAÍOCHTA TEANGA A CHRUTHÚ

Ta teanga ina bunchloch d'fhéiniúlacht dhuine agus ról lárnach aici sa phróiseas foghlama. Go stairiúil, tá ilghnéitheacht teangeolaíoch in Éirinn, agus Gaeilge agus Béarla araon mar chéad teangacha. Caithfear réimse theangacha na n-imirceach nua a chur leo sin anois. Tá tábhacht leis an gceart do theanga féin a bheith agat i gcuidiú le daoine féiníomhá láidir dearfach a fhorbairt. De ghnáth bíonn sé níos éasca do dhaoine smaoineamh casta a fhorbairt ina dteanga dúchais freisin. Do chúiseanna eitice agus oideachais araon, mar sin, tá sé tábhachtach go mbeadh meas ar theanga dúchais an mhic léinn laistigh de chomhthéacs na scoile. Tá sé tábhachtach freisin timpeallacht a chruthú a thacaíonn le foghlaim dara teanga.

Is féidir gur taithí an-dearfach a bheidh ann san fhoghlaim i dtimpeallacht iltheangach dos na mic léinn uilig. Déanann sé suntas ar ilghnéitheacht theangacha agus cultúir ar domhan agus, dá bhrí sin, is acmhainn thábhachtach í le cumais idirchultúrtha a fhorbairt sna mic léinn uilig, is cuma cén eitneachas atá acu.

Is féidir aitheantas agus dearbhú a thabhairt do chéad teanga an mhic léinn mar seo a leanas

- foghlaimíonn an múinteoir agus na mic léinn roinnt phrásaí nó focail (beannachtaí, treoracha simplí, srl.) i dteanga dúchais an mhic léinn
- meonta dearfacha a léiriú i leith na hilghnéitheachta teangeolaíochta agus scileanna ilteangeolaíochta an mhic léinn agus aitheantas a thabhairt do chumais na bhfoghlaimeoirí murab ionann agus iad a aithint go príomha mar dhaoine le 'riachtanais teanga'
- acmhainní ilteangacha a sholáthar nuair is féidir.

D'fhoghlaimeoirí dara teanga, tá sé tábhachtach réimse de noda agus tacaithe a fháil sa chaoi is go dtuigfidh siad an teanga atá in úsáid. Is féidir geáitsíocht, bealaí eile cumarsáide agus pictiúir a úsáid mar thaca d'fhoghlaimeoir dara teanga lena thuiscint cad atá á rá. Is féidir le pobal an ranga a bheith ina acmhainn d'fhoghlaimeoirí dara teanga agus, sa phróiseas sin, cumais thábhachtacha idirchultúrtha a fhorbairt.

Seo thíos cuid de na straitéisí chun é seo a dhéanamh:

- Déan cinnte go dtuigeann na mic léinn ar fad gur áit é an seomra ranga ina bhfoghlaimíonn daoine an teanga oiliúna ag an am céanna agus a fhoghlaimíonn siad ábhair eile (Stair, Matamaitic, srl.). Mínigh an tábhacht atá le timpeallacht tacúil inar féidir le daoine labhairt agus botúin a dhéanamh gan a bheith buartha faoi mhagadh.
- Mol bealaí inar féidir leis na mic léinn tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dá gcomhghleacaithe, ar nós abairtí a athrá nó a chur ar bhealach eile, nó geáitsíocht, pictiúir nó focail scríofa a úsáid.
- Déan straitéisí a shamhlú agus a aisteoireacht amach le soiléiriú a lorg agus le tuiscint a dhearbhú.

**“ Timpeallachtaí foghlama is ea seomraí ranga idirchultúrtha a léiríonn agus a thaispeánann mórtas as an éagsúlacht teanga, cine agus cultúir atá mar thréith ar Éirinn...”**

# Oideachas Idirchultúrtha ar Fud an Churaclaim

5
meanstrath

# 5

# OIDEACHAS IDIRCHULTÚRTHA AR FUD AN CHURACLAIM

## 5.1 Pleanáil théamach chomhtháite d'ábhair cheachtanna

Mar a dúradh ag tús Chaibidil 2, tá oideachas idirchultúrtha ag teacht le haidhmeanna agus spriocanna an oideachais iarbhunscoile. Tá baint ag oideachas idirchultúrtha leis na hábhair ar fad. Má chomtháitear ábhar idirchultúrtha thar réimse na n-ábhar tugtar taithí fhoghlama níos cuimsithí agus níos saibhre don mhac léinn. Tá cosúlacht níos mó ann go bhforbróidh mic léinn luachanna agus meonta cuí má tá siad nasctha leis na réimsí ábhair agus le saol iomlán na scoile, ná mar a bheadh dá bpléifí leo ar bhealach scaipthe nó ar shlí 'aon-uaire'.

Cé gir féidir comhtháthú a phleanáil ar bhealaí éagsúla, is fearr le roinnt múinteoirí cur chuige téamúil do phleanáil. Tugann sé seo cumas dóibh a chinntiú go bhfaighidh siad eolas, tuiscint, scileanna, cumais, luachanna agus meonta cuí trí phleanáil sheomra ranga agus idirghníomhaíocht atá mar chuid den mhúinteoireacht cheana ina réimsí ábhair.

Chun tacú le comhtháthú agus múinteoireacht d'eolas, tuiscint, scileanna, cumais, luachanna agus meonta idirchultúrtha, tugtar ábhar an oideachais idirchultúrtha laistigh de chomhthéacs chúig théama. Tá forluí agus idirnascadh sna téanaí seo a leanas agus ní cnuasaigh scartha eolais iad. Tá forluí agus idirnascadh sna téanái seo a leanas agus ní cnuasaigh scartha iad:

- Féiniúlacht agus muintearas
- Cosúlacht agus difríocht
- Cearta agus freagrachtaí daonna
- Idirdhealú agus comhionannas
- Coimhlint agus réiteach coimhlinte

Tá an t-ábhar seo oiriúnach do mhic léinn uilig, is cuma faoina n-eitneachas nó cúlra cultúrtha. Beidh difríochtaí ó sheomra ranga go seomra ranga sa chaoi ina bpléitear leis an ábhar, lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach ó thaobh aoise agus ábhair de.

- Féiniúlacht agus muintearas
- Cosúlacht agus difríocht
- Cearta agus freagrachtaí daonna
- Idirdhealú agus comhionannas
- Coimhlint agus réiteach coimhlinte

## FÉINIÚLACHT AGUS MUINTEARAS

Tá sé de cheart ag páistí tuiscint agus rannpháirtíocht a bheith acu sna léirithe ilghnéitheacha cultúrtha, teangeolaíochta, sóisialta agus ealaíne d'Éireannachas. Tá sé d'aidhm ag an gcuraclam aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht na bpobal ar fad i saibhreas na hilghnéitheachta in Éirinn na linne seo. Aithníonn sé gur tréith í an ilghnéitheacht de ghrúpaí ar féidir breathnú orthu mar 'mhuintearach' in Éirinn. Mar a dúradh i gCaibidil 1, tá sé seo fíor go stairiúil agus sa lá atá inniu ann freisin. Sa chleachtas, ciallaíonn an t-aitheantas seo scrúdú ar chultúr Éireannach sa Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile freisin. Do mhic léinn sa tsraith shóisearach, beidh sé tábhachtach fios a chur ar na coincheapa ar a mbunaítear ár gcultúr náisiúnta polaitíochta (dlí agus cirt, daonlathas, comhionannas, cearta, srl.), chun ciall a dhéanamh dá bhféiniúlacht, go stairiúil agus sa lá atá inniu ann.

Ar an gcaoi chéanna, ainmnítear na naisc le cultúr Eorpach agus feasacht chothrom agus oilte ar ilghnéitheacht dhaoine agus timpeallachtaí an domhain mar ghné tábhachtach san oideachas iarbhunscoile. Cuidíonn feasacht mar seo le forbairt phearsanta agus sóisialta an ndaoine óga mar shaoránaigh in Éirinn idirchultúrtha, san Eoraip agus sa phobal domhanda. Má tá aitheantas ar na naisc idir chultúir agus teangacha na hÉireann agus cultúir agus teangacha na dtíortha Eorpacha eile (mar shampla, na naisc idir Gaeilge, Breatnais, Briotáinis agus Gáidhlig na hAlban) beidh an mac léinn in ann tuairim láidir a fháil ar fhéiniúlacht náisiúnta gan a bheith naimhdeach le féiniúlachtaí eile.

Tá forbairt de mhothúchán dearfach an mhic léinn de féin lárnach don oideachas idirchultúrtha, agus don oideachas go ginearálta. Tá baill de mhionlaigh eitneacha a ndéantar idirdhealú orthu, nó nach léirítear a gcultúr mar rud gnáthach nó tipiciúil ina dtimpeallacht, i gcontúirt leibhéal íseal féinmhuiníne a fhorbairt nó a n-oidhreacht cultúrtha nó fisiciúil a shéanadh. Mar shampla, tá seans nach mbeidh páistí den Lucht Siúil ag iarraidh go n-aithneofaí iad mar Lucht Siúil mar thoradh ar na híomhánna diúltacha a tugadh dóibh. Tá contúirt ann freisin do bhaill den tromlach eitneach go nascfar féin-mheas le tuairimí maidir le ceannasacht a gcultúir. Do dhaoine óga déanfar an féinmheas seo a fhorbairt trí fheasacht ar thréithe fisiciúla agus cultúrtha (a gcultúr baile, dath craicinn, srl.), agus tuairim go bhfuil a dtréithe féin agus tréithe dhaoine eile ar chomhluach. Forbrófar an tuairim dhearfach seo mar dhuine aonair, mar bhall de ghrúpa cultúrtha nó eitneach, agus mar bhall de shochaí idirchultúrtha, i bpáistí uilig le linn na scolaíochta.

**FÉINIÚLACHT AGUS MUINTEARAS**

## Scileanna agus cumais

- Cumas páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach
- Cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar léirithe steiréitíopacha de ghrúpaí
- Cumas comparáid agus coibhneas a dhéanamh le tuairimí agus dearcadh éagsúla
- Cumas éisteacht le hionbhá agus idirphlé a dhéanamh le daoine ó chúlraí éagsúla.

## Luachanna agus meonta

- Meas ar an duine féin: luach ar ghrúpa an duine féin agus féiniúlacht aonair
- Meas agus tuiscint ar shaibhreas chultúir agus traidisiúin
- Tiomantas do phrionsabail daonlathacha a aithníonn cearta gach duine d'éisteacht agus meas, agus aitheantas don fhreagracht chun na cearta seo a chosaint agus a chothú
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh

## Eolas agus tuiscint

- Tuiscint ar ilghnéitheacht oidhreacht na hÉireann agus ar a bhfuil tugtha ag grúpaí éagsúla do shochaí Éireannach na linne seo
- Eolas faoi chultúir na hEorpa agus cultúir eile
- Tuiscint ar a bhfuil tugtha ag glúiní de mhuintir na hÉireann do shochaithe timpeall an domhain
- Eolas ar an iliomad bealaí ina léirítear féiniúlacht
- Eolas ar an idirghníomhaíocht idir féiniúlacht agus muintearas
- Tuiscint ar thionchar claontachta, ciníochais agus steiréitíopála

## COSÚLACHT AGUS DIFRÍOCHT

Aithníonn oideachas uathúlacht gach duine aonair, i dtéarmaí a staire pearsanta féin, a thaithí, a dhíoth agus a riachtanas. Cuid den uathúlacht is ea go bhfuilimid ar fad inár mbaill de ghrúpaí ar leith sóisialta, rud a chiallaíonn go roinnimid taithí, díotha agus riachtanais áirithe le baill eile de na grúpaí sin. Go minic bíonn taithí agus riachtanais ilghnéitheacha ag grúpaí éagsúla cultúrtha, teanga nó eitneacha. Sochaí chóir is ea sochaí a dhéanann soláthar d'uathúlacht an duine agus féiniúlacht roinnte. Mar a dúirt Commission on the Future of Multi-Ethnic Britain (The Parekh Report):

> Since citizens have different needs, equal treatment requires full account to be taken of their differences. When equality ignores relevant differences and insists on uniformity of treatment, it leads to injustice and inequality; when differences ignore the demands of equality, that results in discrimination. Equality must be defined in a culturally sensitive way and applied in a discriminating but not discriminatory manner.

Ní shainíonn cultúr sinn. Laistigh de phobal geal socraithe na hÉireann tá ilghnéitheacht de luachanna, creidimh agus bealaí saoil. Léiríonn grúpaí eitneacha agus náisiúnta eile an-chuid ilghnéitheachta freisin. Tá sé tábhachtach le steiréitíopáil a chosc.

Ní shainítear daoine le gné amháin den saol. Tá féiniúlachtaí dhaoine casta agus lán de leibhéil. Is féidir le duine a bheith, ag an am céanna, ina máthair, ball den Lucht Siúil, oibrí chúram páistí, ealaíontóir, deirfiúr, Éireannach, ball de lucht leanúna 'aon dream ach Manchester United'. De ghnáth tá rud éigin i gcoitinne againn le baill de ghrúpaí eile agus mar sin ba chóir go mbeimis in ann caidreamh agus ionbhá a bheith againn leo. Is gá na gnéithe seo a fhiosrú, chun srianadh agus steiréitíopáil dhaoine a chosc.

Do dhaoine óga, forbrófar feasacht go bhfuil an-ilghnéitheacht sa daonnacht agus nach bhfuil aon slí amháin atá 'gnách' trí fhiosrú ar an domhan timpeall orthu, agus trí aithne a chur ar mheascán saibhir agus éagsúil d'íomhánna agus déantáin cultúrtha. Mar a théann páistí trí scoil beidh siad eolach ar na cultúir éagsúla a chuir le hÉireannachas trí thionchar ar na healaíona sa Ghaeilge agus sa Bhéarla (agus an comhéadan idir an dá theanga), ár luachanna, ár matamaitic, ár dteicneolaíocht agus na bealaí ina mbainimid leas as idirmheascadh na gcultúr.

Sna céimeanna tosaigh den bhunscoil is féidir le páistí teacht ar eolas ar an gcaoi ina gcuirtear íomhánna agus cuntais i láthair. Le linn an dul chun cinn san iarbhunscoil is féidir an fheasacht seo a fhorbairt trí chabhrú leo cumas criticiúil a fhorbairt chun claontacht agus steiréitíopáil i dtéacs agus íomhánna a aithint agus chun tuiscint a fháil ar a dtionchar i múnlú meonta agus iompraíochta.

## COSÚLACHT AGUS DIFRÍOCHT

### Scileanna agus cumais

- Cumas comparáid agus coibhneas a dhéanamh le tuairimí agus dearcadh éagsúla.
- Cumas idirphlé a dhéanamh agus comhthuiscint a fháil.
- Cumas a bheith oscailte d'athrú bunaithe ar idirphlé, machnamh agus anailís.
- Cumas éisteacht le hionbhá agus idirphlé a dhéanamh le daoine ó chúlraí éagsúla.
- Cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar léirithe steiréitipeacha de ghrúpaí.
- Cumas idirbheartaíocht a dhéanamh le daoine eile.

### Luachanna agus meonta

- Meas ort féin agus meas ar dhaoine eile.
- Meas ar ilghnéitheacht—dearbhú ar an luach atá le fáil as tuairimí agus léirithe cultúrtha éagsúla.
- Oscailteacht don idirphlé agus comhthuiscint a chuardach.
- Meas ar idirspleáchas na ndaoine uilig.
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh.

### Eolas agus tuiscint

- Tuiscint ar dhúshláin agus deiseanna an daonlathais i sochaithe éagsúla.
- Tuiscint nach sainíonn an cultúr sinn.
- Tuiscint ar chiníochas agus mar a fheidhmíonn sé ag leibhéal aonair agus institiúide.
- Tuiscint ar an gcaoi ina bhfuil na daoine uilig idirspleách.

## CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ DAONNA

Baill den ghrúpa daonna is ea sinn ar fad. Mar thoradh ar ár mballraíocht den ghrúpa sin roinnimid ar fad cearta áirithe chomh maith leis an bhfreagracht na cearta seo a chosaint dá chéile. Tá sé tábhachtach, nuair a fhéachaimid ar na nithe a roinntear le daoine eile, obair i dtreo tuisceana níos fearr ar chearta daonna, cad iad, agus conas is féidir linne iad a chur ag obair.

Cé gurb é an Dearbhú Uiledhomhanda ar Chearta Daonna an cur síos is leithne ar chearta daonna, is ráiteas tábhachtach é an Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste (1989) ar chearta a bhaineann le mic léinn.

Tá an fhreagracht leis na cearta seo a chur i bhfeidhm againn ar fad, mar dhaoine aonair. Deir réamhrá don Dearbhú Uiledhomhanda ar Chearta Daonna:

> … every individual … keeping this Declaration constantly in mind, shall strive by teaching and education to promote respect for these rights and freedoms and by progressive measures, national and international, to secure their universal and effective recognition and observance.

- Tá cearta *uilíoch*. Baineann siad le gach tír. Ní féidir rud atá ina cheart daonna chosc ar dhuine toisc go bhfuil siad in áit amháin nó áit eile.
- Tá cearta *neamhinroinnte*. Tá gach ceart le haithint go cothrom. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an tábhacht céanna ag cearta sóisialta agus eacnamíochta ar nós an chirt do chúram leighis, rogha poist, am fóillíochta agus seirbhísí sóisialta riachtanacha agus atá ag cearta uilíocha polaitiúla ar nós an chirt le triail chothrom a fháil.
- Tá cearta *doshannta*. Ní féidir iad a chosc nó a bhaint de dhaoine.

Tá sé riachtanach go n-aithneofaí na freagrachtaí a thagann le cearta. Má tá aon ghrúpa, tromlach nó mionlach eitneach le héileamh ar dhaoine eile go mbeidh meas ar a gcearta, tá freagracht ag baill an ghrúpa sin féin cearta ghrúpaí eile a chosaint agus a chothú. Uaireanta bíonn aighneas ann mar thoradh ar choimhlint idir chearta. Tá an cumas aighneas mar sin a úsáid go dearfach le réiteach a fháil gaolta go dlúth leis an gcumas coincheap na gcearta agus freagrachtaí a chur i bhfeidhm go cothrom ar gach aon duine.

D'aithin na daoine a chum an Dearbhú Uiledhomhanda ar Chearta Daonna nach gcosnódh gach tír na cearta seo. Ó d'aithin siad nach bhfuil aon teorainn leis an bhfreagracht chun cearta a chosaint, thug siad le fios go mbeadh ceart ag gach aon duine tearmann a lorg dá mba rud é gur dhiúltaigh a dtír dúchais a gcearta a chosaint.

Nascann cearta daonna le chéile sinn. Mar sin is bunús iad le hionbhá a fhorbairt idir dhaoine. Cruthaíonn siad comhthéacs freisin inar féidir inimirce agus saghsanna éagsúla idirdhealaithe a thuiscint gan tuairimí de cheannasaíocht cultúrtha a chur chun cinn.

Tosóidh páistí óga ag forbairt tuisceana ar chothromas agus éagothromas agus cuirfidh said na tuairimí seo i bhfeidhm ar réimse d'eachtraí praiticiúla (cead cainte a fháil, páirt a ghlacadh i gcinntí, sciar cóir a fháil, srl.). Forbróidh siad freisin tuiscint ar chur i bhfeidhm na rialacha agus an bealach ina dhéanann comhlíonadh na rialacha an saol níos fearr do chách. Is féidir na tuiscintí seo a fhorbairt le linn na tréimhse sa bhunscoil sa chaoi is go mbeidh, faoin am a fhágann siad an bunscoil, tuiscint acu ar fhorbairt choincheapa de chearta agus cur i bhfeidhm an chreatlaigh ceart do shuímh laethúla. Tógfar ar na tuiscintí seo san oideachas iarbhunscoile nuair a fhoghlaimeoiodh mic léinn faoi ról an n-institiúidí idirnáisiúnta reachtaíocht le cearta daonna a chosaint, ábhair a bhaineann le cearta daonna agus conas plé leo, ról agus freagracht dhaoine aonair agus ghrúpaí i gcothú agus i gcosaint cheart daonna, srl.

**CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ DAONNA**

## Scileanna agus cumais

- Cumas coincheapa de chearta daonna agus caighdeáin a chur i bhfeidhm maidir le suímh áitiúla agus domhanda.
- Cumas bunphrionsabail de chearta daonna a chomhtháthú i suímh laethúla.
- Cumas páirt a ghlacadh i gcothú agus i gcosaint de chearta daonna.

## Luachanna agus meonta

- Ionbhá leo siúd ar séanadh cearta orthu.
- Tiomantas do chur i bhfeidhm phrionsabail de chearta daonna.
- Tiomantas comhionannas agus cearta a chothú.
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh.

## Eolas agus tuiscint

- Eolas faoin Dearbhú Uiledhomhanda ar Chearta Daonna (1948) agus príomhionstraimí ar nós Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste (1989) agus ionstraimí idirnáisiúnta eile de chearta daonna.
- Eolas ar reachtaíocht agus forais náisiúnta atá ag féachaint le cearta daonna a chosaint.
- Eolas ar throideanna stairiúla agus comhaimseartha do chearta daonna.
- Tuiscint ar neamhinroinnteacht de chearta daonna.
- Tuiscint ar chiníochas mar shárú ar chearta daonna.

## IDIRDHEALÚ AGUS COMHIONANNAS

Go liteartha séard is brí le 'hidirdhealú' ná difríocht a aithint nó breith a dhéanamh. Déanann daoine difreáil an t-am ar fad agus iad ag cinneadh cén bia le n-ithe, nó cén duine le fostú i bpost. Bíonn fadhb ann, áfach, nuair a dhéantar difreáil go héagórach leatromach. Agus an focal 'idirdhealú' á úsáid sa doiciméad seo, séard a bheidh i gceist ná difreáil den sórt sin.

In Éirinn, tá sé i gcoinne an dlí idirdhealú a dhéanamh ar dhuine i réimsí áirithe bunaithe ar aon cheann de na nithe seo

- gnéas
- stádas pósta
- stádas clainne (páistí a bheith agat nó a bheith i do chúramóir)
- aois (idir 18 agus 65)
- míchumas
- cine
- claonadh gnéis
- creideamh reiligiúnda
- ballraíocht den Lucht Siúil.

(Acht um Stádas Comhionann, 2000)

Aithnítear dhá shórt idirdhealaithe: idirdhealú díreach agus idirdhealú indíreach. Caithfear an dá shórt a thuiscint má tá siad le réiteach. Is é an t-idirdhealú díreach an ceann is soiléire agus is éasca a aithint. Má chaitear go héagsúil le duine toisc gur duine den Lucht Siúil iad nó toisc gur duine dubh iad (cosctha ó theach tábhairne, maslaithe, caite le hamhras, srl.) tá idirdhealú díreach déanta orthu. I suirbhé sa bhliain 2001 ar mheonta i mionlaigh eitneacha in Éirinn, dúirt 78 faoin gcéad de bhreis agus 600 a thug freagraí ó mhionlaigh éagsula eitneacha ina gcónaí ar fud na hÉireann go raibh siad thíos le ciníochas den sórt sin, níos minice in áiteanna poiblí ar nós sa tsráid nó i siopaí nó i dtithe tábhairne.

Nuair a bhíonn idirdhealú indíreach ann bíonn an cuma ar an scéal go bhfuil cur i bhfeidhm na bpolasaithe nó na ndeiseanna céanna ar dhaoine éagsúla ceart agus cothrom, ach ní féidir iad a bheith cothrom má tá torthaí éagsúla acu. Mar shampla, má mhúintear an t-ábhar céanna do bhuachaillí agus cailíní, ach má roghnaítear na samplaí ar fad le suim a mhuscailt sna buachaillí amháin, is féidir go mbeidh idirdhealú indíreach ar na cailíní. Má bhunaítear cead iontrála ar scoil ar dheartháir nó deirfiúr de chuid an pháiste a bheith sa scoil cheana, is féidir go mbeidh idirdhealú i gcoinne daoine taistil. Ar an gcaoi chéanna, muna bhfuil soláthar cóiríochta ann do dhaoine a ghluaiseann ó áit go háit, is féidir idirdhealú a bheith ann go hindíreach ar an Lucht Siúil. Ní hionann caitheamh le daoine mar an gcéanna agus caitheamh leo go cothrom.

Mar atá le coincheap de chearta, tosóidh daoine óga ar thuiscint a forbairt ar chothromaíocht agus éagothromaíocht agus cuirfidh siad na tuairimí seo i bhfeidhm ar réimse d'eachtraí praiticiúla (cead cainte a fháil, páirt a ghlacadh i gcinntí, sciar cothrom a fháil, srl.). Mar a théann siad ar aghaidh trí iarbhunscoil forbróidh siad tuiscint níos doimhne ar idirdhealú mar a fhoghlaimíonn siad conas idirdhealú a aithint sa ghnáthshaol agus mar a fhaigheann said tuiscint ar éagóir ina bpobal féin agus sa domhan mór. Is féidir mic léinn a spreagadh le gníomhú chun daoine a chosaint atá thíos le héagomhionannas agus idirdhealú de réir mar a fhaigheann said eolas agus tuiscint níos doimhne ar na hábhair.

## IDIRDHEALÚ AGUS COMHIONANNAS

### Scileanna agus cumais

- Cumas steiréitíopáil agus claontach a aithint i gcló, in íomhánna, i bplé idirphearsanta agus iontu féin.
- Cumas foinsí eolais agus a gclár a cheistiú.
- Cumas cinní cothroma agus oilte a dhéanamh.
- Cumas idirdhealú a throid.

### Luachanna agus meonta

- Ionbhá leo siúd atá thíos le hidirdhealú.
- Tiomantas comhionannas a chothú.
- Díchreideamh sláintiúil maidir le claonacht agus steiréitíopáil.
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh.

### Eolas agus tuiscint

- Tuiscint ar choincheapa mar ‘idirdhealú’, ‘comhionannas’, ‘géarleanúint’, ‘eisiamh’, ‘cumhacht’, srl.
- Eolas agus tuiscint ar idirdhealú díreach agus indíreach.
- Tuiscint ar chiníochas mar chineál idirdhealaithe.
- Tuiscint ar chlaontacht agus steiréitíopáil mar chineál idirdhealaithe.
- Tuiscint ar ról atá ag reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe in Éirinn, san AE agus go hidirnáisiúnta.

## COIMHLINT AGUS RÉITEACH COIMHLINTE

Uaireanta is cúis coimhlinte iad na difríochtaí idir dhaoine. Is féidir le traidisiúin éagsúla cultúrtha, mar shampla, aighneas a spreagadh idir dhaoine. Uaireanta tagann daoine i gcoimhlint lena chéile mar thoradh ar choimhlint a cheaptar a bheith ann de chearta agus freagrachtaí. Is féidir le hoideachas idirchultúrtha na scileanna a thabhairt do dhaoine coimhlint dá leithéid a oibriú amach agus teacht ar réiteach. Beidh na scileanna seo úsáideach agus riachtanach do mic léinn uilig fiú mura mbíonn teagmháil rialta acu le baill de ghrúpaí eitneacha éagsúla.

Ba chóir coimhlint a aithint mar rud nádúrtha agus gnách agus féachaint air mar dheis chun teacht ar réitigh agus athrú dearfach a thiomsú. Ba chóir prionsabail áirithe a bheith mar bhunús le cur chuige maidir le coimhlint, cé acu an bhfuil an choimhlint idirphearsanta, idir-phobail nó polaitiúil, mar seo a leanas:

- *Níor chóir coimhlint a sheachaint.* Ó tharla go bhfuil coimhlint gnách tugann sé deis rud dearfach a thógáil. Ba chóir dúinn díriú ar na gcumas a thabhairt do dhaoine idirbheartaíocht a dhéanamh i gcoimhlintí in áit iad a sheachaint.
- *Scar daoine ón fhadhb.* I suíomh coimhlinte is féidir go mbeidh mothúcháin láidre, briseadh i gcumarsáid, agus dearcadh éagsúil ar fhíricí nó ar thábhacht na bhfíricí. Caithfear plé leis na nithe seo iontu féin, agus níor chóir iad a sheachaint trí ghéilleadh a thabhairt do thaobh amháin nó taobh eile. Ní gá go dtaitneodh duine leat chun comhaontú a dhéanamh leo, ach caithfear a bheith in ann caint leo agus éisteacht leo, agus a bheith in ann a dtaobh den scéal a fheiscint.
- *Dírigh ar leasa, ní ar shuímh.* Murab ionann agus díriú ar a bhfuil daoine á lorg, fiosraigh cén fáth a bhfuil sé de dhíth orthu. Taobh thiar de shuímh contráilte is féidir go mbeidh réimse de leasa coiteann ar a dtógfar réiteach.
- *Cum roghanna do rath coitianta.* Féach ar réimse de réitigh atá infhaighte, gan aon bhrú ar chinneadh a dhéanamh ar a bhfuil praiticiúil nó indéanta. Lorg ilghnéitheacht d'fhéidirtheachtaí murab ionainn agus aon fhreagra amháin, agus ná léim isteach le breith.

Tá an-chuid múnlaí de réiteach coimhlinte bunaithe ar na prionsabail seo. Is léir nach n-oibreoidh cur chuige mar seo ach amháin má tá an dá pháirtí réidh agus ábalta dul isteach sa phróiseas. Nuair nach bhfuil daoine oilte i bpróiseas na hidirbheartaíochta coimhlinte beidh éascaitheoir de dhíth orthu le cuidiú leis an bpróiseas. Mar sin féin ba chóir díriú ar scileanna a fhorbairt sa chaoi is gur féidir le daoine a gcuid coimhlinte féin a réiteach. Do pháistí i mblianta tosaigh sa bunscoil, tógtar scileanna síochána trí fhorbairt chumais do chomhoibriú, do roinnt agus do thorthaí ar ghníomhartha a aithint agus trí theanga a fhorbairt, le hainm a chur ar mhothúcháin agus iad a léiriú. Bunaithe air seo, forbróidh na meánranganna agus na hardranganna cumas níos doimhne le plé lena mothúcháin, chomh maith le cumas comhréiteach a dhéanamh agus glacadh le cinneadh grúpa.

Ag leibhéal iarbhunscoile, ba chóir go mbeadh mic léinn ábalta anois mothúcháin a phlé agus a léiriú ar bhealach neamhbhagarthach, éisteacht go gníomhach le coincheapa agus mothúcháin araon, idirbheartaíocht a dhéanamah lena chéile agus tús a chur leis an bpróiseas le réiteach síochánta a fháil ar choimhlint.

**COIMHLINT AGUS RÉITEACH COIMHLINTE**

## Scileanna agus cumais

- Cumas réimse acmhainní foinse a úsáid roimh bhreith a dhéanamh.
- Cumas cúiseanna agus torthaí coimhlinte a fheiceáil.
- Cumas scileanna i réiteach coimhlinte a chleachtadh.
- Cumas éisteacht le hionbhá agus plé le daoine ó réimse de chúlraí agus dearcadh.

## Luachanna agus meonta

- Tiomantas do phróisis síochánta mar bhealach le coimhlint a réiteach.
- Oscailteacht do thuairimí dhaoine eile.
- Tiomantas foghlaim ó thuairimí dhaoine eile.
- Creideamh i gcumas an duine aonair difríocht a dhéanamh.

## Eolas agus tuiscint

- Tuiscint gur gnáthchuid de shaol an duine í an choimhlint.
- Tuiscint ar na gnéithe a chuireann le forbairt coimhlinte ag leibhéal idirphearsanta, áitiúil agus idirnáisiúnta.
- Tuiscint ar phrionsabail agus scileanna i réiteach coimhlinte.
- Tuiscint ar dhúshlán an chinnidh daonlathaigh i sochaithe éagsúla.
- Tuiscint ar thionchar coimhlinte ag leibhéal idirphearsanta, áitiúil agus idirnáisiúnta.

## 5.2 Deiseanna oideachais idirchultúrtha ar fud an churaclaim

Mar chúnamh do phleanáil sheomra ranga, tugann an rannóg seo cur síos ar roinnt deiseanna d'oideachas idirchultúrtha mar a thagann siad thar réimsí ábhair. Aithníonn sé, do réimse ábhar, deiseanna chun plé le féiniúlacht agus muintearas, cosúlacht agus difríocht, cearta agus freagrachtaí daonna, idirdhealú agus comhionannas, agus coimhlint agus réiteach coimhlinte. Ní liosta cuimsitheach é seo de na deiseanna seo. Aithneoidh múinteoirí, ina bpleanáil, i bhfad níos mó deiseanna. Tá sé i gceist a bheith mar phointe tosaigh don phleanáil seo.

### Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh

Tá oideachas idirchultúrtha ag féachaint le meas a chothú ar luach na hilghnéitheachta. Is féidir le staidéar na healaíona cuidiú le hilghnéitheacht shaibhir chultúir an domhain a mhúineadh agus le téamaí domhanda daonna a léiriú. Is féidir leis cuidiú le mic léinn meonta dearfacha a fhorbairt maidir le nádúr ilghnéitheacht chultúir, daoine, traidisiúin agus saolta. Tá sé seo ag teacht le haidhmeanna an tsiollabais d'Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh a deir 'forbairt sna mic léinn tuiscint ar ealaín, ceardaíocht agus gréaschóiriú i réimse de chomhthéacsanna—stairiúil, cultúrtha, eacnamaíoch, sóisialta agus pearsanta' (Siollabas don Teastas Sóisearach, lch 2). Tá sé d'aidhm ag Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh freisin mothúchán d'fhéiniúlacht phearsanta agus féinmheas a chothú sa mhac léinn, nithe atá rí-thábhachtach sa domhan idirchultúrtha.

Tabharfaidh an-chuid d'aidhmeanna an tsiollabais d'Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh don Teastas Sóisearach tacaíocht do phrionsabail an oideachais idirchultúrtha.

Forbraíonn an cúrsa seo cumas an mhic léinn chun

1. Freagra pearsanta a thabhairt ar smaoineamh, taithí nó spreagadh eile:

- Is féidir réimse leathan de thuairimí agus spreagadh idirchultúrtha a chlúdach.
- Is féidir leis an múinteoir litearthacht amhairc a chruthú agus tuiscint ar ealaín mar rud a thrasnaíonn ceantair chultúrtha.

2. Obair ón samhlaíocht, cuimhne agus breathnú díreach a dhéanamh:

- Is féidir réimse leathan de thuairimí agus spreagadh idirchultúrtha a chlúdach.
- Is féidir le mic léinn foghlaim le breitheanna oilte a dhéanamh faoi réimse de spreagadh amhairc.
- Is féidir le mic léinn feasacht a fhorbairt ar nádúr ilghnéitheach cultúir, daoine, traidisiúin agus saolta domhanda.

3. Úsáid líníocht do bhreathnú, taifeadadh agus anailís mar mhodh smaointe agus do chumarsáid agus léiriú:

- Is féidir le mic léinn bunbhrí agus feidhm an déantáin a fhiosrú agus a thuiscint.
- Féach ar bheatha dhaoine i gcomhthéacs an déantáin.

4. Úsáid na bpróiseas tríthoiseach de dhéanamh foirme suimithí, dealaithí agus tógálaí sa mhodh léiritheach agus feidhmitheach:

- Léiríonn cultúir éagsúla roghanna éagsúla d'fhoirmeacha, dathanna agus ábhair ina ndéantáin.

5. Úsáid agus tuiscint ar eilimintí ealaíne agus deartha:

- Tá brí éagsúil ag dath agus patrún i dtraidisiúin chultúrtha éagsúla.
- Gá le mothálacht agus feasacht i rogha ábhar áirithe, m.sh. leathar nó pár agus feoilséantóirí.

6. Feasacht a fhorbairt ar an ról agus luach stairiúil, eacnamaíoch agus sóisialta atá ag ealaín, ceardaíocht agus dearadh agus gnéithe de chultúr na linne seo agus na hollmheáin.

- Is féidir le mic léinn foghlaim conas breitheanna oilte a dhéanamh maidir le réimse de spreagadh amhairc.
- Is féidir le mic léinn feasacht a fhorbairt ar nádúr ilghnéitheach chultúir, daoine, traidisiúin agus saolta domhanda.
- Is féidir le mic léinn bunbhrí agus feidhm an déantáin a fhiosrú agus a thuiscint.
- Is féidir le mic léinn féachaint- ar bheatha dhaoine i gcomhthéacs an déantáin.
- Is féidir le mic léinn tuiscint a fhorbairt ar an riachtanas do ghach cultúr a fhéiniúlacht féin a chothú, agus é ag tógáil ar láidreachtaí an chine daonna ar fad.

I gclár ealaíona uileghabhálach

- foghlaimíonn mic léinn meas ar fhoirmeacha ealaíona agus traidisiúin an-chuid cultúir, chomh maith lena gceann féin
- scrúdaitear ról an idirmhalartuithe cultúrtha i bhforbairt agus saol na healaíona
- spreagtar mic léinn chun éagsúlacht i léiriú físe a fhiosrú agus a phlé agus chun é a phlé maidir le hamanna agus cultúir eile agus a ról san cultúir sin
- spreagtar mic léinn chun fiosrú a dhéanmah ar stíleanna oibre a léiríonn ilghnéitheacht cultúrtha agus eitneach
- spreagtar iad le saothar a chruthú a léiríonn ilghnéitheacht ciníoch agus eitneach
- foghlaimíonn mic léinn meas ar fhoirmeacha ealaíona agus traidisiúin a bhaineann le hilghnéitheacht an chultúir in Éirinn

- úsáidtear na hamharcealaíona mar spreagadh chun steiréitíopáil agus 'céad amharc' a scrúdú
- úsáidtear na healaíona mar bhunús le léirithe ar choimhlint agus síocháin, cearta daonna agus idirdhealú a fhiosrú
- taispeántar réimse leathan de shaothar na mac léinn timpeall na scoile.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh in Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil

I measc aidhmeanna OSSP tá 'daltaí a spreagadh le dearcadh dearfach, samhlaíocht agus ionbhá a úsáid i bhfoghlaim faoi dhaoine agus cultúir eile'. Tá na bunchoincheapa in OSSP ag teacht le hoideachas idirchultúrtha: maoirseacht, daonlathas, an dlí, cearta daonna, dínit an duine, forbairt agus idirspleáchas. Ar an gcaoi chéanna tá na ceithre aonaid atá sa chúrsa oiriúnach d'oideachas idirchultúrtha: An Duine agus Saoránacht, an Pobal, An Stát—Éire, agus an Domhan Mór. Tugann Tionscnaimh Ghníomhaíochta (a bhfuil 60 faoin gcéad de mharcanna an scrúdaithe ag dul dóibh) deis do mhic léinn gníomhú ar chás a bhfuil suim phearsanta acu ann. D'fhéadfaí idirdhealú a fhiosrú agus ansin gníomhú go háitiúil nó ar bhonn domhanda chun an fhadhb a réiteach nó d'fhéadfaí ócáid speisialta nó lá eolais a eagrú chun ilghnéitheacht a cheiliúradh sa scoil.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh in OSPS chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Béarla

Tá sé mar bhunaidhm ag múineadh an Bhéarla sa tsraith shóisearach iarbhunscoile treisiú agus leanúint den obair sa bhunscoil ar fhás intleachtúil, samhlaíoch agus mothúchánach gach mac léinn tré scileanna agus líofacht sa teanga a chothú agus a fhorbairt. Feabhsaítear scileanna i dtrí eilimint atá nasctha: litearthacht phearsanta, litearthacht shóisialta agus litearthacht chultúrtha. I gcomhthéacs beo de mhúinteoireacht Béarla tá forbairt teanga mar bhunchloch ar fhás pearsanta trí Bhéarla, ag aithint an róil atá ag forbairt teanga sna próisis fhoghlama. Ní tharlaíonn fás i líofacht teanga i gcomhthéacs neodrach nó saor ó luach, mar sin tá na haidhmeanna seo a leanas san áireamh sa siollabas:

- ilghnéitheacht agus saibhriú a fháil ar bhunús teanga pearsanta, sóisialta agus cultúrtha gach mhic léinn
- trí fhorbairt teanga, rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí a cheadú i raon ról
- feasacht chriticiúil na mac léinn a fhorbairt maidir le húsáid teanga.

Tá gá le hilghnéitheacht taithí teanga chun na haidhmeanna seo a bhaint amach agus ba chóir do mhic léinn téacsanna a phlé ar bhealaí agus le dearcadh éagsúla. Tá saoirse ag múinteoirí an t-ábhar a roghnú is mó a cheapann siad a bheith oiriúnach dá mic léinn. Agus acmhainní á roghnú beidh rogha an mhúinteora bunaithe ar an eolas atá aige/aici ar chéimeanna ginearálta na mac léinn i bhforbairt, cumais teangeolaíochta agus cumais agus timpeallacht chultúrtha (idirchultúrtha).

Ba chóir do mhúinteoirí féachaint le clár leathan agus ilghnéitheach a bhaint amach lena mic léinn. Tá éagsúlacht téacsanna, ábhair agus cur chuige riachtanach chun éagsulacht teangeolaíochta a bhaint amach. **(Siollabas Béarla an Teastas Sóisearaigh lch.5)**

Sa chiall seo, mar sin, is féidir le Béarla cothú a thabhairt d'fhorbairt meonta a thacaíonn oideachas idirchultúrtha, m.sh. meas ar luach na héagsúlachta, ionbhá do thaithí agus thuairimí dhaoine eile, agus iad siúd a chónaíonn le hidirdhealú nó neamhchomhionannas san áireamh. Tarlaíonn taobh idirchultúrtha den seomra ranga Béarla mar chuid lárnach d'fhorbairt teanga an mhic léinn sna réimsí pearsanta, sóisialta agus cultúrtha agus níor chóir féachaint air mar fhoghlaim bhreise nó scartha.

Is féidir féachaint ar dhearadh an chláir sa Bhéarla sa tsraith shóisearach ar na bealaí seo a leanas:

- mar fhorbairt ar *raon de scileanna* in éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh sna réimsí pearsanta, sóisialta agus cultúrtha
- mar shraith de thaithí ar *raon téacsanna* a thugann tuiscintí agus taithí, idir phearsanta agus roinnte
- mar *shraith d'aonaid siollabais* (roghanna de théacsanna litríochta nasctha, ábhair chultúrtha agus ceachtanna teangeolaíochta) a thugann dlús, aidhm agus treo don obair i gclár an Bhéarla.

I gclár uileghabhálach don Bhéarla:

- tugtar deiseanna do mhic léinn léiriú agus freagairt do thuairimí, mínithe agus smaointe éagúla, ag leathnú a dtaithí shóisialta agus cultúrtha agus ag forbairt scileanna in éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh; cuidítear le mic léinn claontacht agus steiréitíopáil a aithint i gcló agus íomhánna, agus ar an mbealach sin feasacht chriticiúil a fhorbairt maidir le húsáid teanga
- cabhraítear le mic léinn ionbhá a bheith acu le taithí agus dearcadh dhaoine eile trí spreagadh téacsanna a mhíniú de bhéil agus léirithe a thriail
- cuirtear mic léinn ar an eolas faoi litríocht ó chultúir éagsúla trí chúrsaí atá deartha chun clár leathan agus éagsúil teanga a bhaint amach
- déantar aonaid siollabais a phleanáil ar théamaí a gcuireann daoine óga suim iontu, m.sh. fás aníos, dlí aus cirt agus comhionannas, cearta daonna, agus mar sin de
- tugtar aitheantas agus dearbhú d'ilghnéitheacht na bpatrún cainte sa Bhéarla, ag léiriú measa ar chumas teangeolaíochta gach mic léinn agus ar thréithe an phobail den úsáid teanga
- agus iad ag féachaint ar bhrí nó úsáid fhocail nó nathanna, d'fhéadfadh múinteoirí agus mic léinn machnamh a dhéanamh ar a mbunús i dteangacha eile mar Laidin, Fraincis, Gaeilge, Angla-Sacs, Gréigis agus mar sin de. Cuideoidh sé seo le tuairim a thabhairt do mhic léinn ar an ilghnéitheacht chultúrtha i dteanga amháin ar bith agus ar nádúr idirghaolta na dteangacha éagsúla.

Go stairiúil is dara teanga a bhí sa Bhéarla i bpobail na Gaeltachta in Éirinn. Freisin, tá sé á mhúineadh anois mar dhara teanga do líon níos mó mic léinn in iarbhunscoileanna na hÉireann agus sa chomhthéacs seo ba chóir aitheantas a thabhairt don riachtanas de straitéisí cuí múinteoireachta d'fhoghlaimeoirí dara teanga.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Bhéarla chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Gaeilge

Is féidir le Gaeilge feithicil úsáideach a sholáthar don oideachas idirchultúrtha. Ó tharla go dtaispeántar roinnt eilimintí de chultúr traidisiúnta agus comhaimseartha na hÉireann tríd an teanga (m.sh. féiniúlacht agus muintearas, difríocht agus cosúlacht), is féidir le mic léinn, trí fhoghlaim na Gaeilge, tuiscint agus meas a fháil ar chultúr. Tá tábhacht le cultúr na hEireann i dtuiscint chultúr eile. Tá brí fós ag an-chuid de na téamaí atá ar fud litríocht na Gaeilge agus is féidir iad a úsáid le hionbhá agus tuiscint a fhorbairt i measc na mac léinn. Is féidir téamaí mar imirce, féiniúlacht, coimhlint, caillteanas, géarleanúint agus saoirse a fhiosrú ach go háirithe le niasc comhaimseartha a dhéanamh. Is féidir feasacht traschultúrtha agus idirchultúrtha a chothú agus a fhorbairt i gcur chuige iomlánach do chomhthéacs agus nádúr na hidirghníomhaíochta teanga (Feidhmeanna Teanga, lgh 17-29 den siollabas) agus trí úsáid na dtéacsanna (téacsanna léitheoireachta agus litríochta).

- *Aeistéitiúil:* Téacsanna nasctha le ceol nó scannán ón iasacht, nó nasctha le nósanna chultúr eile nó cultúir éagsúil a fhaightear in Éirinn lena n-áirítear cultúr Shelta.
- *Socheolaíoch:* Téacsanna nasctha le nósanna agus forais, m.sh. sa rannóg ar An Teach (lch. 39) Bia agus Deoch (lch. 39) Caitheamh Aimsire (lch. 39) Éadaí agus Faisean (lch. 40).
- *Seimeantach agus Pragmatach:* Córais éagsúla ina bhfuil an cultúr léirithe sa teanga (samplaí cuí ó theangacha éagsúla)
  - e.g. Dia duit—as-saláamu (Arabais)
  - le cúnamh Dé—in shaa' Al-aah (Arabais) srl.

I gclár uileghabhálach Gaeilge

- faigheann mic léinn léargas agus tuiscint, ní hamháin ar a sochaí agus cultúr féin ach ar shochaí agus cultúr theangacha eile
- tagann athrú mar thoradh ar foghlaim teanga, .i. forbairt meonta dearfacha i leith cainteoirí teangacha eile
- tré léargas a fháil ar a gcultúr féin, tá mic léinn in ann athmheasúnú a fhorbairt agus comparáid a dhéanamh idir thaithí na hÉireann, mar a thaispeántar sa teanga agus sa litríocht é, agus taithí reatha sochaithe eile
- cabhraítear le mic léinn, trí theagmháil le cosúlachtaí idir thaithí sochaí na hÉireann agus sochaithe eile, teacht ar thuiscint ghníomhach dár ndaonnacht choiteann.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Ghaeilge chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Tíreolaíocht

Tá coincheapa na hilghnéitheachta, idirspleáchas agus forbairt daonna i gcroílár na Tíreolaíochta. Tré staidéar a dhéanamh ar dhaoine agus a dtimpeallacht go háitiúil agus ar bhonn domhanda, tá mic léinn in ann meas a bheith acu ar shaibhreas na ndaoine ó ilghnéitheacht de chúlraí cultúrtha, eitneach, sóisialta agus reiligiúin. Tá an cúrsa Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach agus shinsearach bunaithe ar roinnt príomhchoincheapa—an ghnáthóg daonna, daonra, patrúin lonnaíochta agus uirbiú, agus patrúin de ghníomhaíocht eacnamaíochta. Baineann na coincheapa seo ar fad le hoideachas idirchultúrtha agus cuireann siad neart

deiseanna ar fáil chun fiosrú a dhéanamh ar ábhair chomhionannais, dlí agus cirt agus idirspleáchais. I measc aidhmeanna na Tíreolaíochta sa tsraith shóisearach tá

- feasacht íogair a chothú i mic léinn ar dhaoine, áiteanna agus tírdhreacha, ina dtír féin agus eile
- cur le tuiscint na mac léinn ar nithe tábhachtacha agus fadhbanna i sochaí na linne seo (siollabas, lch. 4).

Tá ról tábhachtach ag múinteoirí lena chinntiú nach léirítear tíortha sa 'tríú domhan' go simplí mar bhailiúchán d'fhadhbanna. Is gá go mbeadh léargas cothrom ann chun steiréitíopaí diúltacha den domhan atá ag forbairt agus dá dhaoine a chosc. Tugann Tíreolaíocht an deis freisin do mhic léinn ilghnéitheacht ar fud an domhain a scrúdú—go bhfuil an-chuid tíortha ann atá ilteangach agus ilchultúrtha.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Tíreolaíocht chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Stair

Tá comhfhreagracht shuntasach ann idir aidhmeanna agus spriocanna an chúrsa staire agus iad siúd atá ag an oideachas idirchultúrtha. Deirtear sa réamhrá do shiollabas staire an Teastas Sóisearaigh, 'cuidíonn sí (stair) le daoine óga meas a fhorbairt ar luachanna, creidimh agus traidisiún dhaoine eile, agus iad a ullmhú do fhreagrachtaí na saorántachta i gcomhthéacs náisiúnta, Eorpach agus domhanda.' I stair don Teastas Sóisearach, téann mic léinn i ngleic le taithí daonna ina hilghnéitheacht. Soláthraíonn an siollabas 'pictiúr leathan d'eachtraí, cásanna, daoine agus bealaí saoil atá thart …' agus, sa staidéar air seo, moltar 'glacadh leis go gcaithfear daoine agus eachraí a staidéar i gcomhthéacs an ama'. Tá an fheasacht maidir le hilghnéitheacht agus comhthéacs lárnach don oideachas idirchultúrtha freisin.

Tá na bunluachanna agus cur chuige staire sa Teastas Sóisearach comhfhreagrach freisin. Moltar do mhic léinn iarracht a dhéanamh a bheith oibiachtúil agus cóir agus cumas a fhorbairt chun claontacht agus bolscaireacht a aithint. Toisc go n-aithnítear go gcuirtear stair ar fáil i gcónaí trí shúil daonna agus dá bhrí sin gur féidir neart cuntais a bheith againn ar na heachtraí céanna, bíónn cumas criticiúil ag mic léinn ról an stairithe i 'gcruthú' na staire a scrúdú. Tá an tuiscint seo rí-thábhachtach i gcothú measa agus tuisceana ar ilghnéitheacht. Is atmasféar é an seomra ranga staire, mar sin, inar chóir luachanna an oideachais idirchultúrtha a fhoghlaim go héasca.

I gclár uileghabhálach staire

- tagann mic léinn ar ghnéithe éagsúla de thaithí daonna i raon de chomhthéacsanna cultúrtha
- foghlaimíonn mic léinn go bhfuil an-chuid tréithe ag a n-oidhreacht staire féin
- foghlaimíonn mic léinn go bhfuil sochaí daonna de shíor ag athrú agus go gcuidíonn an t-athrú sin le forbairt leanúnach na staire daonna
- foghlaimíonn mic léinn conas a chruthaítear stair daonna le hidirghníomhaíocht ag daoine aonair, grúpaí agus forais éagsúla i raon comhthéacsanna
- tugtar deiseanna do mhic léinn machnamh agus saothar criticiúil a dhéanamah ar fhianaise staire agus ionsaítear claontacht agus steiréitíopáil
- foghlaimíonn mic léinn go bhfuil ár dtuiscint ar an stair saibhrithe i gcónaí ag ár gcumas ionbhá a bheith againn le dearcadh an 'duine eile'.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Stair chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Eacnamaíocht Bhaile

Tugann siollabas eacnamaíocht bhaile sa Teastas Sóisearach deis do mhic léinn an t-eolas, tuiscint agus scileanna a fháil atá riachtanach le cónaí mar dhaoine aonair nó mar bhaill de chlann agus den phobal. Tá béim ar bhainistíocht, cruthaitheacht agus scileanna maireachtála; lena chinntiú go bhfuil an mac léinn ullamh do neamhspleáchas pearsanta agus cumas aige/aici páirt a ghlacadh i bhfreagracht roinnte sa teaghlach agus sa phobal ina bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí. Cothaíonn an siollabas d'eacnamaíocht bhaile an-chuid scileanna agus luachanna: fadhbanna a réiteach, cinntí a ghlacadh, scileanna deartha, freagracht phearsanta, obair ghrúpa agus comhoibriú atá lárnach do théamaí an oideachais idirchultúrtha.

Tá iliomad deiseanna ann don mhúinteoir gníomhartha agus ceachtanna a roghnú a chothaíonn téamaí an oideachais idirchultúrtha agus a chuireann le luach na mac léinn ar ilghnéitheacht. Roghnaíonn mic léinn béilí le hullmhú, le cóiceáil agus le cur i láthair le múnla próisis deartha. Is féidir le múinteoirí mic léinn a chur ar an eolas ar raon leathan de bhianna agus béilí éagsúla ó chultúir eile, ag míniú do mhic léinn conas a chuireann ilghnéitheacht na mbianna seo le saibhreas na roghanna atá ar fáil dúinn.

Sa rannóg a bhaineann le Staidéir Éadaigh agus sa rogha Scileanna Éadaigh, is féidir staidéar a dhéanmah ar ilghnéitheacht an fhaisin agus dearadh atá ar fáil dúinn nuair a fhéachaimid ar chultúir uilig an domhain. Ar an gcaoi chéanna is féidir saibhreas na ndeiseanna sa rogha Dearadh agus Ceardaíocht a leathnú le staidéar ar cheardanna in an-chuid cultúr. Ar an mbealach seo is féidir mic léinn a spreagadh chun meas a bheith acu ar shaibhreas na gcultúr agus na dtraidisiún atá sa phobail éagsúla agus ar fáil ar fud an domhain.

Sa rannóg ar Staidéir Sóisialta agus Sláinte foghlaimíonn mic léinn faoina bhforbairt féin mar dhaoine aonair agus ar fhorbairt a rólanna laistigh de theaghlaigh. Is féidir mic léinn a spreagadh chun meas a bheith acu orthu féin agus a n-áit laistigh de chlann agus den phobal, agus freisin meas a bheith acu ar áit dhaoine eile laistigh dá ngrúpaí sóisialta, rang scoile, clubanna, pobal agus tír. Is féidir idirdhealú a phlé i dtéarmaí thaithí na mac léinn féin.

I Staidéir Thomhaltóirí foghlaimíonn mic léinn conas aithne a chur ar a gcearta agus freagrachtaí. Is féidir iad a spreagadh chun a chreidiúint gur féidir leo difríocht a dhéanamh tré eolas a chur ar a gcearta agus freagrachtaí, chun buntáistí agus míbhuntáistí ghnímh a mheas agus conas gníomhú de réir a gcinntí agus cead cainte a fháil. Is féidir dearcadh idirchultúrtha a thabhairt isteach tré mhic léinn a mhealladh chun machnamh a dhéanamh ar a bhfreagrachtaí chomh maith lena gcearta agus chun aitheantas a thabhairt do cheart gach duine meas agus éisteacht a fháil.

I gclár uileghabhálach don eacnamaíocht bhaile

- foghlaimíonn mic léinn luach bianna, éadaí, ceirdeanna agus teaghlach ó iliomad cultúr, chomh maith lena gcinn féin
- moltar do mhic léinn ó gach cultúr a gcuid taithí féin de bhianna, éadaí, ceirdeanna óna gcultúr féin a roinnt
- foghlaimíonn mic léinn luach na hilghnéitheachta i gcruthú na mbianna, éadaí agus ceirdeanna atá ar fáil dúinn

- scrúdaítear cleachtais, rialacha agus bacanna cultúrtha maidir le bia agus tá roghanna solúbtha go leor chun go mbeidh mic léinn in ann a roghanna cultúrtha féin a chur san áireamh, mar is cuí
- spreagtar mic léinn chun obair a dhéanamh i dtraidisiúin a gcultúir féin chomh maith le hobair a léiríonn ilghnéitheacht chultúrtha agus foghlaim conas a ghlacann traidisiún cultúrtha amháin iasachtaí ó chinn eile, mar shampla sa bhiaréim nó faisean.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh san Eacnamaíocht Bhaile chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Matamaitic

Students should be aware of the history of mathematics and hence of its past, present and future role as part of culture.
**(Siollabas T.S. Ich. 4)**

B'fhéidir go gceapfaidh múinteoir matamaitice nach bhfuil aon bhaint ag claonadh churaclaim leis an ábhar, agus go bhfuil an t-ábhar sin neodrach agus saor ó luachanna. Níl aon oideachas neodrach, áfach. Tá deiseanna agus roghanna ag an múinteoir Matamaitice chun dearcadh idirchultúrtha a chur i láthair. Caitheann mic léinn an-chuid ama ag réiteach fadhbanna sa Mhatamaitic. Tré fhadhbanna a chur ar fáil a bhaineann leis an bhfíorshaol (m.sh. céatadán d'acmhainní an domhain a úsáideann áiteanna éagsúla san domhan) is féidir le múinteoirí ról tábhachtach a bheith acu i bhforbairt thuairimí na mac léinn maidir le cearta agus comhionannas. Is féidir le Matamaitic a bheith ina uirlis tábhachtach in oideachas idirchultúrtha mar thoradh ar na scileanna a fhorbraítear ann—scileanna chun fadhbanna a réiteach, scileanna i réasúnú agus loighic agus cumas sonraí a anailísiú agus tátail réasúnta a dhéanamh.

I gclár uileghabhálach don mhatamaitic

- tugtar deiseanna do mhic léinn eolas a scrúdú ar nithe áitiúla agus domhanda (m.sh. sruthanna daonra, patrúin úsáide, caiteachas míleata i gcoinne caiteachas sláinte mar % de GNP, srl.)
- bíonn deiseanna ag mic léinn páirt a ghlacadh i ngníomhartha grúpa agus foghlaim fiosruithe
- déanann mic léinn comparáid idir fhéilirí, córais uimhreacha agus éachtaí matamaitice ó thimpeall an domhain.
- úsáideann mic léinn sonraí ó na heolaíochtaí sóisialta, (m.sh. suirbhéanna, tuairiscí daonáirimh) chun treonna, réamhaisnéisí, cairteanna agus graif a staidéar.
- is féidir le mic léinn staidéar a dhéanamh ar a bhfuil tugtha ag cultúir éagsúla dár gcultúr matamaitice.
- is féidir le mic léinn foghlaim conas luach a chur ar 'an mhatamaitic fholaithe atá neadaithe i ngníomhaíocht cultúrtha-eacnamaíoch'. Mar shampla, an mhatamaitic a chleachtaíonn grúpaí cultúrtha, sochaithe treibhe, iad siúd gan oideachas foirmeálta agus mar sin de.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Mhatamaitic chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Nuatheangacha

Déanann siollabas nuatheangacha don Teastas Sóisearach roinnt tagairtí ar leith do thábhacht an chultúir ina aidhmeanna ginearálta oideachais, lena n-áirítear 'léargas a thabhairt do dhaltaí ar chultúr eile agus dá bhrí sin léargas níos oibiachtúla ar ghnéithe dá gcultúr féin'. Tá baint ag cultúr le gach gné de mhúinteoireacht teanga: mar shampla, chun briathar ar bith a fhoghlaim sa Fhraincis caithfear an leagan neamhfhoirmeálta 'tu' agus an leagan

foirmeálta 'vous' a fhoghlaim, le himpleachtaí oiriúnachta agus foirmeáltachta. Má fhoghlaimítear faoin mbealach ina ndéantar Nollaig a chaitheamh sa Spáinn beidh foghlaim faoi los Reyes Magos agus turrón. Is gnách le múinteoirí teanga comparáid a dhéanamh ansin le teanga agus cultúr na mac léinn féin, mar sin méadaítear feasacht ar chultúir eile agus ar chosúlachtaí agus difríochtaí.

Tá deis ann an bunús idirchultúrtha atá ann cheana a thógáil céim eile ar aghaidh: chun machnamh níos doimhne a dhéanamh ar chultúir agus beatha i dtír (nó tíortha) na sprioctheanga; na cultúir éagsúla in Éirinn a mheas; machnamh ar leith a dhéanamh ar chearta agus freagrachtaí daonna agus coimhlint agus réiteach coimhlinte.

Nuair atá cúrsaí idirchultúrtha á bplé sa sprioctheanga, is féidir go mbeidh deacrachtaí acu tuairimí nó freagraí casta a léiriú. Mar sin féin, tabharfaidh an deacracht atá acu léargas dóibh ar na deacrachtaí a bhíonn ag daoine nach bhfuil Béarla mar theanga dúchais acu ag cónaí anois in Éirinn. Má tá daoine sa rang nach cainteoirí dúchais Béarla iad, is féidir go mbeidh rang teanga níos cothroime dóibh ó tharla nach mbíonn an míbhuntáiste céanna acu agus a bheadh, abair, i rang staire nó tíreolaíochta.

I gclár uileghabhálach nuatheangacha

- téann mic léinn i dtaithí ar éagsúlachtaí cultúrtha le tír nó tíortha na sprioctheanga agus áiteanna eile
- téann mic léinn i dtaithí ar raon acmhainní, litríocht san áireamh, a chuireann éagsúlacht de léargas ar fáil agus a cheadaíonn dóibh luachanna agus dearcadh a scrúdú
- úsáidtear acmhainní a bhaineann le cearta agus freagrachtaí daonna, coimhlint agus réitach coimhlinte, agus aighneas agus réiteach aighnis mar fhoinsí chun úsáid na teanga a chleachtadh
- ní phléitear leis an teanga amháin mar uirlis cumarsáide nó fiú mar staidéar ar chnuasach litríochta, ach mar fhiosrú ar an domhain uilig.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh i Nuatheangacha chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Ceol

Tá ceol uilechultúrtha ón nádúr. Tá an-chuid deiseanna ar fáil i staidéar an cheoil, (léiriú, cumadh, éisteacht) le téamaí idirchultúrtha a léiriú agus le hilghnéitheacht a cheiliúradh. Is féidir meas na mac léinn ar chultúir agus traidisiúin eile a fhorbairt le múinteoireacht treoraithe agus deiseanna foghlama treoraithe (Aidhm 3). Is féidir íogaireacht na mac léinn dá sheinm/léiriú féin agus do sheinm/léirithe dhaoine eile a mhéadú agus a leathnú le treoir (Aidhm 2). Is féidir le mothúcháin féiniúlachta agus muintearas na mac léinn a fheabhsú trí rannpháirtíocht chruthaitheach i ngníomhartha maidir le ceol a dhéanamh (Aidhm 1).

Tá sé mar aidhm ag an siollabas don cheol:

1. Forbairt ar scileanna léirithe a éascú ag an leibhéal cuí tré dheiseanna a thabhairt do chleachtadh rialta de cheol gutha agus/nó uirlise.

I gclár uileghabhálach don cheol

- beidh píosaí ceoil ó chultúir eile
- beidh staidéar chúlra ar na cultúir seo
- eagrófar ceolchoirm ar théama cultúrtha, nó turas ceoil trí chultúir éagsúla

- cuirfear comhthéacsanna léirithe i láthair ina bhfuil éide, gluaiseacht, radharcanna, srl.
- tabharfar cuirí do cheoltóirí áitiúla ó thraidisiúin agus cultúir eile seinm dos na mic léinn
- úsáidfear scileanna laistigh de phobal na scoile—foireann, mic léinn agus tuismitheoirí chun míreanna ó chultúir eile a léiriú
- aithneofar agus déanfar comparáid idir chineálacha éagsúla freagra do léiriú ceoil
- forbrófar meas ar chinntí ghrúpa maidir le stíl agus léiriú an cheoil
- spreagfar rólanna rannpháirteacha i ngníomhartha ghrúpaí a léiríonn tionscnamh chun leasa an ghrúpa ar fad.

2. Aireachtáil chlosamhairc a fhorbairt chun feasacht agus meas a chothú ar cheol agus ar a ról inár dtimpeallacht féin agus timpeallachtaí eile.

I gclár uileghabhálach don cheol beidh

- tagairt do chúlra cultúir i staidéar amhrán agus saothair ó chultúir eile
- roghnú píosaí a thugann deiseanna aithne a chur ar chultúir agus traidisiúin eile
- plé ar thábhacht ról an cheoil sna cultúir seo
- machnamh ar chineálacha agus stíleanna a léiríonn ilghnéitheacht agus éagsúlacht nuair atá téamaí á roghnú don staidéar ginearálta
- úsáid físeán agus léirithe beo de cheol traidisiúnta na hÉireann chun tuiscint a threisiú ar an ngaol idir ceol agus cultúr
- scrúdaigh difríochtaí agus cosúlachtaí idir samplaí de cheol ó áiteanna éagsúla in Éirinn agus áiteanna eile san Eoraip agus sa domhan

- breathnú ar na rólanna éagsúla atá ag ceol i searmanas agus ócáidí sóisialta, laistigh d'Éirinn agus lasmuigh
- scrúdaigh tréithe an cheoil a bhaineann le comhthéacsanna, cúiseanna agus stíleanna ar leith i gcultúir anois agus mar a bhí
- scrúdaigh ceol mar léiriú ar throid agus dóchas, ag plé le téamaí coimhlinte agus síochána, saoirse agus idirdhealaithe.

3. Chun go leor taithí ceoil agus eolas a thabhairt do mhic léinn chun scileanna éisteachta agus cumadóireacht a fhorbairt agus a chleactadh le tuiscint agus suim níos mó, agus chun tacú le scileanna léirithe.

I gclár uileghabhálach don cheol

- cuir mic léinn ar an eolas faoi raon de chórais nótála (tonic solfa, uimhriú, neamhiarthair, táblú, graifice, srl.)
- scrúdaigh ceannasacht na tonúlachta iartharach
- scrúdaigh fás cheol an phobail, tionchar na teicneolaíochta ar stíleanna ceoil, tionchar an ghiotáir
- mic léinn a bheith páirteach i ngníomhartha comhoibreach a éilíonn meas ar obair dhaoine eile.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Cheol chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Corpoideachas

Ceann d'aidhmeanna shiollabas Corpoideachais an Teastais Shóisearaigh is ea 'dearcthaí dearfacha a chothú i leith rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí fisiciúla agus i leith comhoibriú sna gníomhaíochtaí sin.' Tá an aidhm seo agus mórchuid d'aidhmeanna eile an chláir chorpoideachais comhoiriúnach agus tacaíoch le hoideachas idirchultúrtha, m.sh. an cumas breithiúnais eolacha a dhéanamh a shaothrú sna mic léinn…' 'a chumasú do mhic léinn freagracht a ghlacadh as eagrú agus forbairt a gcuid foghlama féin…'.
Gheofar sa churaclam Corpoideachais mórán de na luachanna agus na scileanna atá lárnach don oideachas idirchultúrtha, m.sh. tuiscint i leith thionchar na gcultúr éagsúla ar chúrsaí spóirt/damhsa agus na cosúlachtaí agus éagosúlachtaí atá ann; an tábhacht a ghabhann le himirt chothrom; cumas cumarsáide agus an cumas oibriú i ngrúpaí (comhoibriú, easaontais a réiteach go síochánta agus meas a léiriú ar thuairimí daoine eile, etc.).

Cothaíonn bunphrionsabail an chorpoideachais agus na cineálacha cur chuige a ghlactar ann cumas na mac léinn déileáil leis an rath agus leis an teip. Lena chois sin, soláthraítear dúshláin agus deiseanna gnóthachtála do na mic léinn uile trí shocrú spriocanna pearsanta, chluichí comhoibritheacha agus obair ghrúpa. Nuair a bhíonn clár uileghabhálach Corpoideachais i réim:

- Is iomaí deis a bhíonn ag mic léinn féin-mheas agus féin-mhuinín a fhorbairt, de bharr a dtaithí laistigh de churaclam leathan dea-chothromaithe, a dhéanann cúram de na mic léinn uile.
- Saothraíonn mic léinn an cumas míchothroime a aithint sna gníomhaíochtaí fisiciúla agus seasamh ina choinne, agus foghlaimíonn siad chun meas a bheith acu ar imreoirí, oifigigh agus rialacha gach gníomhaíochta.
- Ba cheart go bhfaigheadh na mic léinn taithí ar a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí iomaíocha agus i ngníomhaíochta neamhiomaíocha araon ionas go gcothófar iontu spéis sa spórt/sa bhfóillíocht a mhairfidh ar feadh a saoil.
- Ba cheart go mbeadh mic léinn eolach faoi bhunús agus stair na gcluichí éagsúla agus faoi na hathruithe éagsúla atá tagtha ar chluichí le himeacht aimsire.

- D'fhéadfaí foirmeacha difriúla damhsa ó chultúir/thraidisiúin éagsúla (damhsa tíre, damhsa líne, damhsa salsa etc.) a nochtadh do mhic léinn.
- Cuid d'oideachas sóisialta na mac léinn is ea an ghluaiseacht, mar a gcuireann mic léinn a gcuid mothúcháin/braistintí in iúl tríd a bhfreagairtí féin a chumadh ar théamaí/ar spreagthach.
- Foghlaimíonn na mic léinn cad is cleachtas sábháilte ann i ngach ceann de na gníomhaíochtaí agus glacann chucu féin modhanna iompair a chinntíonn comh-mheas ar shábháilteacht a bpiaraí agus ar a sábháilteacht féin.
- Ba cheart go léireodh na mic léinn meas ar dhearcthaí a chéile, go n-éistfidís lena chéile agus go ndéanfaidís sealaíocht. Sa timpeallacht seo beidh sé de mhuinín ag mic léinn a dtuairimí a nochtadh i ngníomhaíochtaí grúpa/ranga uile.

Tá mionchur síos ar na deiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh sa Chorpoideachas chomh maith le ceachtanna samplacha le fáil ar an CD-ROM agus ag **www.ncca.ie**

## Oideachas Reiligiúin

Ba chóir go gcinnteodh oideachas reiligiúnda go gcuirtear mic léinn ar an eolas faoi réimse leathan de thraidisiúin reiligiúin agus don tuiscint neamh-reiligiúin ar an mbeatha. Tá ról ar leith aige sa churaclam le caoinfhulaingt agus comhthuiscint a chothú. Féachann sé le scileanna a fhorbairt i mic léinn chun pairt a ghlacadh i bplé lánbhrí leo siúd a bhfuil traidisiúin eile acu nó nach bhfuil aon traidisiún reiligiúin acu.
**(Siollabas Oideachas reiligiúin—Teastas Sóisearach, lch. 4)**

Leagann an siollabas d'oideachas reiligiúin, sa tsraith shóisearach agus shinsearach araon, an-bhéim ar luach na héagsulachta reiligiúin agus ar chomhmheas do dhaoine ó gach creideamh. Ceann de na haidhmeanna atá ag oideachas reiligiúin ná 'chun creatlach a sholáthar do mhic léinn teacht ar réimse de thraidisiúin reiligiúin in Éirinn agus áiteanna eile, agus dul i dteagmháil leo'.

Tá an t-ábhar agus na haidhmeanna ag teacht le hábhar agus luachanna an oideachais idirchultúrtha. Tá sé d'aidhm ag oideachas reiligiúin eolas a chothú ar an gcuardach daonna do bhrí atá i gcoiteann ag gach duine agus spreagann sé mic léinn chun freagraí éagsúla don chuardach sin a aithint i gcultúir agus comhthéacsanna éagsúla. Freisin scrúdaíonn sé an chaoi inar chuidigh traidisiúin reiligiúin leis an gcultúr againn féin agus an tionchar atá acu fós ar iompraíocht agus stíl maireachtála daonna. Féachann sé le scileanna a fhorbairt i mic léinn chun páirt a ghlacadh i bplé lánbhrí leo siúd a bhfuil traidisiúin eile acu nó nach bhfuil aon traidisiún reiligiúin acu. Mar sin, is féidir leis ról tábhachtach a bheith aige sa churaclam le meas agus comthuiscint a chothú.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh in Oideachas Reiligiúin chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Eolaíocht

Tugann eolaíocht sa Teastas Sóisearach bealach do mhic léinn le tuiscint a fháil ar an domhan nádúrtha agus fisiciúil agus an bhaint agus an fheidhmíocht atá ag eolaíocht lena saol pearsanta agus sóisialta. Tugann sé eolas ar an domhan agus deiseanna do scrúdú eolaíochta. Cuidíonn an taithí fhoghlama le mic léinn meonta dearfacha a fhorbairt ina leith féin, i leith dhaoine eile, na timpeallachta, na heolaíochta agus na teicneolaíochta. Má tá dearcadh idirchultúrtha ann cuidítear le meas ar dhifríochtaí aonair agus cultúrtha. Cuireann sé iliomad gutha agus dearcadh san áireamh, ó gach mac léinn sa seomra ranga go dtí a bhfuil le rá ag iliomad cultúir an domhain maidir le gnéithe éagsúla na heolaíochta.

Baineann oideachas eolaíochta, mar a bhaineann oideachas idirchultúrtha, le scileanna a chothú d'fhiosrú neamhspleách agus gníomhaíocht chruthaitheach. Is féidir na scileanna i smaoineamh anailíseach, a fhoghlaimítear tré fhiosrú eolaíochta, a aistriú go hainilís ar an domhan sóisialta, agus cuidíonn said go díreach le cumas idirchultúrtha. Freisin, tá 'cumas chun tuairimí agus breitheanna a fháil bunaithe ar fhianaise agus tástáil' (cuspóir luaite i siollabas eolaíochta don Teastas Sóisearach, lch.3) riachtanach chun claontacht agus steiréitíopáil a shárú. Tugann an-chuid de na téamaí a chlúdaítear in Eolaíocht, mar uisce, fuinneamh agus éiceolaíocht, deiseanna iontacha do chomparáid agus foghlaim thraschultúrtha.

Molann siollabas eolaíochta don Teastas Sóisearach gur chóir go mbeadh tionchar stairiúil na heolaíochta agus sochaí ina bhunús le múineadh an chúrsa. Tá sé riachtanach go mbeadh tuiscint ag mic léinn ar an gcaoi ina bhfuil eolaíocht tar éis forbairt ar eagla go bhfágfaí mic léinn le híomhá d'fhear geal iartharach ag obair i saotharlann ard-teicneolaíochta. Ní thugann an íomhá seo aitheantas don mhéid atá déanta ag iliomad daoine thar na céadta bliain agus sa domhan atá ag forbairt d'fhionnachtana eolaíochta. Léiriú is ea forbairt an eolais eolaíochta agus próisis an fhiosraithe eolaíochta ar obair charnach an-chuid cultúir agus grúpaí eitneacha thar am, agus tá sé ar siúl ar fud an domhain. Mar

sin tá sé tábhachtach cúram a ghlacadh agus samplaí eolaíochta á roghnú, lena chinntiú go léirítear saothar dhaoine éagsúla i gcleachtais agus eolas comhaimseartha eolaíochta. Is féidir leis an múinteoir eolaíochta a thaispeáint freisin an chaoi ina bhfuil réitigh de theicneolaíocht íseal agus báúil leis an dtimpeallacht oiriúnach agus éifeachtach ó thaobh costais de le fadhbanna nua-aimseartha a réiteach.

Toisc gur phróiseas fiosraithe í an eolaíocht chomh maith le cnuasach eolais, molann an siollabas don mhúinteoir deiseanna a thabhairt dos na mac léinn saothar taighde agus trialacha a dhéanamh. Má tá gné idirchultúrtha san áireamh díritear ar na modheolaíochtaí chomh maith le hábhar teoiriciúil na hoibre ranga. In obair thaighde, nuair is féidir, ba chóir obair ghrúpa a chothú agus má athraítear baill na ngrúpaí thar am is féidir comhoibriú a chothú i measc mic léinn le cumais, aoiseanna, cúlraí eitneacha agus inscní éagsúla.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh san Eolaíocht chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Tá tuiscint, eolas, dearcadh, luachanna, scileanna agus cumais an oideachais idirchultúrtha comhtháite thar raon modúl leis an gclár OSPS. Áirítear:

**Muintearas agus comhtháthú**
Tré scrúdú a dhéanamh ar an téama seo is féidir le mic léinn tuiscint níos doimhne a fháil ar an mbrí éagsúil atá ar mhuintearas agus comhtháthú do mhic léinn éagsúla ach mar sin féin tá an-chuid cosúlachtaí. Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas gur féidir le mic léinn teacht ar an dtaithí foghlama seo le dearcadh éagsúil cultúrtha a rachadh i bhfeidhm ar an gcaoi ina nglacann said páirt, m.sh. d'fhéadfadh go mbeadh taithí éagsúil ag páistí ó chúlra Lucht Siúil ar 'mhuintir' ná mar a bheadh ag an bpobal socraithe. Don chuid is mór, cónaíonn an Lucht Siúil i ngaol dlúth lena muintir leathnaithe. Ní bheadh a leithéid fíor do mhórán mic léinn sa phobal socraithe. Bheadh tionchar éagsúil ar na mic léinn éagsúla. D'fhéadfadh dearcadh éagsúil a bheith ag páistí ó chúlra Moslamach i leith an alcóil i gcomparáid le páistí a tógadh i dtraidisiún Críostaí.

**Difríochtaí agus cosúlachtaí**
Spreagann an modúil seo na mic léinn le staidéar a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuilimid difriúil agus cosúil lena chéile? Conas a d'fhéadfadh an t-eolas seo tionchar a bheith aige ar an gcaoi a chaithimid lena chéile? Conas is féidir linn a bheith ómósach inár n-idirghníomhuithe lena chéile?

**Sláinte Fhisiciúil**
Tá réimsí atá íogair go cultúrtha a d'fhéadfadh éirí sa mhodúil seo, mar shampla, tuairimí éagsúla maidir le modhúlacht agus cleachtais ag inmhe. Bheadh sé tábhachtach do mhúinteoirí a bheith eolach agus mothálach faoin gcaoi ina mbeadh tionchar ag na héagsúlachtaí seo ar ábhar agus modhanna a roghnaítear. Bheadh na ceachtanna seo dírithe ar thaithí dhearfach a éascú do ghach mac léinn.

**Sláinte mothúcháin**
Arís, bíonn cur chuige éagsúil ag cultúir éagsúla maidir le forbairt mhothúcháin. Is féidir go mbeadh léirithe oiriúnacha d'fhearg, cion nó brón bainteach le cultúr ar leith. Má fhaigheann mic léinn tuiscint agus meas ar na bealaí éagsúla chun plé le mothúcháin is féidir leis cuidiú leo a aithint go bhfuil bealaí éagsúla ann le plé le

mothúcháim atá cosúil lena chéile. An rud atá tábhachtach ná an chaoi ina bhfuil na léirithe seo ómósach don duine féin agus do dhaoine eile.

**Cairdeas**
I ngach rang beidh raon leathan de luachanna, meonta agus creidimh maidir le brí an chairdis agus cad atá cuí i gcairdeas idir an inscne chéanna agus an malairt inscne. Ní hamháin go dtabharfar eolas do mhic léinn faoi chosúlachtaí agus difríochtaí ach cuideofar leo meas agus tuiscint a bheith acu ar éagsúlacht.

**Oideachas caidrimh agus gnéasachta**
*Is féidir na ceachtanna molta don mhodúl seo a leasú chun na gnéithe idirchultúrtha a thaispeáint. Cosúil leis na modúil eile, is féidir leis an múinteoir a bheith mothálach maidir le dúileanna agus luachanna éagsúla a fhaightear i measc na gcultúr éagsúil i réimse caidrimh agus gnéasachta.*

Is féidir leis na modhanna a úsáidtear in OSPS cuidiú go mór le mic léinn foghlaim fúthu féin agus daoine eile. Tá tábhacht ar leith in OSPS le scileanna in éisteacht ionbháúil agus scileanna i réiteach coimhlinte. Is féidir le modhanna gníomhacha foghlama an cumas a mhéadú leis na scileanna seo a fhorbairt i measc na mac léinn. Nuair a roinnean na mic léinn eolas pearsanta cuí lena chéile, agus nuair a phléann siad a luachanna, meonta, smaointe agus imní lena chéile, is féidir leo a aithint go bhfuil gach duine difriúil ach go bhfuil cosúlachtaí ann i gcónaí freisin. Is féidir leo a thuiscint go bhfuil éagsúlacht i gcultúir i ngach seomra ranga, fiú más rud é gur rugadh agus tógadh gach duine i láthair in Éirinn.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh in OSPS chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

## Ábhair Teicneolaíochta

Tá fócas coiteann ag trí cinn de na hábhair teicneolaíochta sa tsraith shóisearach, Teicneolaíocht Ábhair (adhmad), Miotalóireacht agus Teicneolaíocht, ainneoin roinnt éagsúlachtaí sa bhéim, ar úsáid de réimse ábhar agus codanna i ndearadh agus déantús. Tá deiseanna coiteann d'oideachas idirchultúrtha ann i ngach ceann de na hábhair sa ghrúpa seo. Díríonn an ceathrú hábhar, Graificí Teicniúla, ar réasúnaíocht dhé- agus trí-thoise a chur i bhfeidhm mar réiteach ar fhadhbanna graifice agus spásúil de nádúr teibí agus praiticiúil. Tá deiseanna éagsúla ag Graificí Teicniúla do thaithí idirchultúrtha ná sa ghrúpa eile.

### 1. Ábhair teicneolaíochta bunaithe ar dhearadh agus déanamh

Féachann na hábhair seo le scileanna a fhorbairt nasctha le gníomhaíocht chruthaitheach nuair a idirghníomhaíonn mic léinn lena dtimpeallacht, ag baint úsáide as ábhair agus próisis oiriúnacha mar fhreagra ar riachtanais, mianta agus deiseanna. Tá na fadhbanna bunúsacha a chuireann an taithí teicneolaíochta 'dearadh agus déanamh' seo os comhair na mac léinn mar an gcéanna in aon chomhthéacs cultúrtha ach beidh an réiteach ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil sa phobal sin. Is féidir cásanna 'dearadh agus déanamh' a scrúdú, áit a bhfuil teorainn le hábhair agus le próisis chun cúinsí éagsúla cultúrtha a léiriú, agus tá cumas i bhfad níos mó aige.

Féachann na hábhair seo le 'cuidiú le tuiscint an mhic léinn ar chúinsí éiceolaíochta agus timpeallachta agus úsáid acmhainní nádúrtha' (Siollabas—Teicneolaíocht Ábhar (adhmad), lch.4) agus 'eolas agus tuiscint an mhic léinn a fhorbairt ar an tionchar atá ag teicneolaíocht ar shochaí agus tuiscint ar an gcaoi ina bhféadfaí í a úsáid chun leasa nó díobháil na timpeallachta sóisialta agus

fisiciúla' (Siollabas- Teicneolaíocht, lch.2). Mar thoradh ar an rannpháirtíocht a éilíonn na haidhmeanna seo tagann tuiscint ar na riachtanais a bhíonn ag cultúir éagsúla, agus iad go minic i gcoimhlint lena chéile.

Is léir gur féidir leis na hábhair seo fiosracht a spreagadh faoi dhifríochtaí cultúrtha. Is féidir leo cuidiú leis na mic léinn dearcadh a fháil ar a gcleachtais féin agus a dtionchar ar shochaithe eile. Is buntáistí iad seo a bhaineann le hoideachas idirchultúrtha.

I dtaithí uileghabhálach oideachais teicneolaíochta

- tá meas ag mic léinn ar fhoinsí na bpríomhábhar lena n-oibríonn siad sa seomra ranga agus ar an tionchar a bhí ag táirgeadh na n-ábhar sin ar an bpobal as a dtagann siad
- fiosraíonn mic léinn an réiteach a mholfaidís d'fhadhb deartha agus déanaimh, faoi shrianta eacnamaíochta agus cultúrtha atá difriúil leis na cinn a bhfuil taithí acu orthu
- beidh meas ag mic léinn ar pháirt chultúir eile i gcur chun cinn na teicneolaíochta
- beidh tuiscint ag mic léinn ar mhodhanna éagsúla déantúsaíochta agus traidisiúin ceirde ó áiteanna eile ar domhan.

## 2. Graificí Teicniúla

Forbraíonn Graificí Teicniúla scileanna na mac léinn i léiriú an domhain fhisiciúil i bhformáid ghraificí. Cloíonn an léiriú seo le caighdeáin idirnáisiúnta atá in úsaid ar fud an domhain, agus mar thoradh air sin tá 'teanga' comónta graifice in úsáid sa chuid is mó de chomhthéacsanna cultúrtha. Tugann sé seo deis do mhúinteoirí díriú ar an gcosúlacht atá ann sa chumarsáid thar cultúir éagsúla agus chun íomhánna a úsáid ó chultúir eile mar bhunús le gníomhaíocht sa seomra ranga.

I gclár uileghabhálach do Ghraifici Teicniúla

- tabharfar deiseanna do mhic léinn logogram agus nithe eile ó chultúir eile a tharraingt
- léifidh mic léinn treoracha chun táirge a chur le chéile i dteangacha anaithnid le léiriú graifice in éineacht leo
- tabharfar suíomh do mhic léinn a éilíonn go gcruthóidís íomhánna a bheadh mar bhunús cumarsáide le daoine in áiteanna eile ar domhan.

Tá iniúchadh sonraithe de dheiseanna chun téamaí idirchultúrtha a chur san áireamh in Ábhair Teicneolaíochta chomh maith le ceachtanna samplacha ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ar **www.ncca.ie**.

# Modhanna agus Modheolaíochtaí

# 6

6

# MODHANNA AGUS MODHEOLAÍOCHTAÍ

**Education shall be directed to the full development of the human personality and to the strengthening of respect for human rights and fundamental freedoms. It shall promote understanding, tolerance and friendship among all nations, racial or religious groups, and shall further the activities of the United Nations for the maintenance of peace…**

**(Universal Declaration of Human Rights, Article 26.)**

Mar atá léirithe ag tréithe an oideachais idirchultúrtha a thugtar i gCaibidil a Dó, is iad na modhanna agus cur chuige a bhaineann úsáid as straitéisí gníomhacha foghlama is mó atá in oiriúint do chur chuige idirchultúrtha, ach go háirithe úsáid an phlé. Ainmníonn an caibidil seo, agus na samplaí a leanann, conas is féidir modheolaíochtaí gníomhacha foghlama a chur i bhfeidhm thar réimse d'ábhair sa seomra ranga iarbhunscoile.

## FOGHLAIM GHNÍOMHACH

> The real voyage in discovery consists not in seeking new landscapes but in having new eyes.
> **(Marcel Proust)**

Sa lá atá inniu ann, tá cur chuige gníomhach foghlama bunaithe go daingean i múinteoireacht iarbhunscoile agus é lárnach do sholáthar rathúil do thromlach na n-ábhar. Próiseas is ea foghlaim ghníomhach ina mbíonn páirt ghníomhach ag mic léinn san fhoghlaim. Méadaíon sé seo an féidearthacht go gcoinneoidh na mic léinn a bhfuil foghlamtha acu agus go mbeidh siad in ann é a chur i bhfeidhm sa saol laethúil. Fágann sé seo go bhfuil foghlaim ghníomhach riachtanach d'fhorbairt saoránachta domhanda.

**Déanann foghlaim ghníomhach**

- mic léinn a ghabháil go fisiciúil, go coigníoch agus go mothúchánach
- mic léinn a chur i gcroílár an phróisis foghlama trína chinntiú go bhfuil an t-ábhar ábharach dá saol féin
- freagracht, muinín agus féinmheas a chothú de réir mar a bhíonn mic léinn freagrach as a bhfoghlaim féin
- a aithint go bhfoghlaimíonn mic léinn óna chéile agus go bhfoghlaimíonn múinteoirí ó mhic léinn, chomh maith leis an mbealach eile thart

- soláthar do sholúbthacht i modhanna múinteoireachta agus mar sin soláthar do chineálacha éagsúla intleachta agus stíleanna éagsúla foghlama
- scileanna a fhorbairt i réiteach fadhbanna, smaoineamh criticiúil agus comhoibriú
- atmasféar a lorg de mhuinín agus tacaíocht lena chinntiú go nglacann na mic léinn páirt agus go mothaíonn siad socair agus iad ag léiriú a dtuairimí nó ag baint triail as scileanna nua
- gníomh a chothú, mar a fhoghlaimíonn mic léinn conas a gcumas féin a aithint.

Agus coincheapa ar nós luach na hilghnéitheachta nó cearta nó dualgaisí á bplé, nó i bhfoghlaim scileanna mar réitigh idirbheartaithe ar choimhlint, tá sé úsáideach eachtraí réalaíocha a úsáid laistigh den phróiseas foghlama. Cuireann na modheolaíochtaí d'fhoghlaim ghníomhach atá sna samplaí in éineacht na dtreoirlínte seo (ar fáil ar an dlúthdhiosca agus ag **www.ncca.ie**) raon de smaointe ar fáil chun é seo a dhéanamh. Is léir go bhfuil amanna ann nuair atá deacrachtaí leis seo, mar thoradh ar mhothúcháin corraithe. Is féidir go mbeadh an rannóg a phléann nithe conspóideacha ag deireadh na caibidle seo úsáideach i gcásanna dá leithéid.

## Modhanna d'fhoghlaim ghníomhach

### Plé struchtúrtha

Tá ról tábhachtach ag plé in oideachas idirchultúrtha. Tugann sé deis do mhic léinn caint faoina dtuairimí agus mothúcháin agus is féidir leis deiseanna a chur ar fáil chun tuairimí nó mothúcháin a fhorbairt nó a leasú mar is cuí. Is féidir leis raon scileanna a fhorbairt ar nós ceisteanna a chur, éisteacht ghníómhach agus dearfach, uainíocht, coimriú ar thuairimí, srl.

Nuair atá plé oscailte le bheith ann tá gá le hatmasféar de mhuinín agus tacaíocht. Cé gur chóir aghaidh a thabhairt ar mhic léinn maidir le ráitis atá míchruinn, nimhneach nó naimhdeach, ba chóir é seo a dhéanamh ar bhealach a dhearbhaíonn mar dhaoine iad ach a ionsaíonn an dearcadh.

Ní maith an smaoineamh é plé oscailte a bheith ann gan treoir agus rialacha don phlé a thabhairt roimh réidh. Is é ról an mhúinteora é freisin gríosadh cuí a thabhairt le plé a ghineadh, ar nós dáin, ailt nuachtáin, píosa ceoil, nó gníomhaíocht fhisiciúil.

## D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith sna rialacha

- léirítear meas do chách
- tugtar seans cainte do gach duine sa ghrúpa
- éistítear le gach duine—gan cur isteach
- ní cheadaítear caitheamh anuas
- tá meas ar chead tuairimí do gach duine
- beifear ag súil go mbeidh gach duine in ann a t(h)uairim a chosaint
- tá saoirse ag gach duine tuairim a athrú bunaithe ar phlé
- ní cheadaítear ginearáluithe, m.sh. 'tá gach teifeach...tá gach Moslamach...'.

Leasaithe ó *Changing Perspectives: Cultural Diversity and Equality in Ireland and the wider world* (A resource for CSPE) 2002, CDVEC Curaclam Development Unit.

## Cluichí insamhalta agus ról-imirt

Baintear úsáid as insamhladh agus ról-imirt chun deis a thabhairt do mhic léinn suíomh réalaíoch a chruthú i dtimpeallacht shábháilte. Le go mbeadh an ról-imirt éifeachtach tá gá le hullmhú cúramach, lena n-áirítear ról-chártaí a ullmhú, ceisteanna machnaimh, agus aon eolas chúlra a bhaineann. Tá sé tábhachtach téama a roghnú atá dírithe go soiléir agus a bhfuil an dóchúlacht ann go nginfidh sé machnamh, anailís agus díospóireacht

luachmhar. Tá sé rí-thábhachtach go leor ama a chur ar fáil chun mic léinn a thógáil amach as an ról agus chun a dtaithí sa ról-imirt a phlé. Ba chóir do mhúinteoirí glacadh le rogha an mhic léinn gan páirt a ghlacadh i ról-imirt. Sna cásanna seo is féidir leo páirt thábhachtach a bheith acu in éiteacht go gníomhach agus i dtuairisciú ar a bhfuil feicthe acu.

### Díospóireacht

Oibríonn díospóireacht níos fearr má thugtar deis do mhic léinn téama a phlé a bhfuil suim acu ann agus má thugtar am agus tacaíocht dóibh ullmhú don díospóireacht (eolas cúlra, ailt nuachtáin/irise, láithreáin úsáideacha, srl.). Ceann de na contúirtí a bhaineann le díospóireachtaí sa seomra ranga ná an claonadh ag mic léinn dearcadh a ghlacadh agus gan aon luach a fheiceáil i ndearcadh eile. Is féidir iarraidh ar mhic léinn taighde a dhéanamh agus dearcadh amháin a chur i láthair agus ansin malairt taobhanna a ghlacadh agus argóint a dhéanamh don dearcadh eile. Mar chríoch, déanann an grúpa iarracht teacht ar chomhaontú agus scríobhann sé tuairisc ghrúpa ag cur síos ar an dtéama agus ar smaointe an ghrúpa ina thaobh.

Bealach eile is ea an díospóireacht siúil le cuidiú le mic léinn téama a phlé. Sa mhodh seo, léitear ráiteas amach don rang agus iarrtar orthu iad féin a shuíomh ag taobh amháin den rang má aontaíonn siad agus taobh eile muna n-aontaíonn. Seasann na daoine nach bhfuil cinnte sa lár. De réir mar a phléitear an t-ábhar tá cead ag mic léinn suíomh a bhogadh. Spreagann an ghluaiseacht athruithe i dtuairimí agus ceadaíonn sé éiginnteacht agus glacadh leis nach bhfuil gach ábhar dubh agus bán.

### Rianú saincheiste

Modh is ea rianú saincheiste lenar féidir le mic léinn saincheist nó ábhar a fhiosrú atá sa nuacht faoi láthair. I gcomhthéacs an oideachais idirchultúrtha bheadh sé suimiúl rianú a dhéanamh ar an mbealach ina gcuirtear síos ar theifigh agus iarrthóirí tearmainn in Éirinn nó cleachtas reiligiún agus ilghnéitheacht reiligiúin in Éirinn. Forbraíonn sé obair ghrúpa agus scileanna comhoibrithe toisc go gcaithfidh mic léinn obair i ngrúpaí agus cinneadh ar an mbealach is fearr le heolas a bhailiú. D'fhéadfadh an múinteoir an cuardach a spreagadh trí nuachtáin a thabhairt isteach don rang ar an gcéad lá nó trí tuairisc nuachta a thaispeáint faoin saincheist roghnaithe. Is féidir le mic léinn leabhar a chnuasach, cairt bhalla a dhéanamh nó an t-idirlíon agus ríomhaire a úsáid le leabhar leictreonach a chruthú. Ceadaíonn an mhodheolaíocht seo plé ar an difríocht idir fhíricí agus tuairimí agus ar an ról atá ag dearcadh agus claontacht sna meáin.

### Grianghraif, ealaín agus íomhánna

Is féidir úsáid a bhaint as íomhá nó grianghraf le suim a mhuscailt in ábhar, go háirithe má tá íomhá aisteach ar bhealach nó dúshlánach. Is féidir cuireadh a thabhairt do mhic léinn ceisteanna a chur maidir leis an ngrianghraf. Cé a ghlac é? Cén áit? Cad a bhí ag tarlúint ag an am? Cad a tharla ansin? srl. Tá sé tábhachtach gan íomhánna a úsáid a chuirfeadh treise le tuairimí claonta mhic léinn.

Is féidir iarraidh ar mhic léinn a dtuiscint féin ar théama a léiriú le saothar ealaíne, cartúin, colláis nó dealbhóireacht. Tá sé tábhachtach a rá le mic léinn go bhfuil luach ar shaothar gach aon duine, iad siúd 'nach bhfuil go maith san ealaín' san áireamh.

Is féidir reo-fráma a úsáid go héifeachtach le taithí, dearcadh agus mothúcháin éagsúla a fhiosrú. Chun é seo a dhéanamh léann an múinteoir dán nó scéal agus iarrann ar na mic léinn i ngrúpaí beaga líne amháin a thógáil as an scéal agus íomhá a chruthú a léiríonn cad atá ag tarlúint ag an nóiméad sin. Nuair a leagann an múinteoir a lámh ar ghualainn mhic léinn moltar dóibh a dtuairimí a nochtadh i gcarachtar. Is féidir plé an-shaibhir a dhéanamh ar an raon de mheonta agus smaointe a thagann amach.

**Suirbhé/ceistneoir**

Is féidir le suirbhé nó ceistneoir scileanna a chothú i gcumarsáid, i dtiomsú agus i dtuiscint faisnéise, mar aon le comhoibriú. Ceadaíonn sé gníomh lasmuigh den seomra ranga agus is féidir rannpháirtíocht na scoile nó an phobail níos leithne a bheith i gceist.

## AG PLÉ LE hÁBHAIR CONSPÓIDEACHA

Bíonn ar gach oideachasóir plé le hábhair conspóideacha sa seomra ranga. Tá téamaí mar an dlí, cirt agus móráltacht, cearta agus freagrachtaí daonna, creideamh agus cleachtas, an beatha agus an chiall atá léi i gcroílár an oideachais ar fad. Mar sin, bíonn  ábhair conspóideacha ann sa seomra ranga go laethúil, beagnach. Tá na nithe seo conspóideach toisc nach bhfuil aon tuairim seasta nó tuairim a ghlactar leis go huilíoch. Go minic bíonn éagsúlacht i dtuairimí creidimh maraon le tuairimí tuata ar nithe mar seo.

Níl sé éasca cothromas a fháil idir 'saoirse laistigh de struchtúr', agus is féidir míchompord a bheith ann má chailltear an cothromas. Is féidir go dtarlódh seo mar thoradh ar sheomra ranga ró-smachtaithe ina bhfuil faitíos ar na mic léinn labhairt nó i seomra ranga ró-scaoilte ina bhfuil monaplacht ag tuairimí pearsanta aineolacha ar am ranga. Tugann an rannóg seo roinnt treoirlínte le plé a éascú chun an cothromas seo a bhaint amach.

### Noda chun téamaí conspóideacha a mhúineadh

Tá sé i gceist ag na noda seo cuidiú le múinteoirí smacht a choinneáil ar an staid agus fiosrú agus idirphlé oscailte a choinneáil ar siúl.

**Déan áit shábháilte den seomra ranga inar féidir ceisteanna a chur agus tuairimí a phlé**
Sular féidir le mic léinn ceisteanna a chur nó téamaí conspóideacha a phlé, caithfidh siad a mhothú go bhfuil siad sábháilte sa seomra ranga le ceisteanna a chur nó le heasaontú lena gcomhghleacaithe gan a bheith thíos leis. Ba chóir rialacha a bhunú go luath sa bhliain agus iad a threisiú go rialta—ní hamháin do phlé ar théamaí conspóideacha, ach gach plé.

**Bí ag brath ar dhea-nádúr na mac léinn**
Agus téama á thabhairt isteach a d'fhéadfadh a bheith conspóideach, is féidir le múinteoirí cur i gcuimhne do mhic léinn go bhfuil tábhacht le meas. D'fhéadfaidís freisin achainí a dhéanamh do mhic léinn cuimhneamh go bhféadfadh tuairimí a nochtaítear sa rang daoine eile sa rang a mhaslú. Ní maith leis an gcuid is mó de mhic léinn daoine eile a ghortú, agus b'fhéidir go ndéanfaidh siad iarracht a dtuairimí a chur ar bhealach níos séimhe.

**Faigh amach cad atá ar eolas ag mic léinn agus cad a cheapann said faoi théama roimh thosú ar fhiosrú**
Faigh amach cad atá ar eolas acu, cad a cheapann siad atá ar eolas acu ach nach bhfuil siad cinnte ina leith, cad as a dtagann an t-eolas, agus cén cheisteanna atá acu. Is féidir freagraí a fháil ó cheistiú díreach, plé i ngrúpaí, agus scríobh iriseáin.

**Cuir rogha dearcadh ar fáil do mhic léinn**
Seachain plé sa seomra ranga go dtí go bhfuil deis ag mic léinn taighde a dhéanamh agus an téama a fhiosrú ó thaobhanna éagsúla. Ach cuimhnigh, tá sé riachtanach

tuairimí éagsúla a fháil ar théama conspóideach ach ní leor sin. Is féidir le mic léinn éisteacht, féachaint nó léamh chun tacú leis an méid a chreideann siad cheana féin nó chun botúin, bearnaí agus míchruinneas a fháil. Tá an múinteoir ag féachaint le 'hoscailt chriticiúil' a fhorbairt sa phróiseas seo—claonadh a bheith oscailte do thuairimí dhaoine eile agus an cumas grinnstaidéar criticiúil a dhéanamh orthu, a bheith sásta breith a choinneáil siar agus an cumas conclúidí a shroichint atá oscailte le hathrú.

**Cothaigh idirphlé agus éisteacht ghníomhach**
De ghnáth bíonn cúnamh de dhíth ar mhic léinn leis na difríochtaí idir idirphlé agus díospóireacht a thuiscint. Díríonn idirphlé ar thuiscint, méadú ar radharc, cur le castacht smaointe, oscailteacht d'athrú. Tá éisteacht cheart de dhíth ar idirphlé. Tá uirísle de dhíth air freisin.

> How can I dialogue if I always project ignorance onto others and never perceive my own? How can I dialogue if I am closed to, and even offended by, the contribution of others?
> **(Paulo Freire, Pedagogy of the Oppressed.)**

Bealach an-mhaith le héisteacht a chothú is ea iarraidh ar mhic léinn dearcadh duine eile a athrá. Iarr orthu an méid a chloiseann siad mac léinn eile á rá a athrá chun an scil seo a fhorbairt.

**Bain úsáid as modheolaíochtaí na foghlama gníomhaí**
Foghlaimíonn mic léinn níos fearr nuair atá siad gníomhach san fhoghlaim. Agus téamaí conspóideacha á mhúineadh tá sé tábhachtach deiseanna a thabhairt do chineálacha éagsúla de phlé i ngrúpaí: péirí, ciorcail comhrá, painéil, babhlaí éisc.

Freisin is féidir leas a bhaint as modheolaíochtaí na foghlama gníomhaí i dtógáil ionbhá (m.sh. ról-imirt) agus i gcur i gcoinne tuairimí claonta (m.sh. chuiche insamhalta).

**Cothaigh smaoineamh criticiúil**
Cothaigh scileanna i measúnú criticiúil agus spreag mic léinn le heolas a fhiosrú, na foinsí agus na claonta a bheadh ann. Iarr ceisteanna criticiúla chun cuidiú le mic léinn foinsí a dtuairimí agus meonta féin a thuiscint.

### Samplaí de cheistiú criticiúil

- Cén tuiscint atá agat faoi láthair ar (téama)?
- Cén fáth go smaoiníonn/mothaíonn tú mar sin?
- Cad as a dtáinig do dhearcadh agus do thuiscint?
- Cé chomh hiontaofa agus atá an t-eolas seo?
- Ca bhfuair tú do chuid íomhánna?
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na meáin ar an mbealach ina fheiceann tú an suíomh seo?
- Cad faoi tionchar eile—cairde, muintir, creideamh?
- An féidir leat bealach eile a shamhlú leis an dtéama seo a fheiceáil? Cén cuma a bheadh air?

> When dealing with controversial issues, teachers should adopt strategies that teach students how to recognise bias, how to evaluate evidence put before them and how to look for alternative interpretations, viewpoints and sources of evidence, above all to give good reason for everything they say and do, and to expect good reason to be given by others.
> **(Bailey, 1998)**

### Ról an mhúinteora agus saincheisteanna conspóideacha idir lámha

**1. Scrúdaigh tú féin**

Cad a cheapann agus a mhothaíonn tusa, an múinteoir, faoi théama? Cén fáth? An ndéarfá le mic léinn ag an tús cad iad do thuairimí sa chaoi is go mbeidh siad san airdeall ar do chlaonadh? Nó ar chóir duit gan a rá leo, ach bheith cúramach faoi chlaonadh, múnlú agus bolscaireacht?

**2. Bí sofhreagrach do mhothúcháin agus tuairimí na mac léinn**

Trí theicnící a luaitear thuas, is féidir mothúcháin agus luachanna mac léinn a nochtadh. Mar atá i ról an mhúinteora cuidiú le mic léinn smaoineamh in áit a rá leo cén smaointe a bheith acu, is é an ról atá acu ní a rá leo cén mothúcháin agus luachanna ba chóir a bheith acu, ach atmasféar a chothú inar féidir leo a dtuairimí agus mothúcháin a nochtadh gan imní, iad a dhéanamh soiléir dóibh féin, agus a luach a mheas.

**3. Léirigh meas agus cothromas**

Léirigh meas dos na mic léinn uilig agus an ceart atá acu a dtuairimí a chur in iúl. Léirigh cothromas ag cur an dá thaobh in iúl go cóir. Ní féidir leis an múinteoir a chur ina luí go bhfuil sé/sí neodrach agus tá ceart aige/aici tuairim a nochtadh freisin. Ach tá sé tábhachtach do thuairim féin a thabhairt ar bhealach a léiríonn meas ar dhaoine eile agus nach ndúnann síos an plé.

**4. Ceartaigh míchruinneas**

Ról tábhachtach atá ag an múinteoir le linn an phlé ar théama conspóideach is ea míchruinneas a cheartú go séimh. Coinnigh an t-eolas seo simplí agus ar an bpointe. Ná téigh isteach i gcoimhlint nó riocht argóinteach le mac léinn nó grúpa díobh.

5. **Leag béim ar an bpointe gur deiseanna iad comhlintí**

   Is féidir le téamaí conspóideacha coimhlint a ghineadh, agus is am tráthúil é le meabhrú do pháistí gur deiseanna iad coimhlintí d'fhoghlaim agus fás.

6. **Léirigh do dhaonnacht**

   Admhaigh amhras, deacrachtaí agus laigí i do thuairimí féin. Lig dos na mic léinn an staid agatsa a cheistiú freisin.

7. **Bunaigh bealach dúnta**

   Cinntigh go ndúntar an plé le híogaireacht chuí dos na mothúcháin atá nochtaithe.

## ÉISTEACHT IONBHÁÚIL

Tá éisteacht i gcroílár an oideachais do mheas agus comhthuiscint. Gan éisteacht ní féidir dul isteach i ndomhan dhuine eile agus a scéal a chloisteáil. Is ionann éisteacht ionbháúil agus éisteacht leis an aidhm go dtuigfidh tú an scéal. Scil is ea é seo ar féidir a chothú i measc na mac léinn (féach sampláí ar an idirlíon ag **www.ncca.ie**) agus is féidir leis an múinteoir é a léiriú freisin.

### SEICLIOSTA CHUN A FHEISCINT AN ÉISTEOIR MAITH MÉ

- ✓ An miste liom faoi gach mac léinn i mo rangsa?
- ✓ An féidir liom rud maith a rá faoi gach aon mac léinn?
- ✓ An labhraím le meas le gach duine?
- ✓ An ligim do mhic léinn an rud is mian leo a chríochnú agus má bhaineann stad dóibh, an dtugaimse spreagadh dóibh leanúint ar aghaidh?
- ✓ An gcoinním breith siar go dtí go bhfuil an duine críochnaithe ag caint?
- ✓ An bhfuilim in ann coimhlint a sheachaint?
- ✓ An léirím tuiscint agus ionbhá, mar is cuí?
- ✓ An dtugaimse aiseolas dearfach do gach dalta go rialta?
- ✓ An nglacaimse leis go bhfuil daltaí áirithe ciontach sula n-éistim leis na fíricí?
- ✓ An bhfuilim in ann leithscéal a ghabháil nuair a chaithim go héagórach le mac léinn?
- ✓ An bhfuil mo chorp ag teacht le m'fhocail? Mar shampla, an n-iarraim orthu cé mar atá ag éirí leo ach cuma deifreach a bheith orm?

Leasaithe ó *Quality Circle Time in the Secondary School—A Handbook of Good Practice* le Jenny Mosley agus Marilyn Tew, David Fulton Publishers, London, 1999.

**CEACHT SA SEOMRA RANGA: AG ÉISTEACHT D'FHÍRICÍ, AG ÉISTEACHT DO MHOTHÚCHÁIN.**

Tá sé d'aidhm ag an gceacht seo scil na héisteachta a chleachtadh agus feasacht a chruthú nach éisteacht le fíricí amháin atá i gceist ach éisteacht le mothúcháin an duine.

**CÉIMEANNA**

1. Déan grúpaí de thriúr. Tugann an grúpa litir A, B, C dóibh féin.

2. Iarrtar ar A labhairt ar feadh 2-3 nóiméad ar théama a bhfuil mothúcháin an-láidir acu faoi, m.sh. rud éigin a chuireann fearg nó fuadar orthu. Nuair atá A ag caint, éisteann B le fíricí agus éisteann C leis na mothúcháin atá á léiriú ag A.

3. Tugann B aiseolas do A ar na fíricí; tugann C aiseolas ar na mothúcháin. Freagraíonn A ag rá cé acu an bhfuil an t-aiseolas cruinn.

4. Déantar an cleachtas arís le ról éagsúil ag gach duine sa ghrúpa.

5. Nuair atá a (h)uain féin faighte ag gach duine tagann an grúpa ar fad le chéile chun a dtuairimí a roinnt ar an gcleachtadh. D'fhéadfadh an múinteoir an cheist a chur—Cé acu is fusa ésiteacht leo, fíricí nó mothúcháin? Cad a thug tú faoi deara faoi theanga choirp an chainteora? An raibh sé ag teacht leis na mothúcháin a bhí á nochtadh? An bhfuil amanna ann nuair a labhraímid agus déanaimid iarracht ár mothúcháin a cheilt? Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach éisteacht le fíricí agus mothúcháin araon?

Leasaithe ó *Partners Companion to Training for Transformation*, tiomsaithe agus scríofa ag Maureen Sheehy, Foilsithe ag Partners, Training for Transformation, Baile Átha Cliath, 2001

# Measúnú agus Ilghnéitheacht Chultúrtha

# 7

7

# MEASÚNÚ AGUS ILGHNÉITHEACHT CHULTÚRTHA

**Cuid riachtanach den phróiseas teagaisc agus foghlama is ea an measúnú. Ar a chuspóirí tá cothú na foghlama, feabhas a chur ar mhodhanna teagaisc agus eolas a sholáthar ar a bhfuil déanta nó bainte amach.**

## AIDHMEANNA MEASÚNAITHE

Tá measúnú riachtanach sa phróiseas múinteoireachta agus foghlama. Tá sé d'aidhm aige foghlaim a chothú, múinteoireacht a fheabhsú agus eolas a thabhairt ar cad atá déanta nó bainte amach. Tá foirmeacha éagsúla aige agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, ar nós chun aiseolas a thabhairt do mhic léinn ar an dul chun cinn, chun gnóthachtáil a thástáil agus a dhearbhú (m.sh. Teastas Sóisearach agus Ardteist), chun an bealach cuí a chinneadh do mhic léinn trí churaclam difreáilte nó chun réimsí ar leith deacrachta (nó buanna) a aimsiú do mhac léinn ar leith.

Mar atá le heilimintí eile den phróiseas múinteoireachta agus foghlama, tá ról lárnach ag measúnú i bhforbairt an ghaoil idir múinteoir agus mac léinn. Má tá an próiseas measúnaithe dearfach forbraíonn mic léinn an mothúchán go bhfuil suim ag an múinteoir iontu agus déanfaidh an próiseas iad a dhearbhú agus a spreagadh. Chun déileáil le measúnú tá gá le cumas gaolta a thógáil a dhéanann próiseas dearfach agus múnlaitheach den mheasúnú do mhic léinn, agus tuiscint ar chúiseanna agus modhanna measúnaithe lena chinntiú gur féidir tátal cruinn agus úsáideach a fháil chun cuidiú le foghlaim sa todhchaí.

Bíonn dúshlán breise ann do mhúinteoirí iarbhunscoile atá ag ullmhú mic léinn do scrúduithe foirmeálta an stáit. I gcás na mac léinn nach í teanga na hoiliúna agus an mheasúnaithe a dteanga dúchais, tá tacaíocht shuntasach de dhíth orthu óna múinteoirí ábhair agus ón múinteoir tacaíochta teanga chun iad a chur ar an eolas maidir leis na modhanna éagsúla measúnaithe a chasfar orthu agus na téarmaí is coitianta i scrúduithe. Cé go bhfuil cead ag mic léinn foclóirí a úsáid anois i Scrúduithe sa Teastas Sóisearach agus san Ardteist (S23/05, Úsáid Fhoclóirí Dátheangacha sna Scrúduithe Teistiméireachta), tá sé tábhachtach go bhfuil taithí acu ar úsáid fhoclóirí ina saothar ranga agus measúnaithe scoile.

# MEASÚNÚ AGUS ILGHNÉITHEACHT CHULTÚRTHA

San am atá thart, bhí sé d'aidhm ag measúnú le linn na hiarbhunscoilíochta tomhas agus rannú a dhéanamh ar a raibh foghlamtha ag mic léinn, agus le fírinne tá sé sin fós ann, go háirithe i scrúduithe foirmeálta stáit. Braitheann an múnla seo don chuid is mó ar mheasúnú a thugann marcanna nó grádanna do mhic léinn bunaithe ar an méid atá foghlamtha acu nó an t-eolas agus scileanna is féidir leo a léiriú i scrúdú ag pointí áirithe le linn na scolaíochta. Tá an bhéim ar tháirgí (cur i láthair na dtuairimí, fíricí, srl.) murab ionann agus ar an bpróiseas (cén chur chuige a bhí ag na mic léinn leis an eolas a bhailiú, a eagrú agus a thuiscint). Míníonn Elizabeth Coelho cé chomh teoranta agus atá cur chuige cúng dá leithéid:

> The measurement and ranking model is based on an implicit belief that not all students have 'what it takes' to be successful, and the job of the school is to find those who do, and to nurture them. Closer examination often shows that 'what it takes' consists of proficiency in the language of instruction, congruence between the cultural values and experiences of the home and those promoted in the school, educated parents, and higher socioeconomic status.
> **(Teaching and Learning in Multicultural Schools—An Integrated Approach, 1998)**

Cé go bhfuil scoileanna agus múinteoirí níos oilte anois ar an ngá le cuidiú le mic léinn uilig caighdeáin arda acadúla a bhaint amach agus aithníonn siad nach féidir tuiscint, scileanna agus gnóthachtáil na mac léinn a rannú go héasca i mbosca amháin nó a choimriú i ngrád amháin, tá sé deacair feidhmíocht na mac léinn a thomhas thar tréimhse ama de bharr tús áite na scrúduithe scríofa atá claonta go mór i dtreo chuimhne ar an eolas.

Tá aitheantas ag teacht de réir a chéile ar na deacrachtaí ar leith a bhaineann le measúnú ar mhic léinn ó dhaonraí an mhionlaigh agus na n-inimirceach. Tá ceisteanna curtha faoin luach a bheadh ann agus daoine ag brath go hiomlán ar mhodhanna traidisiúnta tástála toisc go léirionn taighde:

The validity of relying solely on traditional testing methods has been questioned as research shows that students from culturally diverse backgrounds typically score lower than students from the dominant culture on traditional standardized measures and are disproportionately identified as handicapped or in need of special services. **(Lidz, C. Handbook for Multicultural Assessment Ich 533.)**

Léiríonn sé seo ar fad go bhfuil gá ann chun múinteoirí agus an córas scrúduithe foirmeálta a bheith íogair don ilghnéitheacht shaibhir chultúrtha, theangeolaíoch agus acadúil atá mar bhunús le saol an mhic léinn in Éirinn agus ag an am céanna na huirlisí measúnaithe a leathnú chun soláthar a dhéanamh don ilghnéitheacht seo.

Is féidir roinnt ról éagsúla a bheith ag measúnú san iarbhunscoil:

- I ról *múnlaitheach*, is ionann measúnú agus meastachán nó tástáil ar shaothar nó feidhmíocht na mac léinn agus é seo a úsáid chun foghlaim a mhúnlú agus a fheabhsú. Deir an múnla Measúnú chun Foghlama go dtugann measúnú deiseanna chun mic léinn a dhearbhú agus tacú leo i bhfoghlaim sa todhchaí trí na critéir bhreithiúnais a chur ar fáil, in éineacht leis na breitheanna a thugtar agus treoracha dearfacha ar na bealaí le foghlaim a thógáil ar aghaidh.
- I ról *diagnóiseach*, cuidíonn measúnú leis an múinteoir agus an scoil réimsí ar leith deacrachta a aithint do mhac léinn agus an t-eolas seo a úsáid i bpleanáil d'fhoghlaim an mhic léinn.
- I ról *measúnach*, tugann measúnú deis do mhúinteoirí a aithint cé chomh héifeachtach agus atá na straitéisí múinteoireachta agus ábhar an churaclaim atá in úsáid ag obair leis na mic léinn ina rang, agus tugann sé eolas ar féidir leasú sa chur chuige a bhunú air.
- I ról *coimreach*, ligeann measúnú don mhúinteoir torthaí na foghlama a aithint nuair a chríochnaítear aonad oibre nó nuair a bhíonn tuairisciú á dhéanamh do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus eile mar is cuí. Tá scrúduithe foirmeálta ar nós scrúduithe scoile ag deireadh na bliana nó scrúduithe stáit coimreach freisin.

Tá roinnt uirlisí measúnaite in úsáid san oideachas iarbhunscoile, lena n-áirítear:

- breathnú an mhúinteora
- tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- samplaí oibre, punainn agus tionscnaimh
- próifílí curaclaim
- tascanna agus scrúduithe ullmhaithe lasmuigh
- trialacha diagnóiseacha
- trialacha caighdeánaithe.

Caithfear srian agus coinníollacha a chur i gcónaí ar an eolas cáilíochtúil agus cainníochtúil a thuigeann na huirlisí seo. Ní dhéanann aon uirlis measúnaithe rud ar bith ach eolas a sholáthar, agus caithfidh an múinteoir é sin a scagadh ansin. Toisc go bhfuil an cumas ag na huirlisí ar fad claonadh a léiriú, caithfidh múinteoirí a bheith ar an eolas faoi na modhanna measúnaithe ar fad atá ar fáil, a mbuanna agus a laigí, chun go mbeidh siad in ann cinneadh cothrom agus oilte a dhéanamh.

## CLAONADH IS FÉIDIR A BHEITH ANN SA MHEASÚNÚ

Tá díospóireacht ann le fada maidir leis na straitéisí cuí do mhionlaigh agus do mhic léinn le riachtanais speisialta. In Éirinn, tá neart fianaise ann go dtugann an córas measúnaithe agus teistiméireachta in iarbhunscoileanna buntáistí do ghrúpaí áirithe thar daoine eile (Breen 1986, Hannan et al, 1996). In an-chuid staidéar, tá difríochtaí suntasacha faighte d'aicmí sóisialta a léiríonn go n-éiríonn i bhfad níos measa leo siúd ó chúlra níos boichte san Ardteistiméireacht ná mar a éiríonn leo siúd ó chúlra meánaicmeach. Tá cúiseanna casta leis seo agus cé go bhfuil baint ag an gcóras measúnaithe agus teistiméireachta leis ní hé an t-aon chúis le héagothromaíochtaí i bhfeidhmíocht na mac léinn i scrúduithe stáit.

Deir an-chuid daoine go dtreisíonn córas measúnaithe na scrúduithe stáit an claonadh láidir acadúil in oideachas dara leibhéal (CORI, 1998). Deir daoine eile nach amháin go bhfuil na modhanna measúnaithe an-acadúil, ach go bhfuil siad claonta go mór i dtreo scileanna teangeolaíochta agus loighic-mhatamaitice. Dá bharr sin ní léirítear meas nó aitheantas do an-chuid intleachtaí daonna, ach go háirithe intleachtaí pearsanta (Lynch, 1999).

Le déanaí thug forbairtí nua san oideachas—ar nós tús na hIdirbhliana, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Clár Gairmiúil na hArdteistiméireachta agus cúrsaí nua ar nós OSSP agus OSPS—deiseanna chun cumais éagsúla a fhorbairt agus chun múnlaí nua de mheasúnú a chur chun cinn. Fiú laistigh den Ardteistiméireacht bhunaithe tá gluaiseacht i dtreo níos mó ná pointe amháin measúnaithe. Tá 31 ábhar san Ardteistiméireacht faoi láthair, agus bíonn scrúdú scríofa deiridh ag cúig cinn déag díobh, scrúdú scríofa agus tionscnamh/praiticiúil ag aon cheann déag díobh, agus cúig ina bhfuil scrúdú scíofa agus scrúdú béil. Mar thoradh ar an athbhreithniú a deineadh le déanaí ar oideachas sa tsraith shinsearach in Éirinn moladh dhá aonad measúnaithe dos na hábhair Ardteistiméireachta ar fad, agus an bhéim ar raon na scileanna a ndéantar measúnú orthu a leathnú *(Proposals for the Future Development of Senior Cycle Education in Ireland, NCCA 2005)*.

### Contúirt don chlaonadh i measúnú a aithint

Tá roinnt bealaí gur féidir le múinteoirí a bheith aireach faoi chontúirt don chlaonadh sa mheasúnú. Sa rannóg seo a leanas tugtar cur síos ar an mbealach inar féidir le measúnuithe a bheith mar bhunús le breitheanna míchruinne faoi mhic léinn, a bhfoghlaim nó a ndul chun cinn. Is féidir

leis seo tarlúint nuair atá na huirlisí measúnaithe féin claonta, nó nuair a bhunaítear breith ar shonraí gan machnamh ceart a dhéanamh ar an gcontúirt do chlaonadh. Tá dhá chineál botúin a d'fhéadfadh tarlúint sa chomhthéacs seo le huirlis mheasúnaithe ar bith. Is iad sin (a) toradh 'dearfach bréagach'—ag feiceáil rud bréagach nach bhfuil ann agus (b) toradh 'diúltach bréagach'—gan rud atá ann a fheiceáil.

(a) Tarlaíonn toradh *'dearfach bréagach'* nuair a ainmníonn an measúnú rud nach bhfuil ann i bhfírinne. Mar shampla:

- Trialacha caighdeánaithe sa Bhéarla atá normáilte ar thromlach an daonra a labhraíonn Béarla: má úsáidtear iad ar mhac léinn ó ghrúpa eitneach a labhraíonn i gcanúint eile Béarla, is féidir an mac léinn a rannú mar dhuine le deacrachtaí teanga.

(b) Tarlaíonn toradh *'dearfach bréagach'* nuair nach n-aithníonn measúnú go bhfuil tréithe, cumais nó fadhbanna ag mac léinn toisc nach bhfuil na crítéir in úsáid íogair go leor. Mar shampla:

- B'fhéidir nach n-éiroidh le ráitis scríofa atá ann le méid atá foghlamtha nó na scileanna atá ag mac léinn i réimse ar leith den churaclaim na nithe sin a aithint i gceart i gcás an mhic léinn nach í teanga an mheasúnaithe an teanga dúchais. Is féidir deacrachtaí a bheith ag mic léinn mar sin i gcumarsáid fhoirmeálta de thuairimí casta, cé go bhfuil an cuma ar an scéal go bhfuil an mac léinn líofa i dteanga an mheasúnaithe sa ghnáthshaol.

## Cad ba chóir don mhúinteoir/scrúdaitheoir a lorg

Tá trí phríomhbhealach inar féidir na cineálacha seo botúin a bheith ann i measúnú mar thoradh ar ghnéithe cultúrtha nó teanga.

(i) **Ábhar nó déanamh an mheasúnaithe a bheith claonta, ag tabhairt buntáiste do ghrúpa amháin thar ghrúpa eile.**
Mar shampla,

- is dócha go mbeidh measúnú ar Bhéarla labhartha a ghlacann leis go bhfuil foghraíocht áirithe ceart claonta i gcoinne an-chuid cainteoirí líofa Béarla a labhraíonn, mar shampla, i geann de chanúintí Béarla na hAfraice
- is féidir go mbeidh trial aitheantais focail atá normáilte i ngrúpa daonra amháin claonta i gcoinne mionlach eitneacha
- d'fhéadfadh measúnú ar cheangal sóisialta mhic léinn sa rang a chinneadh go bhfuil mac léinn nach ndéanann teagmháil súile le múinteoir cúthail nó neamh-nasctha, ach i gcultúir áirithe tá sé míchuí do dhaoine óga teagmháil súile a dhéanamh le daoine fásta
- tá fianaise ann go bhfuil an ráta ratha ag grúpaí eitneacha éagsúla i réiteach fhadhbanna matamaitice ag brath, i gcuid, ar an mbealach ina gcuirtear an fhadhb.

(ii) **Is féidir leis an leagan amach, modh riartha na trialach nó pearsantacht an scrúdaitheora buntáiste a thabhairt do ghrúpa amháin thar ghrúpa eile.**
Mar shampla,

- más gá trialacha a chríochnú laistigh d'am teoranta, is féidir go mbeidh daoine thíos leis nach bhfuil líofa sa Bhéarla ach atá cumasach san ábhar atá á thriail

- má tá taithí ag mic léinn ar thrialacha a mhárcáiltear go diúltach is féidir leo straitéisí freagartha a fhoghlaim a ardaíonn scóranna sa triail, rud a chuirfeadh mic léinn nach bhfuil taithí acu ar na trialacha sin faoi mhíbhuntáiste.

(iii) **Is féidir torthaí ar mheasúnú a úsáid chun cinntí a bhunú ar chritéirí míchuí.** Mar shampla,

- is féidir mac léinn a dháileadh go grúpa cumas-bhunaithe bunaithe ar chritéirí sóisialta nó critéirí eile nach bhfuil bunaithe ar chumas. Mar shampla, thaispeáin taighde sna Stáit Aontaithe go bhfuil an-iomarca páistí Meicsiceach-Meiriceánach i ranganna oideachais speisialta. *(Handbook of Multicultural Evaluation, lch.18)*

### I DTREO CUR CHUIGE NÍOS UILEGHABHÁLAÍ DO MHEASÚNÚ

Tá múinteoirí ag dul i dtaithí ar éagsúlacht na n-uirlisí measúnaithe atá ar fáil le heolas a bhailiú ar fhoghlaim mac léinn. Ag cur ceisteanna, ag dáileadh tascanna d'obair bhaile agus á gceartú, ag tabhairt trialacha ag deireadh na n-aonad staidéir—is cineálacha measúnaithe iad seo ar fad a bhfuil aithne ag múinteoirí orthu. Baineann múinteoirí leas as torthaí an mheasúnaithe seo chun eolas a thabhairt do mhic léinn ar an dul chun cinn, chun tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí agus chun gníomhartha sa seomra ranga a phleanáil. Tarlaíonn deacrachtaí nuair a úsáidtear modhanna measúnaithe nach bhfuil oiriúnach don chás. Tá gá ag múinteoirí mar mheasúnóirí le cnuasach d'uirlisí lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta measúnaithe ceart agus cóir agus chun freagairt do riachtanais na

mac léinn ar fad, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste, ag teacht isteach sa chóras ó chultúr eile nó iad siúd nach í teanga na hoiliúna agus an mheasúnaithe an teanga dúchais acu féin.

Tá an-chuid roghanna ann de thrialacha foirmeálta ar féidir a úsáid i measúnú sa seomra ranga, ar nós agallaimh duine-le-duine, dialanna na mac léinn, mic léinn ag déanamh léirithe/taispeántais, nó breathnú ar mhic léinn ag críochnú tascanna agus ag léiriú scileanna áirithe. Mar shampla, in agallaimh duine-le-duine is féidir le múinteoir iarraidh ar mhac léinn tuiscint nó eolas a thaispeáint le spreagadh áirithe, m.sh. taispeáin dom…. srl. Is féidir le measúnú trí bhreathnú a bheith úsáideach chun éagsúlacht de scileanna nó cumais a fheiceáil ag obair, m.sh. scileanna idirphearsanta, scileanna in obair fhoirne agus comhoibriú, scileanna éisteachta, scileanna le réiteach fadhbanna, srl. Mar sin féin caithfear a bheith cúramach gan tréithe cultúrtha a mhíthuiscint. Mar shampla, muna bhfuil mac léinn páirteach go gníomhach in obair ghrúpa is féidir go dtarlaíonn seo toisc nach modh foghlama coitianta é i dtír dúchais an mhic léinn.

### Measúnú chun foghlama

Mar thoradh ar eolas nua ar an gcaoi ina dtarlaíonn foghlaim agus conas a théann foghlaimeoirí trí ghníomhartha sa seomra ranga tá tuiscint nua ar thábhacht an measúnaithe i gcothú na foghlama. Tá baint ar leith ag cuid den taighde seo le hoideachas idirchultúrtha de réir mar a ghluaiseann an fócas in imeachtaí measúnaithe ó bhéim ar mheasúnú ar fhoghlaim le measúnú chun foghlama a chur san áireamh; ag soláthar aiseolais d'fhoghlaimeoirí ar an gcaoi lena bhfoghlaim a fheabhsú agus iad a chur ar an eolas maidir le raon de mhodhanna measúnaithe agus foclóir an mheasúnaithe ar bhealach dearfach.

Níl measúnú chun foghlama agus measúnú ar fhoghlaim in iomaíocht lena chéile nó ag teacht salach ar a chéile mar chleachtai. Cé go mbeidh páirt ag measúnú ar fhoghlaim i gcónaí in oideachas agus i gcleachtas sa seomra ranga agus sa scoil, tugann forbairt an mheasúnaithe chun foghlama deiseanna nua do mhúinteoirí.

D'éirigh go han-mhaith leis an gcur chuige seo i bhfeabhsú ar inspreagadh agus feidhmíocht mac léinn nach raibh ag feidmiú de réir a gcumas, agus feidhmíocht scrúdaithe san áireamh (Black agus William). Cur chuige is ea é a chuideodh le mic léinn ag teacht ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus teangeolaíochta toisc go bhfuil béim aige ar an múinteoir agus an mac léinn ag athbhreithniú foghlama le chéile, an creideamh gur féidir le gach dalta feabhsú, féinmhuinín a thógáil, agus soláthar rialta d'aiseolas agus moladh. Ina theannta sin, cuidíonn measúnú chun foghlama le múinteoirí raon leathan de ghnóthachtálacha a aithint agus a mheas sa chaoi is gur féidir leis na foghlaimeoirí ar fad aitheantas a fháil as a n-iarrachtaí.

Tá an cur chuige seo úsáideach freisin nuair a mheastar na scileanna agus an fhoghlaim a bhí cheana ag daoine nua ag teacht isteach sa rang. Cuidíonn sé le múinteoirí foghlaim cheana a bhunú ar bhealach atá dearfach agus tuisceanach agus díritear ar an mac léinn nua a bhogadh ar aghaidh le scileanna nua a fhorbairt agus fhoghlaim.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar mheasúnú chun foghlama féach **www.ncca.ie**

(Athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach)

# MEASÚNÚ AGUS ILGHNÉITHEACHT CHULTÚRTHA

| Measúnú ar fhoghlaim | Measúnú chun foghlama |
|---|---|
| • tarlaíonn nuair atá an fhoghlaim déanta | • cuid lárnach den phróiseas foghlama |
| • bailíonn an múinteoir an t-eolas | • roinntear an t-eolas leis an bhfoghlaimeoir |
| • aistrítear eolas de ghnáth i marcanna nó grádanna | • tá eolas ar fáil ar chaighdeán na foghlama |
| • déanann comparáid fheidhmíochta le daoine eile | • tá sé tábhachtach comparáid fheidhmíochta a dhéanamh le haidhmeanna agus spriocanna |
| • féachann siar ar iar-fhoghlaim | • féachann ar aghaidh don chéad chéim eile san fhoghlaim |
| • díríonn ar an duine aonair | • díríonn ar an duine aonair agus ar ghrúpaí |
| • go minic bíonn ról tábhachtach ar roghnú | • tá torthaí ar fhoghlaim a chur chun cinn |

Tá príomhthréithe an mheasúnaithe ar fhoghlaim agus measúnú chun foghlama thíos.

### Measúnú bunaithe ar fheidhmíocht

Tá na nithe seo a leanas i gceist le measúnú bunaithe ar fheidhmíocht:

- Raon de shamplaí a thaispeáint d'fhoghlaimeoirí d'fheidhmíocht mhaith—samplaí de thuairiscí oibre, dialanna na mac léinn, tionscnaimh, aistí, saothar praiticiúil, fisthéipeanna de léirithe béil, srl.
- Mic léinn a spreagadh le plé conas a léiríonn na samplaí seo dea-fheidhmíocht agus mar sin aontú ar chritéirí do dhea-fheidhmíocht.
- Deiseanna a sholáthar do mhic léinn dea-fheidhmíocht a shamhlú iad féin le treoir agus tacaíocht an mhúinteora.
- Aiseolas dearfach a sholáthar ar phróiseas na foghlama chomh maith leis an táirge.
- Ligean do mhic léinn a gcuid saothair féin a mheas agus na samplaí is fearr a chur isteach mar chuid den mheasúnú coimriúil.

### Féin-mheasúnú

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí de mheasúnú chun foghlama is ea úsáid fhéin-mheasúnaithe an mhic léinn. Is féidir le féin-mheasúnú, le spriocanna agus critéirí sainithe go soiléir, cuidiú le mic léinn a gcuid buanna agus laigí féin mar fhoghlaimeoirí a aithint, dul chun cinn atá déanta acu a mheas, agus céimeanna feabhsaithe a mholadh. Baineann an chuid is mó de na mic léinn gníomhartha féin-mheasúnaithe atá pleanáilte go maith agus structúrtha go cúramach. Is féidir leo mic léinn a ghríosadh agus foghlaim féin-threoraithe a chothú. Tá moltaí d'fheabhsú lárnach sa phróiseas féin-mheasúnaithe, ach tá sé tábhachtach go ndéanann mic léinn a moltaí féin ar an gcaoi ina bhféadfaidís feabhsú. Beidh bealach nua ann le féachaint ar mheasúnú chun cuidiú le foghlaim agus chun cuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí agus an mac léinn a gcuid spriocanna agus aidhmeanna féin a bhaint amach.

## Punann measúnaithe

Molann an-chuid scríbhneoirí ar oideachas do mhic léinn atá difriúil ó thaobh teanga agus cultúir de punann measúnaithe mar bhealach níos cothroime chun eolas a bhailiú ar fhoghlaim mhac léinn. (Trumbull agus Farr, 1996; Genesee agus Hamayan, 1994: Freeman agus Freeman, 1991).

**Cad is punann ann?**
Bailiúchán saothair is ea punann a léiríonn iarrachtaí an duine, dul chun cinn nó gnóthachtálacha thar tréimhse leathan ama. I bhforbairt na punainne tá cáipéisiú ar ghnóthachtálacha, féin-mheasúnuithe agus machnaimh ar fhoghlaim bailithe thar tréimhse ama. Bealach éifeachtach is ea úsáid phunanna a thugann taifead dearfach do mhic léinn nuathagtha ar ghnóthachtáil agus dul chun cinn atá déanta.

Ní samplaí oibre amháin atá sa phunann; taifead is ea í ar an dul chun cinn agus gnóthachtáil. Tá sé tábhachtach go mbeadh níos mó ná táscaire amháin sa phunann ar ghnóthachtáil agus is féidir réimse leathan eolais, scileanna agus meonta a thaifeadadh. Ba chóir go léireodh iontrálacha stíleanna éagsúla foghlama agus eachtraí suntasacha foghlama, mar shampla, trialacha tábhachtacha, bileoga oibre, freagraí aiste, tionscnaimh thaighde, físthaifeadadh nó léirithe/agallaimh chlosamhairc, scríbhneoireacht machnaimh/saothar dialainne, srl. Ba chóir go mbeadh dialann foghlama ann freisin, ag taifeadadh tuairimí an mhic léinn féin agus an mhúinteora. Tá rogha an mhic léinn san obair tábhachtach freisin. Is féidir leis an múinteoir tacaíochta teanga cuidiú le bainistíocht na punainne, nuair is cuí.

Is é ról an mhúinteora ná

- cúis na punainne a mhíniú
- foghlaim an mhic léinn a dhíriú ar phróiseas dhéanamh na punainne in áit ar na meicníochtaí
- aontú ar na critéirí do roghnú agus bailiú na n-ábhar
- comhairle a thabhairt do mhic léinn maidir le féin-mheasúnú agus ráiteas machnaimh
- aontú ar spriocanna agus critéirí le húsáid i measúnú na bpunanna
- na punanna a choinneáil simplí ar dtús agus ligean dóibh éirí níos sofaisticiúla
- cuidiú le córas bainistíochta a fhorbairt.

**Treoirlínte chun obair bhaile agus ceisteanna measúnaithe a shocrú**

- Coinnigh ceisteanna chomh gearr agus is féidir.
- Seachain meafair nó béarlagair.
- Nuair is féidir tabhair nodanna físe chun a thaispeáint do mhic léinn cad le déanamh.
- Tabhair tacaíocht do mhic léinn nach bhfuil Béarla mar theanga dúchais acu. Mar shampla is féidir le múinteoirí ceisteanna a chur agus ansin cnuasach d'fhocail agus nathanna a sholáthar mar roghanna. Is féidir le ceisteanna ilroghnacha a bheith úsáideach anseo, cé go gcaithfear a bheith cúramach toisc go mb'fhéidir nach mbeadh taithí ag mic léinn ó chóras oideachais eile ar an modh seo de mheasúnú.
- Mínigh struchtúr agus foclóir na dtrialacha agus na scrúduithe do mhic léinn. Mínigh focail a úsáidtear go coitianta ar nós 'ainmnigh', 'déan cur síos', 'liostáil', 'pléigh'.
- Múin dos na mic léinn conas an triail a dhéanmah tré cheisteanna cleachtais a sholáthar nach scóráiltear. Tabhair aiseolas ar na ceisteanna cleachtais.
- Ná hiarr ar na mic léinn an páipéar ar fad a thriail ag aon am amháin. Bris suas é i bpíosaí ar féidir a láimhseáil. Tá sé níos fearr muna mbíonn ar mhic léinn ach aon rannóg amháin a dhéanamh ag aon am amháin.
- Seachain tagarthaí d'eolas a bhaineann le cultúr nó comhthéacs ar leith nach dtuigfidh na mic léinn ar fad.
- Spreag foghlaimeoirí dara teanga le foclóirí a úsáid.
- Tabhair go leor ama do mhic léinn leis an scrúdú a chríochnú.

## RÓL NA SCOILEANNA I SOLÁTHAR MODHANNA DEARFACHA DO MHEASÚNÚ

Tá ról ag scoileanna i laghdú an neamhchomhionannais agus claonadh i measúnú agus úsáid modhanna níos uileghabhálaí measúnaithe a chothú.

- Mar chuid de phlean scoile, is féidir le scoil a polasaí agus socruithe chun fadhbanna na míbhuntáiste agus an neamhchomhionannais a réiteach trí mheasúnú scoil-bhunaithe. Is féidir go mbeadh soláthar d'fhoclóirí do scrúduithe scoile i gceist anseo, agus níos mó ama a thabhairt do mhic léinn nach bhfuil Béarla mar theanga dúchais acu.
- Sa dara áit, is féidir leo raon na n-uirlisí measúnaithe a leathnú chun soláthar a dhéanamh do chultúir, cúlraí agus intleachtaí éagsúla chun ilghnéitheacht de scileanna, cumais agus gnóthachtálacha a léiriú.
- Sa tríú háit, is féidir leo polasaí soiléir a bheith acu do mheasúnú rialta de mhic léinn agus é d'aidhm acu na mic léinn a bhfuil cúnamh breise de dhíth orthu a aithint a luaithe agus is féidir.
- Mar chríoch, is féidir leo obair go dlúth le tuismitheoirí chun páirtnéireacht cheart a fhorbairt agus ar an gcaoi sin cumas ratha gach mic léinn a fheabhsú.

## MEASÚNÚ AR MHIC LÉINN AR THEACHT ISTEACH SA SCOIL DÓIBH

Chun go leor eolais a fháil le tacú le foghlaim an mhic léinn, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach roinnt mhic léinn a mheas ar theacht isteach sa scoil dóibh. Mar shampla, bhainfeadh mic léinn atá tar éis teacht ó thír eile, nó mic léinn nach é Béarla an teanga dúchais acu, leas as na heachtraí oideachais a bheadh ag eascairt ó mheasúnú den sórt sin. Tá sé tábhachtach go n-úsáidfear tuairimí an mhúinteora i gcomhpháirt leis na tuismitheoirí, agus tagairt a dhéanamh do:

- mí-oiriúnacht agus lipéadú de mhic léinn a bheadh ag teacht ó mheasúnú ar na páistí ar fad ó mhionlaigh eitneacha a fhreastalaíonn ar an scoil
- féidearthacht líon na mac léinn a mheas ar theacht isteach dóibh.

Tá sé d'aidhm ag measúnú mar seo go minic próifíl dearfach den mhac léinn a fhorbairt, is é sin próifíl a léiríonn raon chumais an mhic léinn. Ó tharla go bhfuil nádúr iomlánach aige, is féidir don phróiseas seo a bheith níos sáití ná stíleanna eile de mheasúnú tosaigh a bheadh níos teoranta. Ag an am céanna, tá cumas ag measúnú mar sin nasc dearfach a thógáil idir an mac léinn agus an scoil, agus is féidir leis féin-mhuinín an mhic léinn a mhéadú agus feabhas a chur ar a gcumas chun páirt a ghlacadh go hiomlán i saol na scoile.

Tá trí thréith a scarann próifílí dearfacha ó chineálacha eile measúnaithe.

- Tá siad iomlánach, ag fiosrú raon iomlán chumas agus iompraíochtaí an mhic léinn. Is féidir na nithe seo a bheith san áireamh i bpróifílí dearfacha: buanna acadúla, stíleanna foghlama, scileanna cumarsáide, caitheamh aimsire agus talainn, scileanna aireachtála agus mótair, scileanna sóisialta agus feasacht idirphearsanta agus inphearsanta.
- Tógtar próifílí dearfacha trí raon d'fhoirmeacha éagsúla de bhailiú sonraí lena n-áirítear breathnú, tástáil caighdeánach agus múinteoir-deartha, agus comhchomhairle le daoine eile a bhfuil aithne acu ar an mac léinn ar nós tuismitheoirí nó caomhnóirí.

Tá fócas dearfach ag na próifílí seo toisc nach ndéanann siad taifeadadh ach ar na nithe is féidir le mac léinn a dhéanamh. Cuidíonn sé seo le forbairt chlár foghlama, a ainmníonn cad is féidir a mhúineadh ansin. Is féidir eolas, buanna agus suimeanna an mhic léinn a úsáid i bhforbairt chláir dá leithéid.

### TRIALACHA CAIGHDEÁNAITHE

Is féidir na trialacha seo a úsáid in iarbhunscoileanna chun tuairim a thabhairt ar fheidhmíocht an mhic léinn i gcomparáid le pobal níos leithne (trialacha norm-thagartha), nó le sonraí a thabhairt ar chumas an mhic léinn ar chnuasach ábhair (trialacha critéir-thagartha). De ghnáth tá na trialacha seo forbartha ag speisialtóirí sa mheasúnú nó speisialtóirí san ábhar agus iad forbartha trí staidéir ollmhóra ar dhaonraí.

Is féidir le trialacha glacadh leis go bhfuil leibhéal áirithe eolais nó cumais ag an duine a bhaineann le cultúr ar leith, agus mar sin bheadh bunús ann do chinntí bréagacha i leith na ndaoine a bhfuil cultúr acu atá difriúil leis an bpobal a úsáideadh agus an triail á dearadh. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh múinteoirí agus bainisteoirí na scoile machnamh ar chúlra cultúrtha agus teangeolaíochta an mhic léinn agus torthaí na dtrialacha sin á scagadh. Moltar torthaí de thrialacha caighdeánaithe a mheas do mhic léinn atá difriúil, ó thaobh cultúir nó teanga de, in éineacht le modhanna eile measúnaithe a chuidíonn le próifíl dearfach a chruthú don mhac léinn.

# Teanga agus Idirchultúrachas

# 8

8

# TEANGA AGUS IDIRCHULTÚRACHAS

**Is í an teanga an príomhmhodh cumarsáide daonna. Is í an fheithicil atá againn chun eolas, smaointe, barrmhianta, dearcthaí agus mothúcháin a chur i bhfocail agus féidearthachtaí na samhlaíochta a thuar. Sochaí ilteangach ab ea Éire riamh anall.**

Tá dhá theanga oifigiúil ag Éirinn, Gaeilge agus Béarla, agus tá teangacha dúchais eile ann, Ultais, Teanga Chomhartha na hÉireann agus Gammon nó Cant (teanga atá in úsáid go stairiúil ag Lucht Siúil na hÉireann). Tá ról tábhachtach ag Béarla agus Gaeilge araon i bhféiniúlacht agus sochaí na hÉireann. Is saintréith de chuid an chórais oideachais in Éirinn go bhfuil taithí ag páistí agus múinteoirí ar fhoghlaim agus múinteoireacht in dhá theanga, ó thús scoile.

Sealbhaíonn tromlach na bpáistí céad teanga mar chuid den fhorbairt nádúrtha. I dtithe ina bhfuil dhá theanga in úsáid i gcumarsáid laethúil, de ghnáth sealbhaíonn páistí an dá theanga mar chéad teanga.

Is próiseas d'aon ghnó é foghlaim teanga a tharlaíonn tar éis shealbhú chéad teanga; is é sin, tá a fhios ag foghlaimeoirí go bhfuil siad ag foghlaim agus bíonn spriocanna cinnte foghlama acu, nó tugtar dóibh iad. Seo é an gnáthstaid d'fhoghlaim teanga seachas an mháthairtheanga ar scoil, ach do pháistí an-óg sa tomoideachas is dócha go bhfuil foghlaim an dara teanga níos iomasaí ná anailíseach.

Ceann de na dúshláin is mó atá roimh mhúinteoirí agus scoileanna ag tacú le foghlaimeoirí ó raon de chúlraí éagsúla is ea an bealach le tacú leis na foghlaimeoirí nach í teanga na múinteoireachta (Gaeilge nó Béarla) an chéad teanga acu.

## FOGHLAIM DARA TEANGA

Foghlaimíonn tromlach na bpáistí an chéad teanga, teanga na timpeallachta, mar chuid de phróiseas nádúrtha a mheascann foghlaim na teanga lena bhforbairt ghinearálta choigneolaíoch agus a sóisialú de réir a chéile. Ag brath ar an timpeallacht ina bhfuil cónaí orthu, beidh difríochtaí idir pháisti ina dtaithí luath agus beidh tionchar aige seo ar shealbhú teanga, mar shampla maidir leis na focail a bheidh ar eolas acu, an bealach ina gcuireann siad abairtí le chéile agus an bealach ina mbaineann siad úsáid as graiméar.

Ar an dtaobh eile den scéal, tá sealbhú dara teanga difriúil:

- Ach amháin má thosaíonn sé go luath i saol an pháiste, níl sealbhú dara teanga ina chuid de phríomhfhorbairt chognaíoch an fhoghlaimeora.
- Tá i bhfad níos lú ama ag foghlaimeoirí, de ghnáth, do shealbhú dara teanga ná mar a bhí don chéad teanga.
- Dá dhéanaí a thosaíonn sealbhú dara teanga is ea is mó gá próiseas aon toisc a bheith ann.
- Dá dhéanaí a thosaíonn sealbhú dara teanga is ea is mó a bhfuil tionchar ag fachtóirí gríosaithe air.
- Go fo-chomhfhiosach, aistríonn foghlaimeoirí dara teangacha tréithe gramadaí (léacsach, comhréire, fóneolaíoch) na céad teanga don dara teanga.
- I gcomparáid le cainteoirí dúchais, tá eolas gramadaí fhoghlaimeoirí dara teanga neamhiomlán, go háirithe ag céimeanna luath d'fhoghlaim teanga. (Leasaithe ó *Integrate Ireland Langauge and Training, Language Training Manual.*)

Meastar go bhfuil buntáistí áirithe ag dara teanga do dhaltaí, lena n-áirítear feabhsú ar fhorbairt chognaíoch agus méadú ar chumas chun teangacha eile a fhoghlaim ina dhiaidh sin (Baker, C. agus Prys Jones, S. 1998).

In iarbhunscoileanna in Éirinn, múintear Gaeilge mar chéad agus mar dhara teanga. Tá an-chuid cosúlachtaí idir múinteoireacht an Bhéarla agus na Gaeilge mar dhara teangacha. Is féidir na saintréithe a léirítear do mhúineadh na Gaeilge mar dhara teanga a úsáid freisin do mhúineadh an Bhéarla mar dhara teanga. Seo a leanas iad:

- cinntiú go bhfuil foghlaimeoirí cumasach go leor le páirt a ghlacadh sa tsochaí dátheangach
- féinmhuinín a fhorbairt trí thuiscint ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann agus agus feasacht chultúrtha a fhorbairt chun cruthaitheacht, fiontraíocht agus nuálacht a chothú
- forbairt chognaíoch a fheabhsú le cumas dátheangach
- tuiscint a fhorbairt ar nádúr teanga agus foghlaim teanga
- fobairt phearsanta agus sóisialta fhoghlaimeoirí a chothú
- tuiscint a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar nádúr na cumarsáide
- cumas samhlaíochta agus cruthaitheachta fhoghlaimeoirí a fhorbairt tré fhreagairt do raon de théacsanna, ábhair agus gníomhartha liteartha agus cultúrtha
- tuiscint na bhfoghlaimeoirí ar chultúr agus amhráin dúchais a chothú.

(Siollabas Gaeilge don Teastas Sóisearach 66.6-7.)

### Gaeilge

Tré idirghníomhaíocht idir teanga agus taithí foghlaimíonn mic léinn conas ainm a chur ar ócáidí agus tuairimí, agus conas ciall a dhéanamh den domhan timpeall orthu. Tá sé seo tábhachtach ach go háirithe i gcomhthéacs Ghaelcholáistí nó scoileanna Gaeltachta. Forbróidh mic léinn i scoileanna dá leithéid dearcadh agus cumais idirchultúrtha trí fhoghlaim teanga agus gnéithe eile den churaclam. Sa chomhthéacs seo, is féidir cúram a ghlacadh nuair a roghnaítear dánta, scéalta, litríocht, staidéir

cásanna, ról-imirt agus ábhair comhrá chun téamaí agus ábhair an oideachais idirchultúrtha a léiriú.

I scoileanna Béarla, foghlaimíonn mic léinn Gaeilge mar dhara teanga. Tá eolas agus taithí ar an nGaeilge chomh maith le dearcadh dearfach i leith na Gaeilge tábhachtach i gcuidiú leis an mac léinn a f(h)éiniúlacht cultúrtha a chur in iúl. Tá sé riachtanach, mar sin, gur taithí dhearfach atá ann i bhfoghlaim na Gaeilge dos na mic léinn ar fad i scoileanna na hÉireann. Tá páirt lárnach aige seo i gcuidiú leis an mac léinn teagmháil dearfach agus idirchultúrtha a dhéanamh le cultúir eile.

Tugann foghlaim na Gaeilge deis freisin don mhac léinn luach chleachtas an iltheangachais a aithint, tuiscint a fháil air, agus cleachtas a fháil air, cleachtas atá coitianta in an-chuid tíortha agus cultúir ar fud an domhain. De réir mar a oibríonn mic léinn chun a gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt, tugtar deis dóibh tuiscint agus ionbhá a fháil ar na deacrachtaí agus dúshlán atá os comhair na ndaoine a oibríonn trí theanga nach teanga dúchais í. Is féidir le foghlaim teanga eile cur le haitheantas agus luach na hilghnéitheachta.

Is féidir le mic léinn áirithe díolúine a fháil ó fhoghlaim na Gaeilge faoi réir Chiorclán 10/94 de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Ag an am céanna, tá sé de cheart ag gach mac léinn laistigh de chóras oideachais na hÉireann Gaeilge a fhoghlaim. Toisc gur saintréith í an Ghaeilge d'fhéiniúlacht agus cultúr na hÉireann, is féidir leis radharc luachmhar a thabhairt ar fhéiniúlacht Éireannach. Ina theannta sin tá seans go mbeidh ar an mac léinn cáilíocht nó caighdeán ar leith sa Ghaeilge a fháil níos déanaí sa saol. Mar thoradh air seo ba chóir go dtabharfaí tacaíocht do thuismitheoirí nó caomhnóirí an mhic léinn machnamh cúramach a dhéanamh ar na nithe ar fad sula ndéantar cinneadh ar chur isteach ar an díolúine.

### Béarla mar dhara teanga

Tá mic léinn ó raon de chúlraí éagsúla ag foghlaim Béarla mar dhara teanga i scoileanna na hÉireann, lena n-áirítear

- mic léinn a bhfuil Gaeilge mar theanga dúchais acu agus a d'fhás aníos sa Ghaeltacht
- mic léinn nach é an Béarla teanga na muintire ach a d'fhás aníos i gceantar Béarla
- mic léinn atá tagtha le déanaí ó thír nach labhraítear Béarla inti.

Is féidir éagsúlacht shuntasach a bheith ann i leibhéil líofachta sa Bhéarla ar dhul isteach san iarbhunscoil, ag brath ar an gcomhthéacs. Caithfear cúram a dhéanamh le cumas an mhic léinn sa Bhéarla mar dhara teanga a mheas, ag aithint, cé go bhféadfadh an cuma a bheith ar mhac léinn a bheith réasúnta líofa sa dara teanga in idirghníomh an lae, nach gá gurb ionann sin agus a rá go mbeidh an cumas acu obair go líofa sa teanga sin i gcomhthéacsanna teicniúla, (mar shampla in ábhair ar nós Eolaíocht nó na hábhair teicneolaíochta) nó nuair atá tascanna casta á dhéanamh, mura mbíonn tacaíocht chuí ann.

Nuair a théann mic léinn isteach san iarbhunscoil agus gan ach beagán líofachta teanga acu sa Bhéarla , tá siad faoi mhíbhuntáiste do roinnt cúiseanna. Ní hé amháin gur dúshlán atá sa teanga don mhac léinn nuathagtha, ach d'fhéadfadh struchtúir, polasaithe agus cleachtais na scoile a bheith an-difriúil. Chomh maith leis na bacanna teanga tá iliomad miondifríochtaí cultúrtha a chuireann dúshláin nua rompu. Is féidir deacrachtaí inspreagtha a bheith ann nuair a bhíonn ar dhuine teanga nua a fhoghlaim i dtimpeallacht ina bhfuil gach rud difriúil.

Tarlaíonn an chéim is tábhachtaí ó thaobh na foghlama teanga ag an am céanna nuair a thosaíonn said ar scoil. Tá tacaíocht de dhíth orthu le muinín a fhorbairt i dtimpeallacht na scoile agus caithfidh an tacaíocht teanga a fhaigheann siad deiseanna a thabhairt dóibh a gcuid dul chun cinn féin a mheas agus mothúchán feabhais a fhorbairt.

Cé nach mbeidh ach fíorbheagán Béarla ag mic léinn nua, uaireanta, agus cé go bhféadfadh gur cuireadh isteach ar a gcuid oideachais mar thoradh ar na cúinsí a bhaineann lena n-imirce, tá sé tábhachtach go gcuirtear iad le mic léinn ar chomhaois leo nuair a thagann siad chun na scoile. Go ginearálta, tá níos mó inspreagadh do mhic léinn an teanga nua a fhoghlaim nuair a bhfuil riachtanas cumarsáide ann do dhaoine ar chomhaois leo, nuair atá said páirteach in imeachtaí atá oiriúnach don aois agus nuair a spreagann eolas agus scileanna nua iad. I gcásanna áirithe ní oireann seo, mar shampla nuair atá rang scrúdaithe ann.

## AG TACÚ LE FOGHLAIM DARA TEANGA SA SEOMRA RANGA

### An duine nua a chur i láthair ar theacht isteach sa rang

Tá sé tábhachtach nuair a théann mac léinn isteach sa rang don chéad uair go ndéanfar tagairt dá c(h)umas teanga ar bhealach dearfach. Mar shampla, d'fhéadfaí é/í a chur i láthair mar Thierry a labhraíonn Fraincis go líofa, a bhfuil beagán Béarla aige agus atá ag foghlaim Gaeilge, murab ionann agus a rá gurb é seo Thierry agus ní labhraíonn sé Béarla nó Gaeilge. Is féidir ionbhá a fhorbairt do staid an mhic léinn tré thagairt a dhéanamh don fhírinne go bhfuil an chuid is mó de na mic léinn ag foghlaim Gaeilge nó Béarla mar dhara teanga agus nach bhfuil sé éasca i gcónaí páirt a ghlacadh i rang nach múintear inár gcéad teanga. Ba chóir mic léinn eile a spreagadh le tacú le foghlaimeoirí teanga agus am a thabhairt dóibh a scileanna a fhobairt sa dara teanga, gan iad a mhagadh nuair a dhéanann siad botúin.

Is féidir mic léinn a spreagadh chun tacú go gníomhach le foghlaimeoirí teanga freisin, tré thuiscint gur féidir leo cuidiú le foghlaimeoirí teanga an teanga sa seomra ranga a thuiscint. Is féidir leis na mic léinn iad féin tuairimí iontacha a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt dá gcomhghleacaithe sa rang, go háirithe má chuirtear é i gcomhthéacs an rud a chuideodh leo dá mbeadh orthu páirt a ghlacadh i rang tíreolaíochta nó matamaitice trí dhara teanga (mar shampla, Béarla nó Gaeilge, mar a oireann).

### An seomra ranga mar seomra ranga teanga

Ní múinteoirí tíreolaíochta nó matamaitice amháin iad na múinteoirí, ach is múinteoirí teanga iad agus is seomraí ranga teanga iad a seomraí ranga.

Is é an rud is tábhachtaí is féidir le múinteoir a dhéanamh d'fhoghlaimeoir dhara teanga ná dearcadh dearfach a thaispeáint i leith teanga agus ilghnéitheacht teangeolaíochta agus é seo a léiriú dos na mic léinn eile sa rang. Is féidir le múinteoirí atá sa suíomh seo don chéad uair a bheith buartha agus faiteach, ach tá céimeanna simplí is féidir leis an múinteoir sa seomra ranga a thógáil le timpeallacht seomra ranga a chruthú a thugann tacaíocht don fhoghlaimeoir dara teanga.

### Clár pleanáilte tacaíochta

Tá clár pleanáilte tacaíochta de dhíth ar mhic léinn atá ag foghlaim trí dara teanga ar dhul isteach san iarbhunscoil dóibh. Beidh pleanáil comhoibreach i gceist idir múinteoirí ábhair, an múinteoir tacaíochta teanga agus na tuismitheoirí. Is féidir éifeachtúlacht na tacaíocht teanga seo a mhéadú tré thosaíocht a thabhairt do theanga a chuideoidh le foghlaimeoirí an curaclam a rochtain. Tá sé tábhachtach a thuiscint freisin gur féidir le mic léinn nua-thagtha nach í teanga na hoiliúna a gcéad teanga dul trí thréimhse ciúnais a fhad is a bhíonn siad ag dul i dtaithí ar an dtimpeallacht nua.

### Deiseanna dul i dteagmháil níos mó leis an gcuraclam

Toisc go bhfuil am teoranta ag múinteoirí tacaíochta teanga lena ndaltaí, ní mór mic léinn a chur ag baint úsáide as an sprioctheanga i suímh réalaíocha.

Is féidir go mbeidh foghlaimeoirí in ann feidhmiú go maith i réimsí áirithe den churaclam má tá múinteoirí ar an eolas faoina riachtanais agus má chuireann siad timpeallacht foghlama oiriúnach dóibh inar féidir leo ábhar agus scileann nua a fhoghlaim agus eolas ar an teanga a fháil ag an am céanna. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh múinteoirí ábhar i láthair atá

dúshlánach ó thaobh tuisceana de agus neadaithe sa chomhthéacs freisin. Ba chóir a chinntiú go bhfuil gníomhartha agus áiseanna físe in éineacht leis na ceachtanna agus na treoracha a thugann comhthéacs lena thuiscint a bhfuil á mhúineadh.

### Aitheantas do thábhacht chéad teangacha na mac léinn

Leantar de thábhacht chéad teangacha mac léinn ina bhforbairt teanga, sóisialta agus coigníoch. Mar sin tá sé tábhachtach go dtapódh an scoil gach deis chun meas a bheith ar theangacha dúchais na mac léinn agus forbairt leanúnach na dteangacha seo a chothú, nuair is féidir.

Is féidir é seo a dhéanamh ar roinnt bhealaí:

- Ba chóir tuismitheoirí a spreagadh le comhrá lena bpáistí ina dteanga dúchais sa bhaile. Uaireanta déanfaidh tuismitheoirí iarracht an teanga dúchais a chaitheamh díobh agus iad ag iarraidh a bpáistí a thomadh sa teanga oiliúna.
- Ba chóir gach iarracht a dhéanamh teangacha phobal na scoile a chur san áireamh i gcomharthaí agus fógraí mórthimpeall na scoile. Mar shampla, d'fhéadfaí fógra fáilte agus comharthaí don oifig scoile/oifig fáilte a thaispeáint i dteangacha uilig phobal na scoile. D'fhéadfaí iarracht ar leith a dhéanamh ag ócáidí móra ar nós cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí, oícheanta oscailte, bronnadh na nduaiseanna, srl.
- Ba chóir don scoil mic léinn, tuismitheoirí agus baill eile den phobal a mhealladh le cabhrú le haistriúcháin, nuair is cuí.
- Ag ócáidí cultúrtha ar nós ceolchoirmeacha scoile, bronnadh, srl. ba chóir úsáid na dteangacha ar fad a spreagadh.
- Ba chóir mic léinn a spreagadh chun mórtas a bheith acu i bhfocail as a dteanga féin a úsáid, mar shampla, iarraidh ar mhac léinn a mhíniú don rang cén chaoi a d'fhéadfaí nath ar leith a rá i dteanga an mhic léinn féin. (Nóta: Beidh mic léinn áirithe ann nach mbeidh compordach é seo a dhéanamh. Beidh an múinteoir in ann a fháil amach cé acu an mbeadh an mac léinn sásta sin a dhéanamh agus cén uair.)

**Roinnt treoirlínte simplí chun timpeallacht iltheangach a bhunú sa seomra ranga**

- Tá sé tábhachtach go mbeadh an múinteoir ar an eolas faoina (h)úsáid teanga féin:
  - Úsáid níos lú focal ná mar a dhéanfá de ghnáth.
  - Déan athrá agus athfrású.
  - Úsáid léirithe láimhe agus aghaidhe.
  - Cuir béim ar fhocail thábhachtacha.
  - Déan samhail nó taispeántas.
- Cinntigh go bhfuil treoracha soiléir agus loighciúil.
- Úsáid comharthaí pictiúir nó iltheangacha (seachas iad siúd scríofa in aon teanga amháin) sa seomra ranga.
- Léirigh meonta dearfacha don fhoghlaim dara teanga.
- Spreag mic léinn le focail agus nathanna óna dteanga dúchais a roinnt agus, más féidir, foghlaim agus úsáid nathanna simplí sa teanga sin.
- Déan caidreamh leis an múinteoir tacaíochta teanga le comhoibriú ar imeachtaí ar féidir leis an bhfoghlaimeoir teanga páirt a ghlacadh iontu chun an curaclam a rochtain. Tá sé úsáideach freisin na nithe atá le teacht aníos sa rang a phlé leis an múinteoir tacaíochta teanga, sa chaoi is go mbeidh an mac léinn ullmhaithe dos na réimsí nua.
- Cinntigh go ndéanann tú teagmháil dhíreach rialta leis an mac léinn.
- Bí solúbtha i do shocruithe grúpála. Uaireanta bíonn sé úsáideach mic léinn a ghrúpáil le chéile i ngrúpaí measctha chun ilghnéitheacht an tseomra ranga a léiriú, agus ag amanna eile bheadh sé níos úsáidí mic léinn a ghrúpáil le daoine eile a labhraíonn an teanga céanna.
- Déan cinnte go mbíonn an mac léinn gafa go gníomhach i gcónaí. Cé gur féidir é seo a bheith deacair ar dtús, tá sé an-tábhachtach don mhac léinn nua a mhothú go bhfuil sé nó sí páirteach sa rang.
- Cuir ábhair léitheoireachta iltheangacha ar fáil.
- Cuir na mic léinn ar fad san áireamh i dtacú go gníomhach le foghlaim dara teanga.
- Spreag mic léinn in úsáid láithreán idirlín a thacóidh le foghlaim dara teanga.

**Tacaíochtaí ar fáil**
Cuireann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tacaíocht teanga ar fáil do mhic léinn i scoileanna Gaeltachta, nach bhfuil Gaeilge mar theanga dúchais acu, trí Scéim na gCúntóiri Teanga.

Oibríonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta córas tacaíochta teanga i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna do mhic léinn nach bhfuil Béarla acu. Cuirtear oiliúint ar fáil do mhúinteoirí tacaíochta Béarla trí Integrate Ireland Langauge and Training (IILT). Tá na tacuithe atá ar fáil ó IILT dírithe ar Phríomhoidí agus ar Mhúinteoirí Tacaíochta Teanga agus áirítear:

- Tagarmharcanna Chumais Teanga Béarla—bunscoil agus iarbhunscoil
- Punann Teanga Eorpach—bunscoil agus iarbhunscoil
- Seimineáir inseirbhíse do mhúinteoirí tacaíochta teanga—bunscoil agus iarbhunscoil
- Áiseanna tacaíochta do mhúinteoirí (ar fáil tríd an gclár inseirbhíse), lena n-áirítear:
  - áiseanna múinteoireachta Béarla is féidir a chóipeáil
  - áiseanna ábhar-bhunaithe
  - bileoga eolais ar raon ábhar gaolta le Béarla mar dhara teanga a mhúineadh i scoileanna na hÉireann
  - treoracha ar leith, mar shampla ar ghnáththéacsanna scoile a úsáid do thacaíocht teanga Béarla i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna
  - uirlisí measúnaithe agus taifeadta.

# Gluais agus Leabharliosta

# GLUAIS

### Cine

Focal a úsáidtear go forleathan le cur síos ar ghrúpaí daoine a mheastar a bheith scartha go bitheolaíoch, gan aon bhunús géiniteach nó bitheolaíoch.

### Ciníochas aonair

Caitheamh níos measa le duine ar bhonn a fhoinse chultúrtha.

### Ciníochas indíreach

Cleachtais agus/nó polasaithe nach bhfuil an cuma orthu go gcuireann said grúpa faoi mhíbhuntáiste ach a bhfuil tionchar idirdhealaitheach acu.

### Ciníochas institiúide

Cur i bhfeidhm rialacha agus/nó cleachtais ghinearálta nach ndéanann soláthar do dhifríochtaí cultúrtha, lena n-áirítear idirdhealú indíreach, easpa bearta onnghníomhacha chun idirdhealú a chosc, easpa oiliúna nó scileanna gairmiúla chun plé le hilghnéitheacht, agus easpa áiseanna chun comhchomhairle a dhéanamh le mionlaigh.

### Ciníochas/idirdhealú ciníoch

Aon difreáil, eisiamh, cosc, nó fábhar bunaithe ar chine, dath, ginealach, nó foinse náisiúnta nó eitneach, a bhfuil sé d'aidhm aige nó de thoradh air go gcuirtear ar ceal nó go gcuirtear bac ar aitheantas nó úsáid, ar bhonn comhionann, de chearta daonna agus de shaoirse bunúsacha sa ghnéith polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha nó aon ghnéith eile de shaol poiblí.

### Claontacht

Caitheamh go mífhábharach, gan chúis, le duine nó grúpa a dhéantar chun an duine nó an grúpa sin a bheith thíos leis (go minic bunaithe ar bhallraíocht de ghrúpa sóisialta nó eitneach eile ach freisin go minic bunaithe ar ghnéas, claonadh gnéis, reiligiún, stádas socheacnamaíochta, aois agus míchumas).

### Cultúr

Creidimh, iompraíocht, teanga, agus bealach saoil atá ag grúpa ar leith de dhaoine ag am ar leith.

### Cumas idirchultúrtha

Cumas luachanna an oideachais idirchultúrtha a chur i bhfeidhm inár saol laethúil.

### Curaclam folaithe

Murab ionann agus curaclam foirmeálta.

### Iarrthóir tearmainn

Duine atá ag feitheamh go ndéantar próiseáil ar iarratas chun tearmann a fháil, tar éis dóibh teitheadh ó ghéarleanúint nó cogadh.

### Idirdhealú/difreáil

Breith nó rogha a dhéanamh.

### Idirdhealú éagórach

Caitheamh go mífhábharach le duine nó grúpa.

### Inimirce

Imirce dhaoine isteach i dtír.

### Iolrachas

Éagsúlacht a cheiliúradh sa tsochaí, ag ceadú do ghrúpaí eitneacha agus mionlaigh eile ar fad a bhféiniúlachtaí a fhógairt gan teacht i gcoimhlint leis an dtromlach.

### Mic léinn nuathagtha

Mic léinn a thagann isteach i seomra ranga ó thír nó cúlra atá difriúil ó thromlach na mac léinn sa seomra ranga.

### Mionlach eitneach/eitneachas

Córas chun sainmhíniú a thabhairt ar dhaoine a mheasann iad féin nó a mheastar a bheith ag roinnt cnuasach de thréithe coitianta atá difriúil ó dhaoine eile ina gcónaí i sochaí.

### Oibrithe inimirceacha

Daoine a thaistealaíonn go tíortha eile le fostaíocht a fháil.

### Oideachas frith-chiníoch

Oideachas a cheistíonn  agus a chuireann i gcoinne aon tuairimí nó gníomhartha a chuireann grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar bhunús difríochta a mheastar a bheith ann, agus ag glacadh leis nach bhfuil siad chomh maith le daoine eile.

### Oideachas idirchultúrtha

Oideachas a léiríonn meas agus aitheantas do ghnáthacht na hilghnéitheachta sa saol daonna, a chothaíonn comhionannas agus cearta daonna, a throideann i gcoinne idirdhealaithe éagóraigh, agus a sholáthraíonn na luachanna ar a dtógtar an comhionannas.

### Oideachas ilchultúrtha

I gcomhthéacs na cáipéise seo, oideachas a aithníonn agus a cheiliúrann ilghnéitheacht chultúrtha shochaí an lae inniu, tré mic léinn ar fad a oiliúint i nósanna sóisialta agus cultúrtha na mionlach eitneacha, sa chaoi is go mbeidh tuiscint agus meas níos fearr acu ar dhaoine a bhfuil cúlra difriúil acu.

### Pleanáil téamach chomhtháite

Téamaí éagsúla, téamaí idirchultúrtha i gcomhthéacs na cáipéise seo, a chomhtháthú san réimsí d'ábhair a mhúintear ar scoil.

### Próifíliú dearfach

Cineál measúnaithe

- a scrúdaíonn réimse iomlán de chumais agus iompraíochtaí an mhic léinn
- a chuireann san áireamh raon de bhealaí éagsúla chun sonraí a bhailiú
- a thaifeadann cad is féidir le mac léinn a dhéanamh.

### Steiréitíopáil

Íomhá de dhuine, grúpa nó cultúr a chur i láthair, bunaithe ar raon de ghníomhartha, tréithe nó iompraíochtaí a mheastar a bheith acu.

### Teifeach

Duine a theith óna t(h)ír dúchais, go minic mar thoradh ar thubaistí nádúrtha, cogadh nó faitíos roimh ghéarleanúint chreidimh, ciníoch nó polaitiúil.

### Trialacha caighdeánaithe

Trialacha (go mór mór i mBéarla agus Matamaitic) a bhfuil caighdeán leagtha síos dóibh thar daonra ar leith agus a úsáidtear de ghnáth chun feidhmíocht pháistí a mheas i gcomhthéacs leibhéil feidhmíochta an daonra níos leithne.

### Trialacha diagnóiseacha

Trialacha a ligeann don mhúinteoir agus don scoil réimsí ar leith deacrachta a aithint do pháiste agus an t-eolas seo a úsáid chun foghlaim an pháiste a phleanáil.

# LEABHARLIOSTA


**American Educational Research Association**

*Standards for educational and psychological testing*
American Educational Research Association, 1999

**Bailey**

*Teaching Values and Citizenship across the Curriculum* Dept. of Education and Employment, UK
1998

**Baker, C. and Prys Jones, S.**

*Encyclopaedia of bilingualism and bilingual education*
Clevedon, Multilingual Matters, 1998

**Central Statistics Office**

*Census 2002,*
*Principal Demographic Results*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 2003

**Coelho, E.**

*Teaching and Learning in Multicultural Schools—An Integrated Approach*
Philadelphia, Multicultural Matters Ltd., 1998

**Cohen, E.G.**

*Designing Group work—Strategies for the Heterogeneous Classroom (Second Edition)*
New York, Teacher College Press, 1994.

**Commission on the Future of Multi-Ethnic Britain**

*The Future of Multi-Ethnic Britain (The Parekh Report)*
London, Profile Books, 2000

**Committee of Inquiry into the Education of Children from Ethnic Minority Groups**

*West Indian children in our schools: interim report of the Committee of Inquiry into the Education of Children from Ethnic Minority Groups: The Rampton Report*
London, Her Majesty's Stationery Office, 1981

**CORI**

*Inequality in Education—The Role of Assessment and Certification*
Baile Átha Cliath, CORI, 1998

**Covey, S**

*The 7 Habits of Highly Effective People*
London, Simon and Schusler, 1998

**Crosscare**

*Celebrating Difference: An Intercultural Resource for Senior Primary Classes*
Ionad Múinteoirí, an Charraig Dhubh, agus Crosscare, 1996

**Deman-Sparks, L. and the A.B.C. Task Force**

*Anti-Bias Curriculum Tools for Empowering Young Children*
Washington D.C., NAEYC, 1989

**ESRI/NCCA**

*Moving Up—The experience of first year students in post-primary education.*
Baile Átha Cliath, Liffey Press, 2004

**Finders, M. and Lewis, C.**

'Why Some Parents Don't Come to School', *Educational Leadership*, 51

**Integrate Ireland Language and Training**

*Language Training Manual*
Baile Átha Cliath, IILT

**Éire, An Roinn Oideachais**

*Charting Our Education Future—The White Paper on Education*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1995

**Éire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

*School Planning: Developing a School Plan—Guidelines for Post Primary Schools*
Bookfield Printing Company, 1999

**Éire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

*Guidelines on Traveller Education in Second Level Schools*
Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 2002

**Éire, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**
*Information Booklet for Schools on Asylum Seekers*
Roinn Oideachais agus Eolaíochta

**Éire, An Roinn Fiontair agus Fostaíochta**
*Employment and migration figures*
www.entemp.ie

**Johnson, D. and Johnson, R.**
*Teaching Children to Be Peacemakers*
Minnesota, Interaction Book Company, 1995

**The Joint Committee on Standards for Educational Evaluation**
*The Student Evaluation Standards—How to Improve Evaluations of Students*
London, Corwin Press, Sage Publications, 2003

**Lidz, C.S.**
*Handbook for Multicultural Assessment*

**Loyal, S. and Mulcahy, A.**
*Racism in Ireland: The Views of Black and Ethnic Minorities*
Baile Átha Cliath, Amnesty International Irish Section, 2001

**Lynch, Kathleen Equality in Education**
Baile Átha Cliath, Gill and Macmillan, 1999

**Mac Gréil, M.**
*Prejudice in Ireland Revisited*
Maigh Nuad: Aonad Suirbhé agus Taighde. Coláiste Phádraig, 1996

**MacLachlan, M. and**
*Cultivating Pluralism*
Baile Átha Cliath, Oak Tree Press, 2000

**Liz Morris and Susanna Coghlan (Editors)**
*Cross-Currents A guide to multicultural books for young people*
Baile Átha Cliath, IBBY Ireland, 2005

**O'Connor, N.**
*Bringing it all Back Home, The Influence of Irish Music (2nd Edition).*
Baile Átha Cliath, Merlin Publishing, 2001

**Office of the High Commissioner for Human Rights**
*Convention on the Rights of the Child*
http://www.unhchr.ch/html/menu3/b/k2crc.htm
Office of the High Commissioner for Human Rights
*Declaration on Race and Racial Prejudice*
http://www.unhchr.ch/html/menu3/b/d_prejud.htm

**Office of the High Commissioner for Human Rights**
*International Convention on the Elimination of All Forms of Racial Discrimination*
http://www.unhchr.ch/html/menu3/b/d_icerd.htm

**Parekh, B.**
*'The Concept of Multicultural Education' in Mogdil, S. et al. (eds.) Multicultural Education, the Interminable Debate*
Lewes and Philadelphia, Falmer Press, 1986

**Regan, C. and Tormey, R.**
*'Migration and Development: No Papers, No Voice, No Rights' in Regan, C. (ed.) 80:20 Development in an Unequal World*
Bray, 80:20 Educating and Acting for a Better World, 2002

**Sheehy, Maureen**
*Partners Companion to Training for Transformation*
Baile Átha Cliath, Partners, Training for Transformation, 2001

**Sizuki, L. et al. (eds.)**
*Handbook of Multicultural Assessment, Second Edition. Clinical, Psychological and Educational Applications*
San Francisco, Jossey-Bass, 2001

# LEABHARLIOSTA


**Task Force on the Travelling Community**

*Report of the Task Force on the Travelling Community*
Baile Átha Cliath, Oifig an Stáiseanóireachta, 1995

**Thalhammer, E. et al.**

*Attitudes towards Minority Groups in the European Union*
Vienna. SORA
http://europa.eu.int/comm/public_opinion/archives/eb/ebs_138_analysis.pdf

**Tomalin, B and Stempleski, S**

*Cultural Awareness*
Oxford University Press, 1993

**Tormey, R (ed.)**

*Teaching Social Justice*
Ionad um Thaighde Mhíbhuntáiste Oideachais/Ireland Aid, 2003

**United Nations**

*Universal Declaration of Human Rights*
http://www.un.org/Overview/rights.html

**Zaslavsky, C.**

*The Multicultural Math Classroom—Bringing in the World*
New Hampshire, Hinemann, 1996

## OSSP

### OSSP ar líne
Láithreán ar leith do mhúinteoirí agus mic léinn OSSP www.trocaire.org
Ábhair oideachais ó Chomhairle na hEorpa www.coe.int/
Ábhair oideachais ag nascadh cúrsaí áitiúla agus domhanda www.globaldimension.org.uk/

### Counted Out—Poverty Awareness Resource for Civic, Social and Political Education
(2001) CDVEC CDU/Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine
Sa phaca seo tá imeachtaí sheomra ranga ar steiréitíopáil agus claontacht, cearta daonna agus bochtanas sa lá atá inniu ann.
Ar fáil ón Aonad Forbartha Churaclaim, Bóthar Grianréime, Cromghlinn, BÁC 12.
R-phost: info@cdu.cdvec.ie

### Changing Perspectives—Cultural Values, Diversity and Equality in Ireland and the Wider World
Trí réimse de ghníomhartha scrúdaíonn mic léinn a dtuairimí agus íomhá d'fhéiniúlacht, sochaí, steiréitíopaí na hÉireann, agus radharc domhanda.
Ar fáil ón Aonad Forbartha Churaclaim, Bóthar Grianréime, Cromghlinn, BÁC 12.
R-phost: info@cdu.cdvec.ie

### The Pavee Pack—Ireland, Cultural Diversity and Travellers
Áis úsáideach chun féiniúlacht, lipéadú, steiréitíopáil agus cearta daonna a scrúdú le tagairt ar leith do staid an Lucht Siúil in Éirinn sa lá atá inniu ann.
Ar fáil ó Ionaid Acmhainní Trócaire nó r-phost: resources@trocaire.ie

### Wananchi
Dírithe ar na naisc idir Éire agus an domhain ag forbairt. Scrúdaítear téamaí an idirspleáchais agus forbairt daonna trí réimse gníomhartha agus bileoga oibre do mhic léinn.
Ar fáil ó 80:20.
R-phost: info@8020.ie

### What? Me a Racist
(1998) Coimisiún Eorpach.
Leabhar grinn do dhaoine óga chun scrúdú a dhéanamh ar chiníochas agus claontacht.
Ar fáil ó oifig Choimisiún na hEorpa i mBaile Átha Cliath (www.euireland.ie)

### A Journey Through Europe—A Citizenship Education Pack
Tugann an paca seo cuireadh do mhic léinn ceisteanna a chur faoin mbrí atá ann le bheith id' Éireannach agus id' Eorpach?
Ar fáil ó sheirbhís tacaíochta OSSP.

## TÍREOLAÍOCHT

### 80:20 Development in an Unequal World (2002)
Áis an-úsáideach lán d'fhíricí agus eolas ar an domhan ina bhfuil cónaí orainn.
Ar fáil ó 80:20.
R-phost: info@8020.ie

### Exploring our World—An active learning geography resource
(2001) One World Centre, Tuaisceart Éireann.
Acmhainn gníomh-bhunaithe ag scrúdú an neamhchomhionannais, idirspleáchas, trádáil, cúnamh, mná, teifigh agus iarrthóirí tearmainn.
Ar fáil ó One World Centre, Béal Feirste.
R-phost: info@owcni.org.uk

### The World Guide 2005/2006.
New Internationalist
Tugann an treoir bhliantúil seo eolas nuashonraithe ar 217 tír le cairteanna, léarscáileanna agus staitisticí.
Ar fáil ó Oxfam.
R-phost: oxfam@bebc.co.uk

### Geography: The Global Dimension (2004)
Development Education Association (DEA), London. Is féidir é a íoslódáil ó www.geography.org.uk/global

# ACMHAINNÍ SHEOMRA RANGA

## ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH, IDIRBHLIAIN AGUS CLÁR GAIRME NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

**Compass—A manual on human rights education with young people (2002)**
Council of Europe Publishing.
San acmhainn chuimsitheach seo tá imeachtaí do dhaoine óga ar théamaí lena n-áirítear comhionannas gnéis, na meáin, sláinte agus spórt.
Ar fáil ó Amnesty International, Irish Section. R-phost: info@amnesty.ie

**The Rights Stuff—an educational resource on the UN Convention on the Rights of the Child**
(1998) DEFY/Trócaire/Amnesty International
Acmhainn ghníomhach foghlama, a scrúdaíonn cearta pháistí in áiteanna éagsúla ar domhan.
Ar fáil ó Ionaid Acmhainní Trócaire nó r-phost: resources@trocaire.ie

**Rising to the Challenge—A resource file for teaching contemporary issues**
(2002) CDVEC/LCA Seirbhís Tacaíochta
An-saibhreas ábhair chun cuidiú le múinteoirí tuiscint níos fearr a thabhairt do mhic léinn LCA ar chearta agus freagraíochtaí daonna agus na rudaí is féidir leo a dhéanamh maidir le cearta sóisialta.
Ar fáil ón Aonad Forbartha Churaclaim, Bóthar Grianréime, Cromghlinn, BÁC 12.
R-phost: info@cdu.cdvec.ie

**Peace by Piece**
(2003) Comhairle Náisiúnta na nÓg
Baineann an paca seo úsáid as cluichí, ról-imirt agus scéalta chun scrúdú a dhéanamh ar choimhlint, réiteach coimhlinte agus tógáil na síochána ag leibhéal áitiúil agus domhanda.
Ar fáil ó NYCI. R-phost: oow@nyci.ie

## OIDEACHAS REILIGIÚIN

**Faith and Commitment Series**
Religious and Moral Education Press, UK
Tugann gach leabhar fíricí agus eolas ar chreidimh éagsúla domhanda trí thaithí dhaoine aonair.
Ar fáil ó Religious and Moral Education Press.
R-phost: orders@scm-canterburypress.co.uk

**In Words and Pictures**
Religious and Moral Education Press, UK
Cur i láthair ealaíonta ar phríomhchreidimh an domhain scríofa i dteanga shimplí.
Ar fáil ó Religious and Moral Education Press.
R-phost: orders@scm-canterburypress.co.uk

**Painting Life, Painting Hope**
Leabhrán do mhúinteoirí agus cnuasach de phóstaeir áille deartha ag daoine óga i Nicaragua ar théamaí an mhíchumais, cearta daonna, domhan níos fearr, idirspleáchas agus an timpeallacht.
Ar fáil ó Ionaid Acmhainní Trócaire nó r-phost: resources@trocaire.ie

## EOLAÍOCHT AGUS MATAMAITIC

**Global Perspectives in Science (1999)**
Oxfam UK
Tá na gníomhartha sa phaca seo deartha chun a thaispeáint conas a d'fhorbair eolaíocht agus teicneolaíocht ó raon d'fhoinsí ar fud an domhain, m.sh. teicneolaíocht bhithghas na Sine, luach na gCrann Beithe, srl.
Ar fáil ó Oxfam via r-phost: oxfam@bebc.co.uk

**Maths and Human Rights Resource Book**
(1999) Amnesty International, UK
Spreagann na himeachtaí sa leabhar seo mic léinn le cearta daonna a fhiosrú agus ag an am céanna scileanna matamaitice a fhorbairt.
Ar fáil ó Oxfam via r-phost: oxfam@bebc.co.uk

**Summing up the World—Mathematics activities with a global perspective (1994)**
Dorset DEC
Raon leathan de ghníomhartha don seomra ranga a léiríonn conas is féidir matamaitic a úsáid chun fiosrú a dhéanamh ar nithe ar nós na timpeallachta, forbairt eacnamaíocht, ilghnéitheacht chultúrtha agus comhionannas.
Ar fáil ó Oxfam via r-phost: oxfam@bebc.co.uk

**Science: The Global Dimension (2003)**
Development Education Association (DEA), London www.dea.org.uk

## OSPS

### All different—all equal—
### An anti-racism and equality education pack.

Ina bhfuil bileoga oibre agus gníomartha chun cuidiú le daoine óga fiosrú a dhéanamh ar ionannas agus éagsúlacht, ciníochas agus claontacht, agus conas is féidir le daoine óga cur leis an bhfáilte a chuirtear roimh éagsúlacht in Éirinn.
Ar fáil ó NYCI, 3 Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2, 01-4784122, www.youth.ie

### Life Stories—Exploring Identity with Young People.

Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI)
Ina bhfuil scéalta ó dhaoine óga timpeall an domhain agus gníomartha le cuidiú le daoine óga staidéar a dhéanamh ar fhéiniúlacht, éagsúlacht agus ionannas.
Ar fáil ó NYCI, 3 Sráid Montague, Baile Átha Cliath 2, 01-4784122, www.youth.ie

### An Coiste Stiúrtha d'Idirchultúrachas agus an Curaclam

Is mian le CNCM aitheantas a thabhairt d'obair agus treoir an Choiste Stiúrtha d'Idirchultúrachas agus an Curaclam in ullmhú na dtreoirlínte seo do scoileanna.

Tá ionadaíocht ag na heagrais seo a leanas ar an gCoiste Stiúrtha:

African Women's Network

Cumann na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha

Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Aonad Oideachais Forbartha de Development Co-operation Ireland

Integrate Ireland Language and Training

Comhdháil Éireannach na gCeardchumann

Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile

Cumann Múinteoirí Éireann

An Cumann Gairmoideachais in Éirinn

An Comhchomhlacht Bainistíochta

Coiste Náisiúnta Comhairleach ar Chiníochas agus Idirchultúrachas

Coiste Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunscoileanna

Coiste Náisiúnta na dTuismitheoirí—Iarbhunscoileanna

Pavee Point

Gníomhaireacht Fáilte agus Comhtháthaithe, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Cumann Mhúinteoirí na hÉireann

### Comhchomhairle

Chomh maith leis an obair seo a dhéanamh i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara in oideachas, rinne an CNCM comhchomhairle le an-chuid eagraíochtaí agus daoine aonair in ullmhú na dtreoirlínte seo.

### Grianghraif

Ba mhaith leis an CNCM buíochas a ghabháil leis na scoileanna, múinteoirí agus mic léinn a thug cead dúinn grianghraif a ghlacadh agus a úsáid sa cháipéis seo.

Fuair an CNCM cead ó thuismitheoirí/caomhnóirí do rannpháirtíocht a bpáistí sa phróiseas seo.

Grianghrafadóireacht: Paul Kelly

**CNCM**

An Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

**T** + 353 1 661 7177
**F** + 353 1 661 7180

info@ncca.ie
www.ncca.ie

CNCM 2006

NCCA National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science